

NDA

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Tuarascáil Bhliantúil

2021





Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

**TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2021**

Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Forbhreathnú agus comhthéacs beartais	4
Tosaíocht Straitéiseach 1:	11
Tosaíocht Straitéiseach 2:	28
Tosaíocht Straitéiseach 3	40
Tosaíocht Straitéiseach 4:	50
Tosaíocht straitéiseach 5:	61
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021	70
Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2021	110
Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2021	112
Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2021	114
Aguisín 4: Páipéir chomhairle beartais sa bhliain 2021	115

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom an tuarascáil bhliantúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) don bhliain 2021 a thíolacadh don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugtar sa tuarascáil seo forbheathnú ar ghníomhaíochtaí agus aschuir ÚNM le linn na bliana deiridh den Phlean Straitéiseach trí bliana uainn don tréimhse 2019-2021.

Is é an fhís atá againn ná Éire inar féidir le daoine faoi mhíchumas na cearta sibhialta agus polaitiúla atá acu a fheidhmiú, ina mbíonn deiseanna acu páirt a ghlacadh sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, ina mbíonn rogha agus smacht acu maidir leis an dóigh a gcaitheann siad a saol agus ina mbaineann siad a gcumas aonair amach i sochaí agus timpeallacht ina nglactar leis an raon iomlán cineálacha míchumais dhaonna agus éagsúlachta daonna agus ina bhfreastalaítear orthu sin agus ina dtugtar meas orthu. Le linn na bliana 2021, leanamar lenár gcuid a dhéanamh chun obair i dtreo na físe sin. Rinneamar amhlaidh tríd an tiomantas atá againn d'fhaisnéis neamhspleách agus comhairle fhianaisebhunaithe a sholáthar don Rialtas agus d'oifigigh san earnáil phoiblí maidir le beartais agus cleachtais a bhaineann le míchumas. Tá an chomhairle uainn bunaithe ar thaighde, ar anailís sonraí agus ar athbhreithniú ar dhea-chleachtas, mar aon le faisnéis agus foghlaim ó thaithí phearsanta daoine faoi mhíchumas.

Bhí tionchar phaindéim COVID-19 le brath ar fud shochoaí na hÉireann go fóill le linn na bliana 2021. Dhaingníomar modhanna nua oibre laistigh de ÚNM, agus deiseanna á n-éascú againn le haghaidh cian-idirchaidreamh a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Bhí áthas orainn aitheantas a thabhairt dá mhéad a chuir cruinnithe fíorúla leis an gcumas a bhí ag daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh in imeachtaí agus freastal ar imeachtaí, go háirithe na himeachtaí sin ina rabhamar ag iarraidh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine aonair agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chun a gcuid dearcthaí agus eispéireas a thuiscint. Chuir sé sin bonn eolais faoinár gcuid oibre ansin. Is eol dúinn ag an am céanna gurb ann do chuid mhór daoine nach bhfuil aon rochtain acu ar an teicneolaíocht agus a bhraitheann níos aonraithe fós de dheasca na paindéime, mar sin. Leanamar le béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú gur féidir teicneolaíocht inrochtana a chur ar fáil ar fud ár sochaí agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an gcumas atá ag ár ngrúpaí úsáideoirí uile – daoine faoi mhíchumas ina measc – chun idirghníomhú leis an domhan fíorúil.

Bhí cuid mhór dár gcuid oibre i ndáil le paindéim COVID-19 sa bhliain 2021 dírithe ar na nuálaíochtaí agus an fhoghlaim ar féidir leo dul chun tairbhe do dhaoine faoi mhíchumas a ghabháil, agus é mar aidhm againn tacú leis an obair atá ar bun chun 'atógáil chun feabhais' tar éis na paindéime. Leagamar béim ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go dtabharfaidh an téarnamh ón bpaindéim aird iomlán ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus go gcuirfean san áireamh ann na forbairtí dearfacha sin a chumasaigh don ghrúpa sin ról níos gníomhaí a imirt sa tsochaí. Beidh tú in ann tuilleadh a léamh faoi sin sna leathanaigh ina dhiaidh seo, go háirithe an obair a rinneamar chun foghlaim agus nuálaíochtaí a ghabháil ar fud roinnt earnálacha agus an obair a rinneamar chun treoir a fhorbairt do shuíomhanna cúraim cónaithe fhadtéarmaigh lena bhféadfar cáilíocht na beatha a uasmhéadú agus rialú ionfhabhtuithe a fheabhsú ag an am céanna.

Agus í ar an mbliain deiridh den Phlean Straitéiseach don tréimhse 2019-2021, b'oiriúnach an rud é go rabhamar in ann dhá phíosa an-suntasach oibre a fhoilsiú le linn na bliana 2021 ar théama na fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. Mar chuid den chomhpháirtíocht taighde atá ar bun againn leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), chistíomar tuarascáil maidir le fostaíocht agus leibhéal scileanna i measc daoine faoi mhíchumas. Cé go raibh na fionnachtana an-ghruama, á léiriú go bhfuilimid in Éirinn i bhfad ar chúl ár macasamhlacha san Eoraip agus san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), tá luach mór ar an tuarascáil maidir le haird a dhíriú ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas, ar réimse an-tábhachtach é.

A bhuí leis an gcomhpháirtíocht atá ar bun againn le ECFE, bhíomar in ann tuarascáil eile a sholáthar maidir le fostú daoine faoi mhíchumas, rud inar iniúchadh na deiseanna atá ann aghaidh a thabhairt ar an difríocht sin. Féachadh sa tuarascáil sin ar an dóigh a bhféadfadh an stát idirchaidreamh le fostóirí a chothú agus a chur ar aghaidh chun feabhas a chur ar na torthaí margadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas. Táimid ag tnúth lena bheith ag obair go dlúth leis na geallsealbhóirí iomchuí chun roinnt de na moltaí a tháinig as an tuarascáil a chur i bhfeidhm sna blianta atá romhainn.

Cé go raibh na comhpháirtíochtaí sin ina bhfiontair shuntasacha d'eagraíocht cosúil le ÚNM, tá súil agam go gcomhaontóidh léitheoirí go gcumasaíonn an ghníomhaíocht sin dúinn leanúint le haird a tharraingt ar réimsí ar gá don tsochaí ar fad tuilleadh dírithe a leagan orthu chun scileanna agus inniúlachtaí daoine faoi mhíchumas a aithint, bunaithe ar an bhfáil ar shonraí láidre fairsinge den sórt sin.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe den Phlean Straitéiseach, gné ríthábhachtach d'obair ÚNM arís eile le linn na bliana ba ea díriú ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas (UNCRPD), lenar áiríodh measúnú a dhéanamh ar aistear na hÉireann i dtreo an Coinbhinsiún a chomhlíonadh de réir a chéile. Éascaíodh an t-aistear sin le straitéisí náisiúnta amhail an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Ba mhaith liom an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt don obair a rinne ár máthair-Roinn chun an chéad Tuarascáil Stáit is Páirtí ó Éirinn maidir leis an gCoinbhinsiún a chur le chéile agus a chur faoi bhráid Choiste Faireacháin na Náisiún Aontaithe.

Cuireadh cuid mhór oibre isteach le linn na bliana freisin chun feidhm nua faireacháin a bhunú le ÚNM, agus í dírithe ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, chun a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas gach suíomh Gréasáin earnála poiblí a rochtain agus a úsáid. Bhí áthas orainn an chéad tuarascáil faireacháin uainn a chur le chéile agus a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoin spriocdháta reachtúil, agus táimid ag tnúth le borradh a chur faoi ghníomhaíocht ina leith sin sa bhliain 2022 agus ina diaidh.

Rinneamar an chéad tuarascáil uainn maidir le hoibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, a chur faoi bhráid an Aire Stáit le freagracht as Míchumas le linn na bliana 2021 freisin. Bhí an tuarascáil sin ina fiontar suntasach do ÚNM agus méadaíodh an díriú a leagtar ar an bpíosa tábhachtach reachtaíochta sin, agus an fheasacht atá air, dá barr. Táimid ag tnúth le foilsiú na tuarascála go luath sa bhliain 2022 agus le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Aire agus dá hoifigigh agus iad ag iarraidh feasacht ar fhorálacha na reachtaíochta agus comhlíonadh na bhforálacha sin a mhéadú.

I dteannta na ról méadaitheach faireacháin sin, lean ÚNM le feasacht ar Dhearadh Uilíoch agus an glacadh le Dearadh Uilíoch a chur chun cinn le linn na bliana 2021. Go háirithe, rannchuidíomar le forbairt a dhéanamh ar chaighdeán lena gcuirtear taca faoin gclár oibre Deartha Uilíoch, agus treoir phraiticiúil chomhsheasmhach á tairiscint do gach eagraíocht atá ag iarraidh táirgí, seirbhísí, foirgnimh agus acmhainní TFC a sholáthar lena bhfreastalaítear ar na riachtanais atá ag gach úsáideoir. Mar aon leis an treoir maidir le Dearadh Uilíoch a forbraíodh do thithe altranais i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, chuireamar acmhainní suntasacha i leataobh chun a shuí cén costas a bheadh i gceist le cur chuige Deartha Uilíoch a chur chun feidhme i leith tithíocht nua. Táimid ag tnúth le fionnachtana na hoibre sin a fhoilsiú go luath sa bhliain 2022.

Le linn na bliana 2021, d'oibrigh ÚNM freisin chun an chéad Phlean Straitéiseach eile uaidh a fhorbairt don tréimhse 2022 go 2024. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh le forbairt an phlean sin. Áiríodh leo sin na comhaltaí eile den Údarás, baill foirne ÚNM agus raon leathan geallsealbhóirí seachtracha, lena áiríodh oifigigh ó ranna rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí, daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, eagraíochtaí eile do dhaoine faoi mhíchumas, agus na comhlachtaí gairmiúla sin lena gcomhoibrímid chun an clár oibre Deartha Uilíoch a chur ar aghaidh.

Údarás agus Baill Foirne ÚNM

Bhí an bhliain 2021 ina bliain eile inar léirigh baill foirne ÚNM a dtiomantas agus a ndíograis d'obair na heagraíochta, beag beann ar na dúshlán leantacha a chruthaigh paindéim COVID-19 agus an chianobair. Gabhaim buíochas le gach duine díobh as an tiomantas sin agus tá súil agam go mbeidh luach an rannchuidithe a rinne siad le feiceáil go soiléir agat sna leathanaigh ina dhiaidh seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Údarás as a gcuid idirchaidrimh agus tiomantais le linn na bliana freisin, go háirithe le linn dúinn forbairt a dhéanamh ar an gcéad Phlean Straitéiseach eile, ina leagtar síos an treochlár don obair thábhachtach a dhéanfaidh ÚNM thar an gcéad trí bliana eile.

Agus sinn ag bogadh isteach sna míonna deiridh de mo théarma mar Chathaoirleach ar an Údarás, tá bród orm as an obair a rinneamar chun tacú leis an bhfís atá againn agus tá súil agam go léireofar go soiléir sa tuarascáil seo – cosúil leis na tuarascálacha a tháinig roimpi – an luach atá ar an eagraíocht maidir le hathruithe agus feabhsuithe a bhrú chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas. Ba mhór an onóir dom fónamh sa ról mar Chathaoirleach, agus guím gach rath ar mo chomhghleacaithe san Údarás agus le gach ball foirne in ÚNM agus iad ag bogadh isteach sa chéad ré eile dá gcuid oibre.

Is mise le meas,



Helen Guinan
Cathaoirleach

Forbhreathnú agus comhthéacs beartais

Bhí na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas ag ÚNM agus é ag dul isteach sa bhliain deiridh den phlean straitéiseach reatha trí bliana uaidh:

- Comhairle thaighdebhunaithe a sholáthar don rialtas chun forbairt agus cur chun feidhme beartas, clár agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas a threorú;
- Na hathruithe sochaíocha, na dúshlán shochaíocha agus na deiseanna sochaíocha a imríonn tionchar ar shaol daoine faoi mhíchumas a thuiscint agus comhairle a thabhairt ina leith;
- Cur chun feidhme Cód Cleachtais, caighdeán agus treoirlínte ag seirbhísí a chur chun cinn, agus faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin, agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais;
- Leanúint le feasacht ar Dhearadh Uilíoch agus glacadh Deartha Uilíoch a chothú ar fud na sochaí in Éirinn; agus
- Leanúint lena bheith inár n-eagraíocht éifeachtach réamhghníomhach atá tiomanta dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus d'fhaisnéis faoinár gcuid oibre a chur in iúl.

2021 – An Bhliain ar Sracfhéachaint

Áirítear iad seo a leanas le roinnt buaicphointí tábhachtacha dár gcuid gníomhaíochta le linn na bliana 2021:

Taighde

- Na costais agus na tairbhí a bhaineann le samhlacha pobail um sholáthar seirbhísí san earnáil míchumais a thuiscint – an tuarascáil **‘Moving In, Moving On’**
- Taighde idirnáisiúnta ar idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus ar thacaíocht a thabhairt dóibh déanamh amhlaidh – an tuarascáil ó ECFE dar teideal **Disability, Work and Inclusion in Ireland: Engaging and supporting employers**
- Na bearnaí scileanna agus cáilíochtaí a bhaineann do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn a thuiscint – an tuarascáil ó ESRI dar teideal **Identification of skills gaps among persons with disabilities and their employment prospects**
- Na nuálaíochtaí soláthar seirbhísí a baineadh amach le linn phaindéim COVID-19 a ghabháil

Comhairle Beartais

- Comhairle maidir le cad a theastaíonn chun **clár náisiúnta um Athshlánú Gairme** a fhorbairt
- Comhairle maidir le **Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Sóisialta do Leanáí** a fhorbairt
- Comhairle agus taighde cúlra maidir le **teicneolaíocht chúnta** chun tacú leis an ngrúpa oibre idir-rannach um theicneolaíocht chúnta
- Comhairle agus aighneachtaí maidir leis an **iompar poiblí inrochtana**
- Comhairle agus moltaí a tháinig as an athbhreithniú ar oibriú **Chuid 5 den Acht um Míchumas** a chur isteach agus tús a chur lena gcur chun feidhme

Faireachán agus meastóireacht

- Measúnuithe neamhspleácha ar dhul chun cinn na **Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais** agus na **Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas**
- Athbhreithniú ar oibriú an **Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017**
- An chéad tuarascáil ó Éirinn maidir le comhlíonadh na **Treorach ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin**
- Tuarascáil maidir le dul chun cinn i bhfostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí don bhliain 2020 (**Cuid 5 den Acht um Míchumas**)

Idirchaidreamh agus comhairliúchán

- Reáchtáladh an chéad imeacht éisteachta de chuid ÚNM ar an téama ‘Atógáil chun Feabhais tar éis Phaindéim COVID-19’
- An chomhdháil bhliantúil de chuid ÚNM maidir le hAirteagal 12 – Aitheantas Comhionann os comhair an Dlí
- Múscailt leanúnach feasachta ar leibhéal na bunscoile trí nithe amhail **an Comórtas Ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’**

Dearadh Uilíoch agus Caighdeáin

- Ionchur maidir leis an gCaighdeán Eorpach um chlúdaigh aghaidhe i leith phaindéim COVID-19 (**SWiFT 19:2020+AC1:2020**)
- Ionchur maidir le Caighdeán Nua AE um Sheirbhísí Iompair – **Cumarsáidí custaiméirí le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí – Cur chuige Deartha Uilíoch**
- **Modúil fheabhsaithe i gCumhacht an Deartha** a sholáthar go fóirúil i scoileanna chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas (UNCRPD)

Gné lárnach d’obair ÚNM arís eile le linn na bliana 2021 ba ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas. Fáiltímid roimh an bhformhaoirseacht leanúnach a dhéantar ar leibhéal an rialtais tríd an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais agus tá áthas orainn a fheiceáil go bhfuil feasacht mhéadaitheach ann ar fud an Rialtais go bhfuil UNCRPD ina ardán lárnach le haghaidh beartas míchumais i gcomhthéacs na hÉireann. Tá an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú) ag dul tríd an Oireachtas faoi láthair. Tá sa Bhille na forálacha céanna a bhí sa Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016, roimhe sin, agus é mar aidhm leo cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur ar aghaidh, amhail faisnéis agus sonraí a sholáthar chun tacú le hobair faireacháin ÚNM. Le linn na bliana 2021, sholáthair ÚNM faisnéis don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun tacú leis an Tuarascáil Stáit tosaigh a dhréachtú, rud a chuir RLCMLÓ faoi bhráid an Choiste um Chearta Daoine faoi Míchumas i mí na Samhna. Rinne ÚNM tuilleadh forbartha ar a shraith Páipéar Faisnéise maidir leis na hAirteagail de UNCRPD freisin. Sna páipéir sin, tiomsaítear an fhaisnéis, na sonraí agus na staitisticí atá ar fáil chun tacú le daoine aonair agus eagraíochtaí atá ag iarraidh eolas níos fearr a ghnóthú ar dhul chun cinn i ndáil leis an gCoinbhinsiún.

Mar a tharla sa chúpla bliain roimhe, úsáideadh ceann amháin de na hAirteagail de UNCRPD mar théama dár gcomhdháil bhliantúil arís eile sa bhliain 2021. Ba thráthúil an rud é Airteagal 12

(Aitheantas Comhionann os comhair an Dlí) a iniúchadh, mar gheall ar an ngealltanais a thug an Rialtas chun an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, a thosú agus chun an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a chur i mbun feidhme sa bhliain 2022.

An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015

I mblianta roimhe, sholáthair ÚNM corp substainteach oibre i ndáil le dréacht-Chóid Chleachtais a fhorbairt chun tacú leis an reachtaíocht seo a chur chun feidhme. Cé gur cuireadh na dréacht-Chóid faoi bhráid Stúirthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí sa bhliain 2020, leanann ÚNM le hidirchaidreamh a dhéanamh maidir leis an réimse tábhachtach sin mar gheall ar an mbunathrú cultúrtha suntasach a bheidh ag teastáil thráth thosach feidhme iomlán an Achta. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí ag gabháil do ghníomhaíochtaí fairsinge múscailt feasachta chun a chinntiú go mbíonn an oiread geallsealbhóirí iomchuí agus is féidir ar an eolas faoi impleachtaí an Achta. Cúis áthais do ÚNM ba ea go raibh sé in ann aird a tharraingt ar an reachtaíocht agus ar a bhfuil i gceist léi le linn Chomhdháil Bhliantúil na bliana 2021 maidir le hAirteagal 12 de UNCRPD, lena áiríodh díospóireachtaí le daoine aonair a bhfuil taithí phearsanta acu agus a bhainfidh tairbhe as tosach feidhme an Achta. Tugaimid faoi deara a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh roinnt ranna agus gníomhaireachtaí le chéile chun cur chun feidhme rathúil éifeachtach a bhaint amach agus táimid ag tnúth le tacaíocht a thabhairt do na páirtithe iomchuí arís eile le linn na bliana 2022, de réir mar a thosaítear an tAcht.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais

Aithnímid go bhfuil sé mar aidhm leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017 – 2022 comhionannas a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn agus gur féidir leis na gníomhartha atá geallta inti cabhrú leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme. Tugaimid faoi deara an tiomantas leanúnach a léirigh oifigigh i ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla sa bhliain 2021 chun na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis a sholáthar mar shásra trínar féidir oibleagáidí a chomhlíonadh faoi UNCRPD. Fáiltímid roimh na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann geallsealbhóirí chun cur chun feidhme na Straitéise a chur ar aghaidh, beag beann ar na dúshláin a tháinig as paidéim COVID-19.

Tá Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais faoi chathaoirleacht an Aire Stáit le freagracht as Míchumas. Cuimsíonn sé oifigigh ó chuid mhór ranna rialtais agus gníomhaireachtaí, ón nGrúpa Geallsealbhóirí Míchumais agus ó ÚNM. Leanann an grúpa le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise agus le tacú lena cur chun feidhme. Gníomhaíonn ÚNM chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar ar na haschuir faoin straitéis agus chun foinsí sonraí a anailísiú chun cabhrú leis an tionchar a thomhas.

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh ÚNM an measúnú neamhspleách uaidh ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme na ngníomhartha don bhliain 2020. Bhí an measúnú sin bunaithe ar thuarascálacha a fuarthas ó ranna agus ar fhaisnéis agus fianaise a bhailigh ÚNM le linn dó gníomhú mar bhall de ghrúpaí oibre agus de choistí comhairleacha rannacha. Bhí sé bunaithe freisin ar an idirchaidreamh tráthrialta a rinneadh le daoine faoi mhíchumas trí na coistí sin agus i réimsí eile dá chlár oibre araon.

Cé go ndearnadh tréimhse feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a fhadú go foirmiúil suas go deireadh na bliana 2022, leanann ÚNM le béim a leagan ar an tábhacht a

bhaineann le díospóireachtaí agus comhairliúchán maidir leis an straitéis a chuirfear ina háit a thionscnamh tamall maith roimh ré. Ar an tslí chéanna, sholáthair ÚNM moltaí do RLCMLÓ sa bhliain 2021 maidir le ‘Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme’, ar straitéis bheartaithe 10 mbliana í lena gcuirfí le héachtaí agus struchtúir na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumas agus a bheadh dírithe go hiomlán ag an am céanna ar na cearta bunúsacha atá in UNCRPD a sholáthar diaidh ar ndiaidh. Chuir ÚNM in iúl freisin go seolfaí comhairliúchán forleathan ar an straitéis sin, lena n-áirítear le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Táimid ag tnúth leis an obair sin a chur ar aghaidh sa bhliain 2022.

Fostú Daoine faoi Mhíchumas

Bhí an bhliain 2021 ar an mbliain deiridh den phlean gníomhaíochta reatha trí bliana don Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tugaimid faoi deara an tiomantas leanúnach a léirigh oifigigh i ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla sa bhliain 2021 chun na gníomhartha a chomhlíonadh agus fáiltímid roimh na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann geallsealbhóirí chun cur chun feidhme na Straitéise a chur ar aghaidh, beag beann ar na dúshláin a tháinig as paindéim COVID-19. Leanann ÚNM le fónamh ar Ghrúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta agus le comhairle a chur ar RLCMLÓ maidir leis an gcéad phlean gníomhaíochta trí bliana eile. Sa bhliain 2021, d’fhoilsigh ÚNM an measúnú neamhspleách uaidh ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme na ngníomhartha don bhliain 2020. Bhí an measúnú sin bunaithe ar thuarascálacha a fuarthas ó ranna agus ar fhaisnéis agus fianaise a bhailigh ÚNM le linn dó gníomhú mar bhall de ghrúpaí oibre agus de choistí comhairleacha rannacha. Bhí sé bunaithe freisin ar an idirchaidreamh tráthrialta a rinneadh le daoine faoi mhíchumas trí na coistí sin agus i réimsí eile dá chlár oibre araon.

A bhuí le fianaise nuafhoilsithe ó na comhthionscadail atá ar bun ag ÚNM leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), cuireadh leis an tuiscint atá ann ar na dúshláin agus na bacainní a bhíonn taobh thiar den bhearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. D’fhoilsigh an Roinn Coimirce Sóisialaí leagan nuashonraithe den straitéis fostaíochta ‘Bealaí chun na hOibre’ uaithi freisin, rud lena gcumhdaítear an tréimhse 2022 go 2025. Leagtar amach go soiléir sa straitéis sin an iarracht nua a dhéanfar chun tacú le daoine faoi mhíchumas an fhostaíochta a rochtain trí Intreo, an tseirbhís náisiúnta fostaíochta poiblí.

I mí na Nollag 2021, soláthraíodh sa tuarascáil ‘Cost of Disability’ ó Indecon fianaise nua maidir leis an tuiscint ar an gcostas breise a bhaineann le bheith faoi mhíchumas in Éirinn. Rannchuidigh ÚNM leis an modheolaíocht a úsáideadh agus d’fháiltigh sé roimh an tuarascáil, ina ndeimhnítear na costais níos airde mhaireachtála a bhaineann le daoine faoi mhíchumas. Táimid ag tnúth le díriú ar an ní sin ar fud na ranna iomchuí uile arís eile le linn na bliana 2022.

Leanamar le faireachán a dhéanamh ar fhostú daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí freisin. Cé gur sháraigh a lán ranna rialtais aonair agus a lán comhlachtaí poiblí an íos-spríoc reachtúil, mar atá 3%, leanamar le comhlachtaí eile a spreagadh pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun gur féidir leo an spríoc a bhaint amach agus a shárú trí áiteanna oibre cuimsitheacha a chruthú agus trí iarracht a dhéanamh baill foirne faoi mhíchumas a mhealladh agus a choinneáil. Leanamar le comhairle a chur orthu ina leith sin freisin. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin amach anseo, toisc go méadóidh an íos-spríoc go 6% faoin mbliain 2024.



An Clár um Shaolta a Bhunathrú

Trí thaighde agus comhairle a sholáthar agus trí thacú le caighdeáin agus creataí a fhorbairt, lean ÚNM le tacú le tionscnaimh atá deartha chun seirbhísí míchumais a bhunathrú ar mhaithe le cur chuige indibhidiúlaithe saincheaptha a bhaint amach i leith tacaí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ionas gur féidir leo an saol a chaitheamh ar an tslí dá rogha. D'fhoilsigh ÚNM an staidéar dar teideal “Moving In, Moving On” sa bhliain 2021. Ba é a bhí i gceist leis an staidéar ilbhliantúil sin ná meastóireacht a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le samhlacha nua pobalbhunaithe um sholáthar seirbhísí i gcomparáid leis na samhlacha institiúidithe traidisiúnta um sholáthar seirbhísí. D'fhoilsíomar taighde i gcomhar le baill foirne agus bainisteoirí de chuid soláthraithe seirbhísí freisin, rud inar bailíodh faisnéis agus eispéiris ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo don aistriú leanúnach chuig samhlacha pobail um sholáthar seirbhísí. Rannchuidíomar le Grúpa Oibre de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freisin chun cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta le haghaidh planáil atá dírithe ar an duine i seirbhísí míchumais a threorú. Táimid ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a fheiceáil sa bhliain 2022, ag aithint dúinn go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar an ráta dul chun cinn go dtí seo.

Caighdeáin agus Faireachán

Sannadh dhá ról nua faireacháin don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) sa bhliain 2021. Ba é an chéad cheann díobh ná athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017. Píosa fairsing oibre ba ea sin, agus é i gceist leis idirchaidreamh a dhéanamh le príomhranna rialtais, le príomhghníomhaireachtaí agus le húsáideoirí theanga chomharthaíochta na hÉireann i ngach aoisraon agus i ngach cuid den tír araon. Tíolacadh tuarascáil deiridh don Aire sa tríú ráithe den bhliain 2021. Ba é an dara ról nua faireacháin ná faireachán bliantúil a dhéanamh ar a inrochtana atá suíomhanna Gréasáin poiblí agus feidhmchláir mhóibíleacha phoiblí, mar atá leagtha amach sa Treoir Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin ná faireachán a dhéanamh ar shuíomhanna Gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha ar leibhéal simplithe agus ar leibhéal domhain araon. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Rialtais faoin dáta comhaontaithe sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.

Rud eile atá i gceist le hobair an Lárionaid Sármhaitheasa is ea tionchar a imirt ar chaighdeán ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Rannchuidigh an Lárionad Sármhaitheasa le roinnt caighdeán a fhorbairt le linn na bliana 2021. Ba chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 a ceapadh roinnt de na caighdeán sin. Tá an Lárionad Sármhaitheasa ina bhall saineolaíoch maidir le Caighdeán Eorpach nua lena dtáirgfear Sonraíocht Theicniúil maidir le feidhmíocht agus úsáid Clúdach Aghaidhe Pobail i leith phaindéim COVID-19 sa bhliain 2022. Tá an Lárionad Sármhaitheasa ag rannchuidiú le forbairt an chaighdeán sin. Chuir sé in iúl gur gá Dearadh Uilíoch a chomhtháthú ann chun freastal ar na riachtanais atá ag raon éagsúil úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Rannchuidigh an Lárionad Sármhaitheasa freisin leis an gcaighdeán Eorpach dar teideal “Seirbhísí Iompair – Cumarsáidí custaiméirí le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí – Cur chuige Deartha Uilíoch”, rud a foilsíodh i mí na Nollag 2021.

Dearadh Uilíoch

Lean an Lárionad Sármhaitheasa leis an tionscadal comhpháirtíochta atá ar bun aige le Junior Achievement Ireland (JAI) agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2021, agus modúl Deartha Uilíoch á sholáthar i mbunscoileanna mar chuid den Chlár um Chumhacht an Deartha. Ba é a bhí i gceist leis an obair a rinneadh le linn na bliana 2021 ná athbhreithnithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chlár, agus soláthar fíorúil á thriail go rathúil mar fhreagairt do phaindéim COVID-19.

Choimisiúnaigh an Lárionad Sármhaitheasa treoirlínte ardleibhéil Deartha Uilíoch maidir le suíomhanna cúraim cónaithe fhadtéarmaigh atá ann cheana a iarfheistiú do dhaoine scothaosta in Éirinn. Iníúchtar san obair sin conas is féidir an timpeallacht thógtha sna suíomhanna sin a oiriúnú agus a iarfheistiú ó thaobh Deartha Uilíoch de chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí agus ar ullmhacht agus athléimneacht i leith paindéimí, agus sláinte agus folláine shíceasóisialta cónaitheoirí agus ball foirne á gcosaint ag an am céanna. Foilseofar an taighde agus na treoirlínte sa chéad ráithe den bhliain 2022.

Sholáthair an Lárionad Sármhaitheasa comhairle beartais agus páipéir thaighde chun tacú le grúpa oibre RLCMLÓ um theicneolaíocht chúnta, mar a cheanglaítear faoi Ghníomh 123 den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa oibre gníomh 53 den Straitéis a chur ar aghaidh, rud a bhaineann le rochtain ar theicneolaíocht chúnta agus inacmhainne teicneolaíochta cúnata le haghaidh dul isteach san obair, fanacht san obair agus filleadh ar an obair. Tá an obair sin le cur i gcrích faoin gceathrú ráithe den bhliain 2022.

Réimse tábhachtach oibre sa bhliain 2021 ba ea iompar atá inrochtana agus a bhfuil dearadh uilíoch air, agus rinne an Lárionad Sármhaitheasa roinnt aighneachtaí chuig comhairliúcháin maidir leis an iompar. Áiríodh leo sin na comhairliúcháin ar ‘Éire a Nascadh’ – An Plean Soghluasteachta Tuaithe, ar thionscadal BusConnects Chorcaí, ar an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ar an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn. Cuireadh in iúl sna haighneachtaí sin nach é amháin gur gá tuilleadh idirchaidrimh a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas i dtús na dtionscadal sin ach gur gá dul tuilleadh idirchaidrimh a dhéanamh le linn iad a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar ar deireadh freisin.

COVID-19

Cosúil lena lán eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, lean paindéim COVID-19 le cuid mhór dár gcuid oibre agus modhanna oibre a mhúnlú sa bhliain 2021. D’fhill baill foirne ÚNM ar an oifig ar bhonn oibre hibridí ar feadh tamaillín i mí Dheireadh Fómhair, sular ceanglaíodh sa treoir ón rialtas i mí na Samhna go bhfillfeadh siad ar an obair ón mbaile, nuair ab fhéidir. D’oiriúnaigh baill foirne go maith don chianobair agus thug an filleadh gairid ar an oifig deis do bhaill foirne nua bualadh lena gcuid comhghleacaithe i bpearsa den chéad uair.

Rinne ÚNM aighneacht chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis an g Cianobair agus aighneacht chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an obair sholúbtha le linn na bliana 2021. Leag ÚNM béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir cianobair nó obair sholúbtha a éascú don fhórsa saothair ar fad agus socruithe réasúnacha a bhfuil cianobair nó obair sholúbtha i gceist leo a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas.

Lean daoine faoi mhíchumas le tionchar na paidéime a bhrath. I measc na réimsí inní le linn na tréimhse sin bhí rochtain ar sheirbhísí agus ar an oideachas. D'ullmhaíomar tuarascáil maidir le roinnt de na nuálaíochtaí agus na hoiriúnuithe a rinne sainseirbhísí míchumais, scoileanna, ollscoileanna, fostóirí, eagraíochtaí spóirt agus daoine eile chun freagairt don phaindéim agus a raibh tionchar acu ar shaol daoine faoi mhíchumas. Tarraingítear aird sa tuarascáil sin ar roinnt de na dúshláin ar thángthas orthu, lena áiríodh an deighilt dhigiteach agus aonrú agus uaigneas i measc daoine faoi mhíchumas. Tarraingítear aird inti freisin, áfach, ar an spiorad pobail láidir a bhí ann, agus daoine ag tabhairt cabhair dá chéile, agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun a chinntiú go mbeadh daoine ceangailte go fóill le cairde, le gaolta agus leis an mórfhobal.


Leanfaidh ÚNM lena chur in iúl do chomhlachtaí rialtais agus do chomhlachtaí poiblí cé chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú go gcuirtear daoine faoi mhíchumas ar áireamh in iarrachtaí téarnaimh agus go mbíonn ról acu i gcomhairliúcháin agus i gcinntí ar shaincheisteanna a dhéanann difear dóibh.

Achoimre

Cumhdaíodh raon leathan réimsí agus téamaí in obair ÚNM le linn na bliana 2021, agus aschuir amhail tuarascálacha taighde, aighneachtaí comhairle beartais agus treoir phraiticiúil chun tacú le cur chun feidhme á soláthar. Oibrímid i gcónaí freisin chun feabhas a chur ar ár bpróisis idirchaidrimh agus chumarsáide lenár ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha. Tá tuilleadh faisnéise faoinár gcuid aschur ar fáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.



Tosaíocht Straitéiseach 1



Tosaíocht Straitéiseach 1:

“Comhairle thaighdebhunaithe a sholáthar don rialtas chun forbairt agus cur chun feidhme beartas, clár agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas a threorú”

Taighde a sheoladh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas agus cleachtas agus í a threorú agus chun tacú le príomhstraitéisí agus príomhbheartais náisiúnta a chur chun feidhme

An Clár um Shaolta a Bhunathrú – An Staidéar ‘Moving In, Moving On’

Tá an staidéar “Moving In, Moving On” ina mhórchlár meastóireachta ar na costais agus ar cháilíocht na beatha a bhaineann le samhlacha nua pobalbhunaithe um sholáthar seirbhísí i gcomparáid le samhlacha institiúidithe traidisiúnta um sholáthar seirbhísí. Foilsíodh an tuarascáil i mí na Nollag 2021. Rinne ÚNM an staidéar a sheoladh agus a bhainistiú thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ba é FSS a rinne an staidéar a choimisiúnú agus a chistiú. Cuireadh 426 dhuine faoi mhíchumas san iomlán faoi agallamh le linn an staidéir.

Seoladh an staidéar ina dhá chéim. Sa chéad chéim, cuireadh 91 aosach faoi mhíchumas intleachta ó shuíomhanna comhchónaithe faoi agallamh roimh a n-aistriú chuig gnáth-thithe sa phobal agus ina dhiaidh araon. Tháinig feabhas ar thorthaí cáilíochta beatha tar éis dóibh bogadh isteach sa phobal. Thuairiscigh rannpháirtithe agus baill foirne go mbíonn teaghlaigh ag tabhairt cuairt ar na cónaitheoirí ar bhonn níos minice agus go mbíonn tuilleadh deiseanna ag na cónaitheoirí chun dul amach, chun rogha agus smacht a fheidhmiú maidir lena saol laethúil agus chun feabhas a chur ar a scileanna maireachtála laethúla.

Chuimsigh an dara céim 280 aosach ó 43 shuíomh dhifriúla agus ó 33 sholáthraí dhifriúla seirbhísí. Bhí cineálacha éagsúla míchumais orthu agus bhí raon leathan seirbhísí míchumais in úsáid acu. Tríd is tríd, d’fhág ilchineálacht an ghrúpa rannpháirtithe sin agus an raon imthosca cónaithe a bhí i gceist nach rabhthas in ann torthaí idir na seansamhlacha um sholáthar seirbhísí agus na samhlacha nua um sholáthar seirbhísí a rianú.

Tugadh le fios sna fionnachtana go raibh cáilíocht na beatha níos fearr do dhaoine a fuair seirbhísí atá dírithe ar an duine agus go raibh sí níos measa do dhaoine a chónaigh i suíomhanna comhchónaithe, do dhaoine nach raibh in ann a roghnú cé na daoine ar chónaigh siad leo, do dhaoine nach raibh dúil acu sna daoine ar chónaigh siad leo agus do dhaoine a raibh pian orthu. Bhí sé soiléir go bhfuil seans níos fearr ann go mbainfear torthaí dearfacha amach i gcásanna ina soláthraítear tacaí ar bhealach atá saincheaptha agus atá dírithe ar an duine, rud nach bhfuil ag teacht, tríd is tríd, leis an scéal i suíomhanna institiúideacha nó i suíomhanna comhchónaithe.

Féachadh in anailís costais ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le haistriú chuig an bpobal, bunaithe ar chostais phá agus ar chostais neamhphá. Níor cuireadh aon chostais chaipitil ar áireamh san anailís, áfach. Tugadh le fios san anailís go méadaítear costais faoi 60% nuair a sholáthraítear seirbhísí sa phobal seachas i suíomhanna comhchónaithe. Bíonn an leibhéal tacaíochta a theastaíonn ó chónaitheoirí ar cheann amháin de na príomhthosca taobh thiar de chostais. Dá airde na riachtanais tacaíochta is ea is airde na costais a thabhaítear, go háirithe mar gheall ar an ngá le baill foirne túslíne bhreise.

Chun teacht ar an gcostas iomlán a bhaineann leis an 1,800 duine aonair, nó mar sin, a chónaíonn i suíomhanna comhchónaithe go fóill agus a bhfuil ardriachtanais tacaíochta ag a bhformhór a

aistriú chuig an bpobal, samhaltaíodh sa staidéar na himpleachtaí costais a bheadh i gceist le trí chás – iad a aistriú sa bhliain 2030, iad a aistriú sa bhliain 2027 agus iad a aistriú sa bhliain 2025. Thángthas ar an gconclúid seo a leanas: dá ghabta an ráta dí-institiúidiúcháin is ea is airde an costas. Tar éis cuntas a thabhairt ar mhorthlaíocht agus ar bhoilsciú sa mhéadú bliantúil costais i seirbhísí míchumais cúraim cónaithe is inchurtha síos do dhaoine aonair breise a aistriú chuig an bpobal, beidh an costas cothrom le €140.1 milliún (m) in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030 faoi chás 1. Bainfear leibhéal inchomparáide caiteachais atá cothrom le €139.2m in aghaidh na bliana amach faoin mbliain 2027 faoi chás 2, sula méadóidh sé go €147.7m in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030. Bainfear caiteachas €138.8m in aghaidh na bliana amach faoin mbliain 2025 faoi chás 3, sula méadóidh sé go €153.2m in aghaidh na bliana faoin mbliain 2030.

Úsáidfidh ÚNM fionnachtana an staidéir sin sa chomhairle beartais uaidh. Tá sé beartaithe againn na fionnachtana a scaipeadh ar bhonn níos leithne freisin trí roinnt páipéar a fhorbairt le haghaidh irisleabhair agus comhdhálacha acadúla.

Leanann ÚNM lena bheith ina bhall d'fhoghrúpa de chuid ghrúpa cur chun feidhme na straitéise 'In Am chun Bogadh Amach as Suíomhanna Comhchónaithe' de chuid FSS. Déanann an grúpa sin faireachán ar dhul chun cinn san aistriú ó shuíomhanna comhchónaithe chuig suíomhanna pobail. Soláthraíonn ÚNM ionchur agus comhairle ar shaincheistanna a bhaineann leis an ngrúpa, lena n-áirítear treoir agus comhairle maidir le tithíocht agus tacú le plean gníomhaíochta an ghrúpa a chur chun feidhme.

An Clár um Shaolta a Bhunathrú – Tionscadal soláthar foirne

Le linn na bliana 2021, d'fhoilsigh ÚNM tuarascáil dar teideal 'Staff and change management: Good practice in the transition to community residential disability services'. Tugtar le chéile sa tuarascáil sin eispéiris na mball foirne agus na mbainisteoirí a d'aistrigh ó 'sheansamhail' um sholáthar seirbhísí míchumais cónaithe atá á gcistiú ag FSS chuig 'samhail nua'. Sa staidéar sin, sainithnítear agus doiciméadaítear cleachtas éifeachtach i bpróisis bhainistíochta athruithe a bhaineann le haistriú ball foirne óna bheith ag obair i suíomhanna comhchónaithe chuig a bheith ag obair sa phobal. Bhí sé mar chuspóir leis an staidéar foghlaim a chomhroinnt le baill foirne agus bainisteoirí atá ag aistriú chuig an bpobal faoi láthair, nó atá ar tí aistriú chuig an bpobal, agus a bhfuil ról acu i dtacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair faoi mhíchumas, ar mhaithe le haistriú rathúil a bhaint amach do chách. Tháinig roinnt téamaí tábhachtacha as an anailís, lena n-áiríodh athrú sa tsamhail um sholáthar seirbhísí agus cleachtais oibre, ceannaireacht agus bainistíocht, cumarsáid a dhéanamh maidir leis an aistriú, agus tacaíocht foirne a chothú le haghaidh aistrithe.

Leanann ÚNM lena bheith ag obair le FSS ar shraith doiciméad cleachtas éifeachtach chun fionnachtana na tuarascála a chomhroinnt le bainisteoirí seirbhísí míchumais cónaithe mar chuid den chlár um Shaolta a Bhunathrú.

Buiséid Phearsantaithe

Sa tuarascáil ón Tascfhórsa um Buiséid Phearsantaithe, a foilsíodh i mí Iúil 2018, moladh gur cheart don Roinn Sláinte agus do FSS tionscadail taispeána a bhunú chun an soláthar buiséad pearsantaithe a thástáil d'fhonn teacht ar an gcur chuige is fearr i leith buiséad pearsantaithe a chur i bhfeidhm i gcoitinne i gcomhthéacs na hÉireann.

Sa bhliain 2019, d'iarr FSS léirithe spéise ó dhaoine aonair chun páirt a ghlacadh i dTionscadail Taispeána. Thosaigh sé ar dhaoine a ghlacadh isteach iontu go luath sa bhliain 2020. Bhí na Tionscadail Taispeána le bheith ar siúl ar feadh tréimhse dhá bhliain. Mar sin féin, mar thoradh ar

mhoilleanna ar iad a chur chun feidhme de dheasca phaindéim COVID-19 go príomha, fuair FSS ceadú ón Aire chun na Tionscadail Taispeána a fhadú go ceann bliain eile (suas go deireadh mhí an Mheithimh 2022). Is dóigh go bhfadófar tréimhse na dTionscadal arís eile.

D'iarr an Roinn Sláinte ar ÚNM bainistíocht a dhéanamh ar an meastóireacht ar na Tionscadail Taispeána. Sheolamar comórtas tairisceana sa bhliain 2020 chun foireann meastóireachta a roghnú. Ba é a bhí i gceist lenár gcuid oibre chun meastóireacht a dhéanamh ar na Tionscadail Taispeána sa bhliain 2021 ná ceadú eiticiúil a fháil (ón líon mór soláthraithe seirbhísí a thacaíonn le daoine atá páirteach i dTionscadal Taispeána) chun an mheastóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do FSS agus é ag plé le nósanna imeachta toilithe agus le doiciméadú agus ag fáil ceadú le haghaidh socruithe bailiú agus próiseála sonraí. Leanfaimid lenár gcuid oibre ina leith sin sa bhliain 2022 agus tá rún daingean againn go fóill an fhoghlaim ón tionscnamh tábhachtach seo a ghabháil.

Mar a tharla sa bhliain 2020, rinne paindéim COVID-19 difear do chur chun feidhme na dTionscadal Taispeána arís eile sa bhliain 2021. Rinne an Cibirionsaí ar FSS sa bhliain 2021 difear do dhul chun cinn freisin.

Lean ÚNM le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Formhaoirseachta ar Thionscadail Taispeána ina cháil mar chomhairleoir neamhspleách agus choinnigh sé an Roinn ar an eolas faoina chuid oibre ullmhúcháin don mheastóireacht.

Aosú faoi mhíchumas

Coimisiúnaíodh Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta chun scrúdú a dhéanamh ar an gcúram a thugtar d'aoisigh scothaosta faoi mhíchumas intleachta agus ar a bhfuil riocht casta a bhaineann le haois in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal scrúdú a dhéanamh ar na roghanna cúraim atá ar fáil – amhail saoraíidí cúraim d'aoisigh scothaosta faoi mhíchumas intleachta – agus ar a oiriúnaí atá tithe altranais cineálacha d'aoisigh scothaosta faoi mhíchumas intleachta, mar aon le sainaitheint a dhéanamh ar shamplaí de dhea-chleachtas, ar chostais soláthar seirbhísí agus ar na torthaí do na daoine aonair lena mbaineann. Tá sé mar chuspóir leis an taighde athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn fianaise atá ann cheana maidir leis an gcúram a thugtar d'aoisigh scothaosta ar a bhfuil riocht casta a bhaineann le haois agus fianaise bhreise a ghiniúint maidir le samhlacha reatha cúraim, maidir le riachtanais ionchasacha amach anseo agus maidir le torthaí cáilíochta beatha i suíomhanna difriúla cúraim.

Cuireadh isteach go mór ar dhul chun cinn ar an tionscadal le linn na mblianta 2020 agus 2021 de dheasca phaindéim COVID-19. Bhí sé deacair an tionscadal a chur ar aghaidh mar thoradh ar an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar shaoraíidí cúraim agus ar thithe altranais go háirithe. D'fhág sé sin gur ghá an obair taighde a iarchur go dtí go mbeadh formhór na gcónaitheoirí i saoraíidí cúraim ionaclaithe agus go dtí go bhfillfeadh dálaí oibre ball foirne mar a bhí, tríd is tríd, roimh an bpaindéim.

Ationóladh Grúpa Stiúrtha an tionscadail i lár na bliana 2021 chun measúnú a dhéanamh ar an staid reatha maidir leis an taighde a chur ar aghaidh. Athsheoladh an tionscadal ina dhiaidh sin mar gheall ar an bhfeabhas a tháinig ar imthosca sna saoraíidí. Tá Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta ag leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le sainsoláthraithe seirbhísí míchumais intleachta ar mhaithe le fócasghrúpaí agus agallaimh a eagrú. Tosaíodh an tsampláil do na fócasghrúpaí go luath i mí na Nollag 2021 agus tá an t-ionad ag obair chun fócasghrúpaí breise a sheoladh i dtús na bliana 2022. Tá suirbhé ar shainsaoraíidí agus saoraíidí ginearálta míchumais intleachta á chur i bhfeidhm aige freisin.

Buiséadú comhionannais

Leanann ÚNM le hionchur a sholáthar don Sainghrúpa Comhairleach um Buiséadú Comhionannais de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar mhaithe le coincheap an bhuiséadaithe comhionannais a chur ar aghaidh i gcomhthéacs na hÉireann. Agus é faoi stiúir ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ceann amháin d'aschuir an ghrúpa i mbliana ba ea iniúchadh domhain a rinneadh ar shonraí Tusla, áit ar scrúdaíodh cé na forais chomhionannais (mar shampla, míchumas, treoshuíomh gnéasach, cine/eitneacht agus ballraíocht den Lucht Siúil) a chumhdaítear sna tacair sonraí a shealbhaíonn Tusla. Tá na torthaí á gcur leis an iniúchadh foriomlán ar shonraí comhionannais státseirbhíse agus seirbhíse poiblí a thiomsaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an bhliain seo caite. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoin obair atá ar bun chun straitéis um shonraí comhionannais a fhorbairt, rud atá faoi stiúir ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar lena chéile, le tacaíocht ó ÚNM. Leanann an Grúpa um Buiséadú Comhionannais le hobair i dtreo Ráiteas maidir le Buiséad Comhionannais a fhorbairt. Rinne ÚNM roinnt oibre cúlra ina leith sin, agus scrúdú á dhéanamh aige ar na Ráitis maidir le Buiséad Comhionannais ó dhlínsí eile.

An Scéim Cur Chun Cinn Taighde 2021/22

Riarann ÚNM scéim cur chun cinn taighde, ar scéim deontas í, gach dhá bhliain. Is é téama na Scéime Cur Chun Cinn Taighde don tréimhse 2021/22 ná Táirgí Cúnta agus Táirgí Tomhaltais lena dtacaítear le rogha agus smacht do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Fuair an scéim sé iarratas. Cuireadh dhá iarratasóir ar an ngearrliosta agus cuireadh faoi agallamh iad. Dámhadh deontas don dá cheann díobh mar a leanas:

- Dámhachtain 1: Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Sa taighde seo, déanfar suirbhé ar an úsáid a bhaintear as táirgí cúnta agus as táirgí tomhaltais le haghaidh teagasc léitheoireachta do leanaí faoi mhíchumas intleachta agus faoi mhíchumas forbarthach i scoileanna Éireannacha.
- Dámhachtain 2: Scoil na nEolaíochtaí Saothair agus na Teiripe Saothair, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Féachfar sa taighde seo ar an acmhainneacht atá ag raon táirgí tomhaltais amhail Cúntóirí Gutha Digiteacha agus teicneolaíocht chliste bhailebhunaithe chun tacú le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus ról a imirt ina bpobal.

Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na tuarascálacha taighde deiridh sa tríú ráithe den bhliain 2022.

Taighde a sheoladh agus faisnéis agus comhairle fhianaisebhunaithe a sholáthar chun tacú leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh

An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024

Sa dara ráithe den bhliain 2021, d'fhoilsigh ÚNM an measúnú bliantúil neamhspleách uaidh ar chur chun feidhme na ngníomhartha atá geallta faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024.

Cuimsíodh sa pháipéar sin rannán inar cuireadh comhthéacs leis an scéal sa bhliain 2020, rud inar cuireadh síos ar na himthosca uathúla a chruthaigh paidéim COVID-19. De réir mar a chuaigh na laethanta thart sa bhliain 2020, bhí sé soiléir gur mhoille an ghníomhaíocht faoin Straitéis le linn na bliana ná an ghníomhaíocht i mblianta roimhe. Ba é an toradh a bhí ar phaindéim

COVID-19 ná go raibh athrú tobann ollmhór ann ar phatrúin mhaireachtála, oibre agus soláthar seirbhísí ar fud an phobail. Rinneadh líon mór ball foirne earnála poiblí a ath-implonú chuig réimsí oibre inar theastaigh baill foirne láithreach. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2020, bhí 335,599 nduine a ndearna paidéim COVID-19 difear dá n-ioncam ón bhfostaíocht á n-éascú trí Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim COVID-19, rud atá á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Cé gur chruthaigh an fhreagairt don phaindéim roinnt moilleanna maidir le gníomhartha na Straitéise a chur chun feidhme, d'éirigh le roinnt seirbhísí agus tacaí do dhaoine faoi mhíchumas téarnamh faoin gceathrú ráithe den bhliain 2020. Cuireadh síos sa pháipéar measúnaithe ó ÚNM ar an dul chun cinn comhchoiteann a rinneadh le linn na bliana 2020. Tugadh sa pháipéar measúnú comhthéacsúil ar an dul chun cinn a rinneadh faoi cheithre phríomhthéama, ba iad sin: aistriú; tacaíocht chun obair agus/nó chun fillleadh ar an obair; an t-iompar poiblí; agus idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí.

Maidir le pleananna téarnaimh gheilleagraigh agus shóisialta, tugadh faoi deara sa pháipéar measúnaithe an t-idirghníomhú idir réimsí an phlean téarnaimh agus réimsí tosaíochta straitéisí na Straitéise agus na deiseanna a ghabhann leo. Áiríodh iad seo a leanas leis na réimsí sin: an chianobair; an straitéis fiontraíochta réigiúnach; an straitéis náisiúnta scileanna; agus an treochlár le haghaidh cuimsiú sóisialta.

Bhí an bhliain 2021 ar an mbliain deiridh den phlean gníomhaíochta reatha trí bliana. Tá ÚNM ag cur comhairle ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an gcur chuige atá le glacadh i leith plean gníomhaíochta nua a fhorbairt, maidir le hinneachar féideartha an phlean gníomhaíochta sin agus maidir leis an ngá atá ann le dul i gcomhairle go forleathan le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas ina leith.

Comhairliúchán agus Páipéar Comhairle maidir leis an gConair Athshlánúcháin Gairme

Is é is athshlánú gairme ann ná an próiseas trína gcumasaítear do dhaoine aonair sárú a dhéanamh ar na bacainní a thagann rompu agus iad ag iarraidh an obair a rochtain, fanacht san obair nó fillleadh ar an obair tar éis díobhála, tinnis nó lagaithe. D'fhoilsigh ÚNM páipéar comhairle beartais, a bhí bunaithe ar athbhreithniú ar fhianaise agus ar na bearnaí sainaitheanta atá ann i gcóras na hÉireann. Soláthraíodh sa pháipéar sin comhairle maidir le conair a fhorbairt i dtreo fostaíocht a choinneáil nó fillleadh ar an obair do dhaoine a fuair míchumas nó riocht fadtéarmach sláinte le linn a saoil oibre.

Bhí an páipéar comhairle beartais bunaithe freisin ar chomhairliúchán le daoine a bhfuil míchumas nó riocht faighte acu. Foilsíodh tuarascáil comhairliúcháin ar leith freisin. Ba é a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán ná suirbhé ar líne a dhéanamh ar 115 dhuine agus sé agallamh cás-staidéir a sheoladh ansin. Threisigh na fionnachtana ón gcomhairliúchán sin an cás á rá gur gá clár comhleanúnach náisiúnta um athshlánú gairme a bheith i bhfeidhm in Éirinn.

Tá ÚNM ag obair chun a chinntiú go mbeidh sa chéad phlean gníomhaíochta eile don Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta gníomhartha nithiúla atá ceaptha chun forbairt an tsoláthair athshlánúcháin gairme a chur ar aghaidh.

An Clár Taighde idir ÚNM agus ECFE

Chomhoibrigh ÚNM le ECFE chun scrúdú a dhéanamh ar an idirchaidreamh a dhéantar le fostóirí agus ar an tacaíocht a thugtar dóibh, ar réimsí iad a shainaithe ÚNM a bheith ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar an staid margadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn. Cé go bhfuil gníomhartha sonracha i réimse an idirchaidrimh le fostóirí ar siúl faoi láthair faoi cholún a sé den Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas, chuir ÚNM de chúram ar ECFE scrúdú a dhéanamh ar straitéisí éifeachtacha idirnáisiúnta le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí. Nithe a raibh tábhacht ag baint leo ina leith sin ba ea straitéisí a cheapadh chun míthuiscint agus idirdhealú a bhaineann le míchumas a shárú agus feasacht a mhúscailt ar na cláir thacaíochta agus na fóirdheontais atá ar fáil.

Chuir an fhoireann de chuid ECFE roinnt snáitheanna oibre i gcrích thar thréimhse feidhme an tionscadail, lenar áiríodh na nithe seo a leanas:

- Agallaimh a sheoladh le geallsealbhóirí, lenar áiríodh oifigigh rannacha, eagraíochtaí d'fhostóirí agus soláthraithe oideachais.
- Ceardlann idir-rannach a sheoladh i gcomhar le hoifigigh shinsearach, rud a chabhraigh le haird a tharraingt ar roinnt de na saincheistean agus na bacainní atá ann maidir le dreasachtaí d'fhostóirí agus ar na bearnaí atá ann san eolas ar na tacaí atá ar fáil.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhfoghlaim ó dhlínsí eile i réimse an idirchaidrimh le fostóirí, lenar áiríodh ceardlann idirnáisiúnta a sheoladh i gcomhar le saineolaithe ó sheirbhísí fostaíochta poiblí na hOstaire
- Suirbhé a dhéanamh ar fhostóirí
- Cleachtadh comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhar le daoine faoi mhíchumas chun moltaí atá ag teacht chun cinn a phlé
- Tuarascáil a scaipeadh trí imeacht seolta agus trí fheachtas sna meáin

Bíonn ÚNM ag obair chun a chinntiú go gcuirfear na moltaí atá sa tuarascáil ó ECFE san áireamh laistigh de phleananna oibre rannacha éagsúla agus laistigh den phlean gníomhaíochta nua don Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta.

Meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin maidir le straitéisí náisiúnta a chur chun feidhme, feidhmíocht a thomhas in aghaidh táscairí agus sonraí, agus tuarascálacha measúnaithe neamhspleácha a ullmhú, agus aird ar leith á tabhairt ar mheastóireacht a dhéanamh ar thorthaí do dhaoine aonair

Measúnú ar dhul chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh ÚNM an measúnú neamhspleách uaidh ar dhul chun cinn ar na gníomhartha faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022 don bhliain 2020 a chur chun feidhme. Bhí an measúnú sin bunaithe ar thuairisciú rannach ar na gníomhartha atá geallta agus ar fhaisnéis agus fianaise a bhailigh ÚNM le linn dó gníomhú mar bhall de ghrúpaí oibre, de choistí agus de Choistí Comhairleacha Rannacha. Bhí sé bunaithe freisin ar an idirchaidreamh a rinneadh le geallsealbhóirí míchumais.

Thuairiscigh ÚNM go ndearnadh dul chun cinn ar chuid mhór de na gníomhartha faoi gach ceann de na hocht dtéama den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais sa bhliain 2020. Ba

mhoille an dul chun cinn iarbhír ná an dul chun cinn a bhí beartaithe ar dtús i roinnt de na réimsí sin, áfach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, mhol ÚNM gur cheart réimsí áirithe a roghnú lena ngrinnschrúdú ag cruinnithe de chuid na gCoistí Comhairleacha Rannacha agus/nó ag cruinnithe de chuid Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Leag ÚNM béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh ranna breithniú ar conas cur chuige struchtúrtha a fhorbairt i leith cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha a bhfuil ‘gach roinn agus gach comhlacht poiblí’ freagrach astu laistigh dá ranna féin agus laistigh de na comhlachtaí atá faoina gcoimirce agus i leith tuairisc a thabhairt ar na gníomhartha sin.

Áiríodh iad seo a leanas le roinnt de na réimsí inar cuireadh obair i gcrích nó ar aghaidh sa bhliain 2020 ar aon dul leis na gníomhartha atá luaite sa Straitéis:

- Athbheithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte
- Coimircí Chosaint na Saoirse a chur ar aghaidh
- Buiséid Phearsantaithe
- Rialacháin le haghaidh seirbhísí míchumais cónaithe
- Obair Grúpaí nua a leagan síos chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Teicneolaíocht Chúnta agus leis an Iompar, de réir mar a bhaineann sé leis an bhFostaíocht
- Gníomhartha nua agus gníomhartha atá ann cheana a ndearna paidéim COVID-19 difear dóibh
- Gníomhartha Comhroinnte atá de chúram ar na Ranna uile, gan aon Roinn ‘fhreagrach’ aonair a bheith ann
- Forbairt a dhéanamh ar leagan nua den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais agus/nó den Phlean um Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a Chur Chun Feidhme

Mhol ÚNM go nglacfadh Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais cur chuige téamach i leith a chruinnithe ráithiúla, agus topaicí molta á gcomhroinnt aige leis an nGrúpa. Áiríodh iad leo a leanas leis na topaicí sin: Meabhairshláinte; Fostaíocht; Seirbhísí míchumais atá dírithe ar an duine agus pobail chuimsitheacha; agus, rud ba phráinní fós, díospóireacht théamach ar an straitéis a chuirfí in áit na Straitéise reatha, atá le dul in éag sa bhliain 2022.

An Coiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart

Tugadh cuireadh do ÚNM freastal ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart Dé Máirt an 28 Meán Fómhair in éineacht le finnítithe eile, lenar áiríodh an tSeirbhís Chúirteanna, Victim Support at Court, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus Barra na hÉireann. Sa ráiteas tosaigh uaidh, labhair ÚNM faoi na hAirteagail iomchuí de UNCRPD, lenar áiríodh Airteagal 4(3) maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh go díreach le daoine faoi mhíchumas, agus faoi na gníomhartha iomchuí den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais maidir le feabhas a chur ar rochtain ar cheartas do dhaoine faoi mhíchumas. Liostaigh ÚNM na socruithe nós imeachta agus na socruithe inrochtaineachta ba chearta a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht ghníomhach daoine faoi mhíchumas sa chóras ceartais a éascú, lena n-áirítear idirghabhálaithe, an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus foirgnimh, faisnéis agus TFC atá inrochtana. Leagamar béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leanúint le hoiliúint a chur ar bhaill foirne na Seirbhíse Cúirteanna agus ar na breithiúna agus le feasacht a mhúscailt ina measc agus ar an ngá atá ann le sonraí a bhailiú agus a scaipeadh go cuí.

Chuir na comhaltaí den Chomhchoiste ceisteanna, agus chuir siad tuairimí in iúl, maidir le cur chuige Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm i leith an chláir nuachóirithe atá ar bun ag an tSeirbhís

Chúirteanna agus maidir leis na tacaí atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear idirghabhálaithe. Thapaigh ÚNM an deis chun a chur in iúl go soiléir go gceanglaítear leis an Acht um Míchumas agus leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais go n-éascófaí inrochtaineacht i dtithe cúirte, agus sinn ag rá gur cheart soláthar a dhéanamh don chéanna, lena n-áirítear trí phróisis bhuiséadaithe iomchuí. Chuireamar in iúl freisin nach mbeadh aon ghá ann le hathchóirithe costasacha a dhéanamh tráth níos déanaí dá nglacfaí cur chuige Deartha Uilíoch i leith na n-áitreabh sin ar an gcéad ásc.

Comhairle a thabhairt maidir le caighdeán a chur chun feidhme i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus maidir le treoir a fhorbairt chun dea-chleachtas a chomhroinnt

Caighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Sóisialta do Leanaí

Lean ÚNM lena bheith ina bhall den Ghrúpa Comhairleach atá i bhfeidhm ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) chun Dréachtchaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Sóisialta do Leanaí a fhorbairt. Chuir an Grúpa Comhairleach tús lena chuid oibre i lár na bliana 2019. Chuir ÚNM aiseolas isteach le linn na dréachtchaighdeán a fhorbairt. Chuir sé aiseolas isteach freisin maidir leis an gcreat nua prionsabalbhunaithe le haghaidh chaighdeán HIQA, rud a bhí le húsáid den chéad uair riamh agus na caighdeán sin á bhforbairt. San aighneacht uaidh le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar na dréachtchaighdeán, d'fháiltigh ÚNM roimh an díriú a bhí á leagan ar thorthaí a bhaint amach don úsáideoir, seachas an próiseas, agus ar chaighdeán a scríobh ó thaobh an duine a bhíonn ag rochtain na seirbhíse. Chomh maith leis sin, chuir ÚNM tuairimí in iúl maidir le caighdeán shonracha a bhaineann le rochtain chothromasach ar sheirbhísí agus maidir leis an gceanglas go mbeadh beartais agus cleachtais láidre eagraíochtúla i bhfeidhm chun an reachtaíocht um fhaisnéis phearsanta a chomhlíonadh, mar aon le tuairimí maidir lena inrochtana atá an doiciméad caighdeán.

Rinne Bord HIQA na Dréachtchaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Sóisialta do Leanaí a cheadú agus a fhorghníú go láidir ag an gcruinniú dá chuid i mí na Nollag 2021. Cuireadh na caighdeán isteach lena gceadú ag an Aire ansin. Féachfaidh HIQA anois ar uirlisí cur chun feidhme chun tacú le seirbhísí na caighdeán a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Dréachtchaighdeán Náisiúnta Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Tá na dréacht-Chaighdeán Náisiúnta Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta á bhforbairt ag HIQA agus ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte faoi láthair, agus lean ÚNM lena bheith ina bhall de Ghrúpa Comhairleach HIQA le haghaidh na caighdeán a fhorbairt le linn na bliana 2021. Chuir ÚNM aiseolas isteach le linn na caighdeán a fhorbairt, lena n-áiríodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí. Tháinig an Grúpa Comhairleach le chéile den uair dheireanach i mí Feabhra 2022, agus táthar ag súil leis go gcuirfeadh na dréachtchaighdeán deiridh isteach lena gceadú ag an Aire sna seachtainí ina dhiaidh sin.

Caighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Baile

Thosaigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar chaighdeán náisiúnta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí tacaíochta baile chun comhlánú a dhéanamh ar an reachtaíocht phríomha agus ar na híoscheanglais (rialacháin) atá á bhforbairt ag an rialtas chun tacú le daoine cónaí ina dteach féin. Samhlaítear gur leithne i bhfad an raon seirbhísí a chumhdófar

sna caighdeáin le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Baile ná iad sin a bheartaítear a chumhdach le rialacháin/ceadúnú¹. Tá Grúpa Comhairleach á thionól ag HIQA chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na gcaighdeán sin. Déantar ionadaíocht do ÚNM ar an nGrúpa Comhairleach, a tháinig le chéile den chéad uair i mí na Samhna 2021.

Taighde a sheoladh agus comhairle a fhorbairt chun fothú acmhainneachta a threorú sa mhórphobal, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar shásraí chun comhtháthú pobail agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach

Páipéar Comhairle chuig RLCMLÓ maidir le cur chuige i leith Straitéis um UNCRPD

I mí an Mheithimh 2020, d'iarr an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) tuairimí maidir leis an nóta coincheapa uathí maidir le cur chuige beartaithe i leith Plean um UNCRPD a Chur Chun Feidhme agus maidir leis an amlíne don chéanna. Bhí sé sin ag teacht leis na gealltanais a tugadh tar éis an athbhreithnithe lár téarma ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais.

Mhol ÚNM go bhforbrófaí **Straitéis 10 mbliana um UNCRPD a Chur Chun Feidhme** chun treochlár a sholáthar le haghaidh an Coinbhinsiún a chomhlíonadh. Leagfaí amach sa Straitéis sin gealltanais ardleibhéil chun a chinntiú go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme ina iomláine ar fud gach réimse den saol. Bunaithe ar an Straitéis sin, d'ullmhófaí **pleananna gníomhaíochta míchumais** gearrthéarmacha ilbhliantúla (e.g., 3 bliana) ansin ar leibhéal gach roinne rialtais nó gníomhaireachta. Sa phlean gníomhaíochta sin, leagfaí ar an Roinn lena mbaineann ceangaltais shonracha intomhaiste atá faoi cheangal ama. Cé go mbeadh sé cosúil leis na Pleananna Earnála a fhorbraítear do Ranna faoin Acht um Míchumas, is ar fud an rialtais, seachas sna réimsí roghnaithe atá sainaitheanta laistigh den reachtaíocht sin, a d'fhorbrófaí an plan gníomhaíochta. Dhéanfaí pleananna gníomhaíochta a aistriú ansin ina **pleananna oibre bliantúla** laistigh de ranna agus de chomhlachtaí poiblí.

Mhol ÚNM go bhforbrófaí Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme, bunaithe ar théamaí ardleibhéil. I ndlínsí eile, roghnaítear idir sé théama ardleibhéil agus ocht dtéama ardleibhéil, ina gcuimsítear roinnt Airteagal de UNCRPD agus lena gcomhlíontar na hAirteagail sin diaidh ar ndiaidh. Mar shampla, d'fhéadfaí Airteagail 12, 19, 20 agus 23, i measc cinn eile, a chur ar áireamh sa téama 'Rogha agus Smacht'. D'fhéadfaí an téama sin a léiriú ar shlite difriúla ansin, ag brath ar an roinn nó ar an gcomhlacht poiblí atá i gceist.

Maidir le faireachán, mhol ÚNM go ndéanfaí sraith táscairí uileghabhálacha ardleibhéil ar dhul chun cinn a fhorbairt don Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme chun a chinntiú gur féidir

¹ Tá sé beartaithe ag an Roinn Sláinte go mbeidh feidhm ag na híoscheanglais atá leagtha amach sa reachtaíocht thánaisteach (rialacháin) le linn na chéad chéime de ghníomhaíochtaí gairmiúla tacaíochta baile a chur i bhfeidhm, lena gcuimsítear cabhair le cúram pearsanta agus gníomhaíochtaí na beatha laethúla. Níl sé beartaithe faoi láthair an raon níos leithne seirbhísí a sholáthraítear i dteach duine chun tacú le daoine a bhfuil riachtanais chúraim acu maireachtáil go neamhspleách a chur ar áireamh sna rialacháin. Samplaí de na seirbhísí sin is ea seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus gairmithe eile cúram sláinte.

Samhlaítear faoi láthair gurb é a bheidh i gceist le 'Tacaíocht baile' sna rialacháin tosaigh ná cúram fisiciúil agus pearsanta a sholáthar ina t(h)each féin do dhuine atá 18 mbliana nó níos sine agus nach féidir, de dheasca tinnis, easláine nó míchumais, an cúram sin a sholáthar dó/di féin gan chúnamh. Áirítear leis sin na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

a) cúnamh fisiciúil le gluaiseacht, feidhmeanna coirp agus sláinteachas pearsanta, amhail ithe agus ól, úsáid leithris, niochán, gléasadh, agus cúram béil, craicne, gruaige agus ingne
b) spreagadh agus maoirseacht i ndáil le cógas a thógáil agus i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe i bpointe (a), i gcás nach féidir le duine na nithe sin a dhéanamh go hinniúil gan spreagadh ná maoirseacht den sórt sin.

creat faireacháin a chothú don Straitéis tar éis thréimhse feidhme na straitéisí comhionannais reatha agus chun a chinntiú gur féidir leis an gcreat faireacháin sin treorú a dhéanamh ar na modheolaíochtaí faireacháin a fhorbrófar le haghaidh aon straitéisí den sórt sin amach anseo. Cé gur chuir ÚNM in iúl go dtairgeann struchtúr reatha Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais samhail a d'fhéadfaí a oiriúnú do Straitéis fhadtéarmach um UNCRPD a Chur Chun Feidhme, dúirt sé freisin go mbeadh sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí ról a thabhairt d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas in aon ghrúpa faireacháin nó formhaoirseachta. Mhol ÚNM freisin gur cheart don Ghrúpa Oifigeach Sinsearach agus don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais araon ról a imirt maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar an Straitéis.

Mhol ÚNM do RLCMLÓ dóthain ama a chur i leataobh chun gur féidir comhairliúchán fiúntach a dhéanamh ar an bPlean um UNCRPD a Chur Chun Feidhme agus rannpháirtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas a chinntiú sa phróiseas forbartha Straitéise. Thug ÚNM faoi deara freisin go mbeadh sé tábhachtach ionchur a fháil ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas freisin, i gcáil an Choimisiúin mar Shásra Faireacháin Neamhspleách faoi UNCRPD.

Teicneolaíocht Chúnta

Ationóladh grúpa oibre RLCMLÓ um theicneolaíocht chúnta i mí an Mheithimh 2021 tar éis sos a tháinig as srianta COVID-19. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa oibre gníomh 53 den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a chur ar aghaidh, rud a bhaineann le rochtain ar theicneolaíocht chúnta agus inacmhainne teicneolaíochta cúnata le haghaidh dul isteach san obair, fanacht san obair agus filleadh ar an obair. Tá ÚNM ina rannpháirtí gníomhach sa ghrúpa sin agus soláthraíonn sé comhairle beartais agus páipéir thaighde chun tacú leis an ngrúpa oibre, mar a cheanglaítear faoi Ghníomh 123 den Straitéis.

Tá ÚNM ina bhall den ghrúpa um Theicneolaíocht Dhigiteach agus Chúnta de chuid FSS freisin. Tugann sé comhairle maidir le hobair an ghrúpa agus thacaigh sé leis an ngrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais chuig scéim deontas le haghaidh teicneolaíocht chúnta. Is í teicneolaíocht chúnta an téama do Scéim Cur Chun Cinn Taighde ÚNM don bhliain 2021/22.

Treoir a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais agus reachtaíocht a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas

Athbhreithniú ar Threoirlínte 'Ask Me'

Chuir ÚNM tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméad "Ask Me – Guidelines for Effective Consultation with People with Disabilities", rud a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 2002. Bhí roinnt athruithe reachtacha agus beartais ann ó foilsíodh na treoirlínte sin ar dtús. Ceann amháin de na hathruithe sin ba ea UNCRPD a dhaingniú, rud ina leagtar amach oibleagáidí sonracha maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i bpróisis forbartha beartais agus i bpróisis faireacháin ar bheartais. Sa treoir nuashonraithe, tabharfar comhairle do ranna rialtais, d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas le linn próisis forbartha beartais agus le linn próisis comhairliúcháin ar bheartais, ar aon dul le UNCRPD.

Mar chéad chéim, rinne ÚNM athbhreithniú ar an litríocht maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i bpróisis forbartha beartais agus i bpróisis faireacháin ar bheartais. Tugadh cuireadh d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus do gheallsealbhoirí eile litríocht a mholadh lena cuimsiú san athbhreithniú. Rinneadh agallaimh le cúig eagraíocht náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas ansin, ar lena linn a comhroinneadh na téamaí a d'éascair as an athbhreithniú litríochta chun go bhféadfaí iad a phlé agus aiseolas a fháil ina leith. Éascaíodh fócasghrúpaí le

daoine óga faoi mhíchumas in éineacht le heagraíocht náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas freisin chun a gcuid tuairimí a fháil. Sheol ÚNM glao poiblí ar aighneachtaí ansin, rud inar iarradh ionchuir ó gach geallsealbhóir leasmhar.

Rinneadh na hionchuir a bailíodh ón bpróiseas comhairliúcháin sin a thiomsú ina dtuarascáil comhairliúcháin, agus dréachtmholtaí ó gheallsealbhóirí leagtha amach inti. Reáchtáil ÚNM fócasghrúpaí le hoifigigh phoiblí ó Ranna, ó chomhlachtaí poiblí agus ó údaráis áitiúla ansin. Bhí sé mar chuspóir leis na fócasghrúpaí sin na dréachtmholtaí comhairliúcháin a chomhroinnt chun go bhféadfaí sainnithint a dhéanamh ar na deiseanna nó na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann agus na moltaí á gcur chun feidhme sa chleachtas. Foilseofar na treoirlínte deiridh sa bhliain 2022 agus scaipfear go forleathan iad ar fud na seirbhíse poiblí agus lasmuigh di araon.

An Creat Náisiúnta le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine a chur i bhfeidhm

Cuireadh an Creat Náisiúnta le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine i bhfeidhm i seirbhísí míchumais lae sa bhliain 2021, tar éis céim phíolótach a sheoladh ina leith sa dara leath den bhliain 2019. Rinne ÚNM forbairt an chreata a bhainistiú (agus a chistiú go páirteach). Tá ÚNM ina bhall d'Fhóghrúpa Threonna Nua um an gCreat le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine a Chur Chun Feidhme. Moladh sa tuarascáil maidir leis an gcéim phíolótach treoir mhionsonraithe a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí i ndáil le gnéithe éagsúla den phróiseas pleanála atá dírithe ar an duine. Forbraíodh ceithre threoir dhoiciméad, agus cuireadh sraith seimineár Gréasáin chun an creat a mhíniú do sholáthraithe seirbhísí ar siúl idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. Cuireadh na doiciméid agus taifeadtaí de na seimineáir Ghréasáin ar fáil ar líne ansin. Bhí sé beartaithe go ndéanfaidh gach seirbhís míchumais lae féinmheastóireacht in aghaidh an chreata faoi thús na bliana 2022 agus go gcuirfeadh siad pleananna le chéile ansin chun ailíniú leis an gcreat.

Athbhreithniú ar Oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017

D'ullmhaigh ÚNM an chéad tuarascáil uaidh maidir le hoibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017. Achtaíodh an reachtaíocht sin an 24 Nollaig 2017, á cheangal ar an Aire a shocrú go n-ullmhófaí tuarascáil maidir le hoibriú an Achta tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis a achtaithe. Chuir ÚNM an tuarascáil le chéile ar iarraidh ón Aire.

Ba é dáta tosach feidhme an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ná an 23 Nollaig 2020, a fhágann nach mór na forálacha uile den Acht a bheith i mbun feidhme faoin dáta sin. Chuaigh ÚNM i gcomhairle le húsáideoirí theanga chomharthaíochta na hÉireann agus le páirtithe leasmhara eile trí shuirbhéanna agus trí chruinnithe fócasghrúpa chun tuiscint a ghnóthú ar dhearcthaí agus eispéireas an phobail maidir le cur chun feidhme an Achta. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí a bhfuil freagrachtaí orthu faoin Acht faisnéis a sholáthar faoina ngníomhaíochtaí cur chun feidhme freisin trí shuirbhé a chomhlánú agus trí chruinnithe fóirúla a sheoladh le ranna a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu faoin Acht. Bunaíodh grúpa comhairleach freisin, rud a chuimsigh príomh-geallsealbhóirí.

Breithníodh sa tuarascáil gach ceann de na 10 n-alt den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus fuarthas amach inti nach bhfuil an tAcht ag oibriú mar a bhí beartaithe, tríd is tríd. Tarraingíodh aird inti ar an ngá atá ann le feasacht, tuiscint agus soiléire maidir leis an Acht a fheabhsú go mór i measc gach geallsealbhóra agus ar an ngá atá ann le cur chun feidhme agus comhlíonadh a fheabhsú i measc comhlachtaí poiblí iomchuí. Rinneadh 17 moladh sa tuarascáil agus tarraingíodh aird inti ar chúig mhír a bhaineann leis an Acht agus ar fiú tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh orthu. Bhain moltaí na tuarascála leis na nithe seo a leanas:

- Soláthar ateangairí theanga chomharthaíochta na hÉireann a mhéadú
- Feasacht a mhéadú ar an Acht agus raon feidhme agus príomhthéarmaí an Achta a shoiléiriú
- Nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú le haghaidh seirbhísí a rochtain trí theanga chomharthaíochta na hÉireann, lena n-áirítear sásraí gearán
- Tacú le comhlíonadh agus faireachán i measc comhlachtaí poiblí
- An ceart atá ag leanaí chun teanga chomharthaíochta na hÉireann a fhoghlaim a bhunú
- Feabhas a chur ar rochtain teaghlaigh ar fhoghlaim theanga chomharthaíochta na hÉireann sa Scéim Teagaisc um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Feabhas a chur ar rochtain ar theanga chomharthaíochta na hÉireann i scoileanna aitheanta, mar aon le híoscháilíochtaí agus socrúcháin ardoideachais a chur i bhfeidhm do mhúinteoirí leanaí atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu
- Feabhas a chur ar an tuiscint atá ag craoltóirí ar na clásail iomchuí den Acht agus ar an dóigh a gcuireann siad chun feidhme iad

Cuireadh an dréacht-tuarascáil deiridh i gcrích i mí Iúil 2021 agus soláthraíodh don Aire í. Fuarthas roinnt soiléirithe breise ó ranna ag deireadh na bliana 2021. Breithníodh na soiléirithe sin agus rinneadh na hathruithe cuí. Tá leaganacha den tuarascáil ar fáil freisin i dteanga chomharthaíochta na hÉireann, i ngnáth-Bhéarla agus i bhformáidí atá Éasca le Léamh. Déanfaidh an tAire Stáit le freagracht as Míchumas an tuarascáil a thíolacadh don dá Theach den Oireachtas go luath sa bhliain 2022, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Ullmhófar an chéad tuarascáil eile maidir le hoibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann i gceann cúig bliana, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

Leanúint le dearthaí dearfacha poiblí i leith míchumais a chur chun cinn ar fud gach réimse den saol, lena n-áirítear i gcomhthéacs fostaíochta

An Comórtas Ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’ do Bhunscoileanna

Is é atá sa chomórtas “Duine Cosúil Liomsa” ná comórtas bliantúil ealaíne do bhunscoileanna, rud a gcistíonn ÚNM é mar mhodh chun cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint atá ag leanaí ar mhíchumais. Tríd an gcomórtas, méadaítear an fheasacht agus an tuiscint atá ag leanaí, ag múinteoirí, ag tuismitheoirí agus ag daoine eile ar mhíchumais. Tá an comórtas ar oscailt do gach dalta bunscoile idir rang na naíonán sóisearach agus rang a sé agus glactar le hiontrálacha ó dhaltaí aonair nó ó ghrúpaí ranga/scoile. Is féidir iontrálacha a dhéanamh ar gach slí, idir phóstaeir, cholláisí agus dhealbha papier-mâché agus meán measctha.



Tionóladh an searmanas bronnta duaiseanna don bhliain 2020-21 i mí Eanáir 2021, áit ar fógraíodh Cathal Walsh ó rang 6 i Scoil Náisiúnta Charraigín na Plubóige, Co. Chorcaí, mar bhuaiteoir náisiúnta foriomlán. Bhí iontráil Cathal ina portráid de Harry, a leathchúpla dearthár. Bhí Cathal agus Harry le feiceáil i mír ar RTE Nine O’Clock News agus i dtrí nuachtán náisiúnta. Ba é sin an méid is mó cumhdaigh a fuair an comórtas riamh. Fuair na buaiteoirí contae a lán cumhdaigh sna meáin áitiúla freisin.

Bhíomar in ann an comórtas a réachtáil ar an tslí thraidisiúnta, den chuid is mó, i mbliana, agus sinn ag cloí go fóill leis na treoirínte maidir le paindéim COVID-19 a bhí i bhfeidhm ag an am. Rinne Anne Rabbitte TD, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, an comórtas a sheoladh i mí Mheán Fómhair. Fuarthas níos mó ná 1,800 iontráil faoin dáta deiridh. Cuireadh searmanas bronnta duaiseanna ar siúl go fíorúil i mí Feabhra 2022.

Le linn na bliana 2020, choimisiúnaigh ÚNM meastóireacht ar cé chomh maith agus a d'fheidhmigh an comórtas idir na blianta 2016 agus 2020 maidir lena éifeachtaí atá sé i ndáil le feasacht a mhéadú agus maidir leis an luach ar airgead a sholáthraíonn sé. Beidh an tuarascáil meastóireachta sin ar fáil sa chéad ráithe den bhliain 2022. Breithneoidh ÚNM an tuarascáil agus úsáidfear í chun bonn eolais a chur faoi bhreithniúcháin a bhaineann le caiteachas ar fheasacht ar mhíchumas.

Bailiú sonraí agus anailís sonraí a fhorbairt tuilleadh chun raon níos leithne sonraí agus staitisticí a thógáil chun bonn eolais a chur faoi phleanáil agus forbairt a bhaineann le míchumas agus chun dul chun cinn a thomhas i réimsí tábhachtacha

Staitisticí míchumais a fheabhsú

Le linn na bliana 2021, lean ÚNM leis an obair chomhoibríoch atá ar bun aige leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le comhlachtaí eile chun sonraí a bhaineann le míchumas a fhorbairt, a bhailiú agus a anailísiú. Áiríodh leis an obair sin obair i gcomhar le raon éagsúil geallsealbhóirí chun feabhas a chur ar bhailiú agus caighdeán sonraí míchumais agus taighde comhoibríoch leanúnach a dhéanamh ar mhaithe le léargas nua a fhorbairt trí úsáid a bhaint as sonraí míchumais.

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh doiciméad dar teideal 'Income, Employment and Welfare Analysis of People with a Disability 2019'.² Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal taighde sin ná raon difriúil tacar sonraí riaracháin de chuid an rialtais a nascadh le Daonáireamh 2016 chun léargas nua a thabhairt ar raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear fostaíocht, oideachas, tithíocht agus torthaí eile i saol daoine faoi mhíchumas. D'oibrigh ÚNM i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil.

Leanann ÚNM le hiarracht a dhéanamh comhlachtaí poiblí a spreagadh feabhas a chur ar an dóigh a ndéanann siad sonraí míchumais a bhailiú agus a bhainistiú, lena n-áirítear úsáid chomhsheasmhach a bhaint as marcóirí míchumais i sonraí riaracháin agus suirbhé, ar aon dul le treoir ón mBord Náisiúnta Staidrimh.

Where do persons with disabilities live?



92.9%
in Private
Households in
2016



7.1%
in Communal
Establishments in
2016



0.3%
Homeless in
2016

97.3%
for General
Population

2.63%
for General
Population

0.14%
for General
Population

Source: CSO Census data

Homelessness and Disability



1,871 persons with a disability are homeless



27.1% of homeless persons have some form of disability



11.9% of homeless persons have a psychological or emotional condition

Source: CSO Census data

An Tionscadal Comhpháirtíochta atá ar bun le ESRI

Thug ÚNM agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoi chlár taighde comhpháirtíochta ar nithe a bhaineann le míchumas. Is é an cuspóir atá leis an gclár eolas a chruthú agus a fheabhsú ar réimsí sonracha a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas, agus díriú á leagan ar thacaí don mhaireachtáil neamhspleách sa phobal agus san fhostaíocht. Tá an dá réimse sin iomchuí maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas (UNCPRD) a chomhlíonadh in Éirinn. Foilsíodh an chéad tuarascáil de chuid na comhpháirtíochta i mí Mheán Fómhair 2020 agus leanadh ar aghaidh le taighde a tháirgeadh ar fud na bliana 2021, agus roinnt páipéar á bhfoilsiú nó á gcur isteach chuig irisleabhair acadúla.

Torthaí acadúla agus sochmhothúchána daltá a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Rinne ESRI anailís ar na sonraí atá sa doiciméad dar teideal 'Ag Fás Aníos in Éirinn', staidéar fadaimseartha náisiúnta na hÉireann ar leanaí. Agus é dar teideal 'A capability approach to understanding academic and socio-emotional outcomes of students with special educational needs in Ireland', féachtar sa pháipéar ar an gceangal idir saintréithe aonair agus tosca timpeallachta baile agus scoile i measc leanaí agus iad 9 mbliana d'aois agus torthaí acadúla agus sochmhothúchána i measc daltá a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad 17 mbliana d'aois. Tugtar le tuiscint sna torthaí go bhfaigheann daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu torthaí níos ísle, ar an meán, ná daltá eile agus go ndéanann siad níos lú dul chun cinn idir naoi mbliana d'aois agus an tráth a dhéanann siad a scrúdú náisiúnta iar-bhunoideachais íochtaraigh ná daltá eile, ach amháin i gcomparáid le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta fhisiciúla oideachais. Trí úsáid a bhaint as diansonraí fadaimseartha atá ionadaíoch go náisiúnta, tairgtear sa pháipéar tuiscint níos iomlánaíche ar fhorbairt daoine óga

² <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/FP/FP-IEWAD/incomeemploymentandwelfareanalysisofpeoplewithadisability2019/>

³ See: <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/03054985.2021.1973982?journalCode=core20>

a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus soláthraítear ann fianaise thábhachtach ina léirítear gur gá cur chuige níos cuimsithí a ghlacadh i leith tacaíocht a thabhairt do dhaltá a bhfuil riachtanais bhreise acu, dá dtuismitheoirí agus dá scoil. Foilsíodh an páipéar san irisleabhar ‘Oxford Review of Education’ i mí Mheán Fómhair 2021.³

Sainaitint a dhéanamh ar bhearnaí scileanna i measc daoine faoi mhíchumas agus ar a n-ionchais fostaíochta

Le linn na bliana 2021, d’fhorbair ESRI tuarascáil chuimsitheach a bhí dírithe ar shainaitint a dhéanamh ar bhearnaí oideachais agus scileanna i measc daoine faoi mhíchumas agus ar a n-ionchais fostaíochta. Baineadh úsáid san anailís as meascán de mhodhanna staitisticí eacnaiméadracha agus tuairisciúla, agus úsáid nuálach á baint as modhanna eacnaiméadracha chun anailís a dhéanamh ar thorthaí margadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas. Úsáideadh roinnt foinsí sonraí atá ionadaíoch go náisiúnta chun na scileanna agus na buanna oideachais atá ag daoine faoi mhíchumas a chur i gcomparáid leo sin atá ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Rud sonrach, scrúdaíodh sonraí ón Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, ón gClár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach, ón Daonáireamh agus ó Staitisticí an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála.

Seoladh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2021 i gcomhthráth le tuarascáil eile a choimisiúnaigh ÚNM agus a chuir ECFE le chéile, rud a bhí dírithe ar idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí chun feabhas a chur ar thorthaí margadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn agus ar thacaíocht a thabhairt dóibh déanamh amhlaidh. Fuair comhsheoladh na dtuarascálacha sin leibhéal suntasach cumhdaigh sna meáin náisiúnta.

Cónaí sa Phobal agus Seirbhísí Cúnaimh Phearsanta

Foilsíodh an chéad tuarascáil phiar-athbhreithnithe ón gcomhpháirtíocht i mí Mheán Fómhair 2020. Agus é dar teideal “Specialist support for persons with disabilities living in the community: Review of the international literature”, cuireadh i láthair sa tuarascáil sin scrúdú taiscéalaíoch ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le saintacaíocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas a chónaíonn sa phobal. Chun cur leis an athbhreithniú litríochta sin, leanadh ar aghaidh le taighde a dhéanamh ar chónaí sa phobal agus ar sheirbhísí cúnaimh phearsanta le linn na bliana 2021. Rinne grúpa comhairleach formhaoirseacht ar an obair sin, rud a bunaíodh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar thaighde atá dírithe go sonrach ar chliaint de chuid seirbhísí cúnaimh phearsanta. Áirítear leis an ngrúpa comhairleach daoine a bhfuil taithe phearsanta acu ar mhíchumas.

Tar éis sraith agallamh a sheoladh le bainisteoirí seirbhísí míchumais i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), rinneadh suirbhé a bhí dírithe ar an bpróiseas chun tacaí cúnaimh phearsanta a mheasúnú agus a leithdháileadh a dháileadh ar bhainisteoirí ar fud gach ceann de na naoi nEagraíocht Cúram Sláinte Pobail. Ina dhiaidh sin, chuir ESRI Páipéar Tírdhreacha le chéile inar scrúdaíodh príomhfhionnachtana na n-agallamh agus na suirbhéanna. Cuireadh an páipéar sin faoi bhráid an irisleabhair acadúil dar teideal Disability & Society. Rinneadh suirbhé breise a bhí dírithe ar eispéreas na gcliant de chuid seirbhísí cúnaimh phearsanta a fhorbairt agus a dháileadh sa dara ráithe den bhliain 2021, agus ionchur á fháil ó ÚNM agus ó ghrúpa comhairleach an staidéir araon. Sa cheathrú ráithe den bhliain 2021, leag ESRI príomhfhionnachtana na céime tosaigh oibre faoi bhráid ÚNM, Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus roinnt comhlachtaí rialtais tábhachtacha eile a bhfuil freagrachtaí orthu i réimse na seirbhísí cúnaimh phearsanta. Chuir ESRI dréachtpháipéar maidir le seirbhísí cúnaimh phearsanta isteach ag deireadh na bliana 2021, rud inar cumhdaíodh an raon iomlán suirbhéanna agus agallamh a rinneadh don tionscadal. Cuireadh an páipéar sin faoi bhráid Disability & Society, ar irisleabhar acadúil urramach é, lena athbhreithniú.

Bíonn obair na staidéar sin á húsáid ag ÚNM chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle beartais a thugann sé sa réimse seo.

Eispéiris ban faoi mhíchumas le seirbhísí máithreachais

Bhí sé mar chuspóir leis an tuarascáil taighde seo ceann amháin de na gealltanais a thug ÚNM faoi Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020 a chomhlíonadh, ba é sin: “Tuilleadh taighde a dhéanamh chun seirbhísí agus tacaí máithreachais do mhná faoi mhíchumas le linn toirchis agus ina dhiaidh a threorú” (Gníomh 2.20). Cé go raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagrach as an Straitéis sin ar dtús, ba chuid an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a aistríodh freagracht as an Straitéis ina dhiaidh sin.

Bhí an tuarascáil seo bunaithe ar anailís sonraí tánaisteacha ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais a rinneadh sa bhliain 2020. Sa suirbhé sin, tugadh deis do mháithreacha labhairt faoina n-eispéiris leis an gcúram a sholáthraítear idir an tréimhse réamhbhreithe agus an tréimhse iarbhreithe i seirbhísí máithreachais na hÉireann. Bhí an suirbhé faoi stiúir ag HIQA. Tá sé mar chuid den Chlár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim, ar tionscnamh de chuid HIQA, FSS agus na Roinne Sláinte é. Gabhtar sa chlár sin aiseolas ar na heispéiris sláinte agus chúraim shóisialta a bhíonn ag daoine ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sin in Éirinn. Foilsíodh sraith tuarascálacha ar eispéiris mháithreachais na mban ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil bunaithe ar an suirbhé. Foilsíodh pleananna feabhsúcháin cáilíochta bunaithe ar fhionnachtana an tsuirbhé do gach ceann de na 19 gcinn d’ospidéal/aonaid mháithreachais agus de na naoi limistéar Eagraíochta Cúram Sláinte Pobail freisin. Ní thagraítear go sonrath do mhná faoi mhíchumas in aon cheann de na tuarascálacha a foilsíodh go dtí seo.


Úsáidtear sa tuarascáil seo sonraí ón Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais chun díriú ar na heispéiris cúram máithreachais a bhí ag mná, agus é i gceist léi na foilseacháin atá bunaithe ar an suirbhé a chomhlánú. Sa tuarascáil, cuirtear síos ar na heispéiris cúram máithreachais a bhí ag 217 mbean faoi mhíchumas a thug freagra ar an suirbhé agus cuirtear eispéiris na mban sin i gcomparáid leis na heispéiris a bhí ag an 2,987 bhfreagraí nach bhfuil faoi mhíchumas. Leagtar amach sa tuarascáil na tionscnaimh éagsúla a measann FSS agus geallsealbhóirí iomchuí eile gur cheart go réiteodh siad roinnt de na príomh-shaincheistean a tháinig as an suirbhé agus a théann i bhfeidhm ar gach bean. Déantar sraith moltaí inti ansin chun a chinntiú go dtabharfaidh na tionscnaimh sin aghaidh go sásúil ar na riachtanais atá ag mná faoi mhíchumas. Trí na moltaí sin a chur chun feidhme, cabhrófar lena chinntiú gur féidir le seirbhísí máithreachais freastal ar na riachtanais shonracha atá ag mná faoi mhíchumas. Mura gcuirtear chun feidhme iad, tá baol ann gurb é an toradh a bheidh ar thionscnaimh nach bhfuil inrochtana ag gach bean ná difríochtaí a chruthú sna heispéiris chúraim a bheidh ag mná faoi mhíchumas agus ag mná nach bhfuil faoi mhíchumas nó na difríochtaí atá ann cheana ina leith sin a chaomhnú nó a ghéarú.

Scaipeadh an tuarascáil deiridh agus na moltaí ar raon leathan geallsealbhóirí. Tá sé beartaithe an anailís a dhéanamh an athuair tar éis an chéad Suirbhé Náisiúnta eile ar Eispéireas Máithreachais sa bhliain 2023.

An Bord um Rialachas Sonraí

Sa bhliain 2021, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cuireadh do Stiúrthóir ÚNM dul isteach sa Bhord um Rialachas Sonraí a bunaíodh faoin Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Tionóltar an Bord chun formhaoirseacht a dhéanamh ar dhea-chleachtas i ndáil le comhroinnt sonraí ar mhaithe le leas an phobail agus chun comhairle a chur ar an Aire ina leith sin, ar aon dul leis an reachtaíocht cosanta sonraí. Tugadh cuireadh don Stiúrthóir ar bhonn a hinniúlachta i sonraí comhionannais agus cuimsithe, agus chuir sí in iúl don Bhord cé chomh tábhachtach agus atá sé inrochtaineacht a chinntiú in obair an Bhoird, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí.

Tosaíocht Straitéiseach 2



Tosaíocht Straitéiseach 2:

“Na hathruithe sochaíocha, na dúshláin shochaíocha agus na deiseanna sochaíocha a imríonn tionchar ar shaol daoine faoi mhíchumas a thuiscint agus comhairle a thabhairt ina leith”.

Taighde a shainnithint agus a sheoladh chun faisnéis agus fianaise a fhorbairt faoi na himpleachtaí a bhíonn ag athruithe agus forbairtí sochaíocha

Tionscadal nuálaíochtaí COVID-19

Sa bhliain 2021, sheol ÚNM taighde chun sainnithint a dhéanamh ar na nuálaíochtaí agus na hoiriúnaithe a d'éascair as paindéim COVID-19. Bhí sé mar aidhm leis an taighde sainnithint a dhéanamh ar nuálaíochtaí agus cleachtais nua a rachadh chun tairbhe do dhaoine faoi mhíchumas dá gcoinneofaí i bhfeidhm iad tar éis na paindéime. Sa tuarascáil, baintear leas as athbhreithniú litríochta, as aighneachtaí a fuarthas ó gheallsealbhóirí éagsúla agus as tuairimí na rannpháirtithe in imeacht comhairliúcháin a thionóil ÚNM, rud dar teideal “Atógáil chun Feabhais tar éis Phaindéim COVID-19”.

Doiciméadaítear sa tuarascáil an dóigh ar spreagadh oiriúnuithe agus nuálaíochtaí fairsinge de dheasca na paindéime, agus roinnt athruithe a bhí beartaithe nó a bhí ar siúl cheana féin á dtabhairt chun tosaigh dá deasca freisin. Spreagadh tionscnaimh chomhoibríocha thrasphobail agus idirghníomhaireachta de dheasca na paindéime freisin, rud as ar tháinig cineálacha nua cur chuige i leith cuimsiú sóisialta agus comhroinnt níos éifeachtúla acmhainní a chur chun cinn.

Tugadh le tuiscint sna haighneachtaí a fuarthas go bhfuil soláthraithe seirbhísí míchumais agus úsáideoirí seirbhísí i bhfách le roinnt athruithe a leabú agus a fhorbairt tuilleadh. Tá cur chuige cumaisc ina gcuimsítear meascán de sheirbhísí i bpearsa agus de chianseirbhísí ina rogha inmharthana anois do réimsí amhail sainseirbhísí míchumais, seirbhísí teiripe agus roinnt cineálacha soláthair oideachais.

I measc na bpríomhréimsí inar tharla mearathrú le linn na paindéime bhí teileasláinte, cianobair agus glacadh forleathan teicneolaíochtaí digiteacha. Ba mar gheall ar úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta a éascaíodh cuid mhór de na nuálaíochtaí a phléitear sa tuarascáil.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teicneolaíocht i gcás leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu toisc gur féidir léi neamhspleáchas a chur chun cinn, deacrachtaí cumarsáide a shárú, cuimsiú a chothú agus cur ar chumas an fhoghlaiméora foghlaim ar an mbealach agus ag an luas is oiriúnaí dó/di. Ba é an toradh a bhí ar dhúnadh na scoileanna de dheasca na paindéime ná gur glacadh go mear leis an teicneolaíocht dhigiteach agus gur cuireadh go mear leis na scileanna TFC atá ag múinteoirí. Is dóigh go gcuirfidh sé sin ar chumas tuilleadh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu barr a gcumais a bhaint amach le himeacht ama. D’fhéadfadh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu an tairbhe is mó a bhaint as comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim a chur ar aghaidh.

Sa tuarascáil taighde, leagtar béim ar an ról suntasach a bhí ag an teicneolaíocht i saol daoine faoi mhíchumas le linn na paindéime agus tagtar ar an gconclúid gur dóigh go leanfaidh úsáid agus tábhacht na teicneolaíochta le méadú tar éis na paindéime.

Moltar sa tuarascáil taighde go ndéanfaí breithniú ar thuilleadh taighde a sheoladh chun a shuí cé acu a leabaíodh nó nár leabaíodh na hathruithe dearfacha a rinneadh le linn na paidéime agus chun tionchar na n-athruithe sin a mheas. Moltar inti freisin gur cheart an taighde breise sin a bheith bunaithe ar dhearcthaí na bpríomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear: daoine faoi mhíchumas; teaghlaigh agus cúramóirí; eagraíochtaí ionadaíocha; agus oifigigh iomchuí rialtais.

An aighneacht ó ÚNM maidir leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn

I mí an Mheithimh 2021, rinne ÚNM aighneacht maidir leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn. Is é cuspóir an Chreata a chinntiú go nglacfar cur chuige pleanáilte i leith infheistiú i gcóras iompair na hÉireann chun go gcomhlíonfaidh sé éilimh dhaonra méadaitheach na hÉireann, rud a bhainfidh beagnach 5.7 milliún duine amach faoin mbliain 2040.

Thug ÚNM faoi deara go bhfuil rún daingean ag an Roinn Iompair agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair cur lena inrochtana atá seirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phríobháidigh. Chuir ÚNM imní in iúl, áfach, nach bhfuil sa Chreat aon chuspóir straitéiseach follasach chun seirbhísí comhtháite iompair phoiblí agus iompair phríobháidigh a bhfuil dearadh uilíoch orthu a sholáthar i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe. Ní dhearnadh aon trácht ná aon bhreithniú ann ach oiread ar an tionchar a bheadh ag an gCreat ar raon éagsúil úsáideoirí, daoine faoi mhíchumas san áireamh, ná ar an gcumas a bheadh acu seirbhísí iompair a rochtain. San aighneacht ó ÚNM, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh i leith na gnéithe éagsúla de chóras náisiúnta iompair a dhearadh agus a chur chun feidhme agus ar an tábhacht a bhaineann leis an obair sin a dhéanamh i gcomhairle leis an raon iomlán daoine a úsáidfídh córas den sórt sin. Leagamar béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le measúnacht tionchair míchumais a dhéanamh ar aon tionscadal a bhfuil caiteachas suntasach i gceist leis.

Idirchaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair

I mí na Nollag, rinne ÚNM trí aighneacht i leith trí chomhairliúchán a bhí ar siúl ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le trí thionscadal iompair, ba iad sin: ‘Éire a Nascadh’ – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe; tionscadal BusConnects Chorcaí; agus an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cé gur aithníodh sna haighneachtaí sin na tairbhí a bhaineann le gach ceann de na tionscadail iompair, chuir ÚNM imní in iúl iontu nach raibh sé soiléir cé acu a glacadh nó nár glacadh cur chuige cuimsitheach i ngach ceann de na trí thionscadal, ar chur chuige é inar cuireadh tuairimí daoine faoi mhíchumas san áireamh. San am i láthair, ní chuirtear in iúl ach i gceann amháin de na trí thionscadal (an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath) tiomantas do dhearadh uilíoch a chur san áireamh sa tionscadal.

Rinneadh Measúnacht Tionchair Comhionannais, inar féachadh ar nithe míchumais, mar chuid den Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath freisin.

Leagadh béim sna haighneachtaí ó ÚNM ar a thábhachtaí atá sé go ndearfaí gníomhaíochtaí comhairliúcháin chun rannpháirtíocht a uasmhéadú, lena n-áirítear rannpháirtíocht daoine a mbíonn dúshlán acu le modhanna idirchaidrimh ar líne. Tá ríthábhacht ag baint leis an gcomhairliúchán sin maidir le bonn eolais a chur faoi thionscadail iompair a dhearadh agus a sholáthar lena n-éascaítear líon méadaithe daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas gréasáin iompair phoiblí a rochtain.

Rinne ÚNM tuilleadh idirchaidrimh leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na pointí sin a phlé go mion, agus táimid ag tnúth lena bheith ag obair i gcomhar leis arís sa bhliain 2022.

Tuiscint a ghnóthú ar dhearcthaí na bpríomh-gheallsealbhóirí maidir le réimsí dúshlánacha, lena n-áirítear: daoine faoi mhíchumas; teaghlaigh agus cúramóirí; eagraíochtaí ionadaíocha; agus oifigigh rialtais a bhíonn ag obair ar bheartas agus ar chleachtas

Comhdháil Bhliantúil 2021

Tionóladh Comhdháil Bhliantúil ÚNM don bhliain 2021 Déardaoin an 14 Deireadh Fómhair. Bhí an Chomhdháil dírithe ar Airteagal 12 de UNCRPD (aitheantas comhionann os comhair an dlí) a chomhlíonadh tríd an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015. Le hAirteagal 12 de UNCRPD, ceanglaítear ar Stáit is Páirtithe a aithint go bhfuil ag daoine faoi mhíchumas an cumas dlíthiúil céanna le daoine eile agus gach beart cuí a dhéanamh chun an tacaíocht a theastaíonn uathu chun cinntí a dhéanamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. Aidhm eile atá le hAirteagal 12 is ea a chinntiú gurb ann do choimircí chun toil agus sainroghanna pearsanta an duine a chur chun cinn agus chun cosaint a thabhairt ar thionchar míchuí agus ar choinbhleachtaí leasa. Ar deireadh, ceanglaítear leis ar Stáit is Páirtithe bearta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil ceart comhionann ag daoine faoi mhíchumas chun maoin a shealbhú nó a fháil le hoidhreacht agus chun a ngnóthaí airgeadais féin a rialú.

Fuarthas aithisc ó Roderic O’Gorman TD, Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus ó Anne Rabbitte TD, Aire Stáit le freagracht as Míchumas, le linn na Comhdhála. Chualamar ó spreagchainteoirí freisin, ba iad sin: Rosemary Kayess (Cathaoirleach Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Míchumas); Alberto Vasquez (Dlíodóir agus tathantóir maidir le Cearta Daoine faoi Míchumas); agus Áine Flynn (Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí). Sa chéad díospóireacht phainéil, a bhí faoi chathaoirleacht ag Patricia Rickard Clarke (Cumhdach Éireann), chualathas ó na geallsealbhóirí a rachadh tabhairt isteach na reachtaíochta i bhfeidhm orthu. Áiríodh leo sin FSS, an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta, an tSeirbhís Chúirteanna, aturnaetha, agus gairmithe airgeadais. Sa dara painéal, chualathas ó shaineolaithe ó thrí dháilínse dhifriúla – Sasana agus an Bhreatain Bheag, an tSualainn, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá – atá chun tosaigh ar Éirinn maidir le reachtaíocht agus/nó cleachtas um chinnteoireacht faoi thacaíocht. Sa phainéal deireanach, chualathas ó dhaoine a mbeadh tionchar díreach ag an reachtaíocht orthu, lena n-áiríodh ionadaithe ó Ghasra Oibre na hÉireann um Néaltrú, ón Ardán Náisiúnta Féintathantóirí, ó Oifig FSS um Théarnamh Meabhairshláinte agus um Idirchaidreamh maidir le Meabhairshláinte agus ó Chúramóirí Teaghlaigh Éireann. Gabhtar an-bhuíochas le Aisling Glynn, comhalta Boird, as cathaoirleacht a dhéanamh ar an bpainéal sin. Dúnadh an Chomhdháil trí aitheasc a fháil ón mBreitheamh Onórach Mary Irvine, Uachtarán na hArd-Chúirte.

Tá an taifeadadh den Chomhdháil agus de gach láithreoireacht ar fáil anois ar shuíomh Gréasáin ÚNM: <https://www.nda.ie/policy-and-research/conference-reports/nda-annual-conferences/nda-annual-conference-2021-opportunities-and-aspirations-for-the-assisted-decision-making-capacity-act-2015-progressive-realisation-of-uncrpd-article-12-equal-recognition-before-the-law-.html>



Anne Rabbitte TD
Minister for Disability



Imeacht ‘Ár dTodhchaí a Chruthú’ dar teideal “The Big Think – Cé na nithe a measann daoine faoi mhíchumas ar cheart do thaighdeoirí iniúchadh a dhéanamh orthu sa todhchaí?”

Thionóil ÚNM seisiún tobsmaointeoireachta ar líne Dé Máirt an 23 Samhain 2021 maidir le smaointe le haghaidh taighde amach anseo in Éirinn. Eagraíodh é sin mar chuid den tionscadal ‘Ár dTodhchaí a Chruthú’ de chuid an rialtais. Leis an tionscadal sin, tugadh deis do gach duine in Éirinn a smaointe taighde a insint don rialtas chun cabhrú lenár dtír a dhéanamh níos fearr do gach duine. Thug na rannpháirtithe 101 smaoinemh le haghaidh taighde, agus iad ag baint go príomha le saol daoine faoi mhíchumas. Cuireadh na smaointe sin le chéile ina dtuarascáil ansin, rud a cuireadh faoi bhráid fhoireann an tionscadail. Foilsíodh iad ar shuíomh Gréasáin ÚNM freisin. Tá na príomhthéamaí a d’eascair as an tionscadal liostaithe thíos:

- Cearta an duine agus míchumas
- Comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas
- Taighde cuimsitheach agus scaipeadh taighde
- An dóigh a gcuirtear taighde, beartais agus treoir chun feidhme agus an úsáid a bhaintear astu
- Dearccháil i leith míchumais agus feasacht ar mhíchumas
- Soláthar seirbhísí agus inrochtaineacht seirbhísí
- Inrochtaineacht agus rannpháirtíocht
- Oideachas agus fostaíocht
- Pobal
- Meabhairshláinte agus folláine
- Iompar
- Ardáin ar líne agus teicneolaíocht
- Paindéim COVID-19
- Dearadh uilíoch
- Tithíocht agus easpa dídine
- Costas an mhíchumais

Beidh na smaointe sin úsáideach maidir le sainaitheint a dhéanamh ar réimsí inar féidir le ÚNM taighde nua a sheoladh.

Imeacht bliantúil éisteachta

D’óstáil ÚNM imeacht fíorúil an 14 Bealtaine 2021 chun cluinstitín go díreach ó dhaoine faoi mhíchumas agus óna n-eagraíochtaí ionadaíocha ar an téama ‘Atógáil chun Feabhais tar éis Phaindéim COVID-19’. Bhí sé mar aidhm leis an imeacht tuairimí a fháil faoin tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an oideachas, ar an bhfostaíocht agus ar an maireachtáil laethúil agus cluinstitín faoi na nuálaíochtaí nó na forbairtí a d’fhéadfaí a ghlacadh tar éis na paindéime ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas. Sa chéad chuid den imeacht, chualathas ó spreagchainteoirí a bhfuil taithí phearsanta acu ar mhíchumas: Díríodh ann ar leas a bhaint as an bhfoghlaim faoi shlite dearfacha inar féidir atógáil chun feabhais. Úsáidfear an fhoghlaim ón imeacht chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle agus faoin bhfaisnéis a sholáthróidh ÚNM don Aire, d’oifigigh rannacha agus don mhórearnáil phoiblí. Fuarthas amach le linn na ndíospóireachtaí gur thug a lán rannpháirtithe forbairtí dearfacha ina saol faoi deara le linn phaindéim COVID-19.

Chuir siad dóchas in iúl go gcuirfí san fhadtéarma le haon ghnóthachain a baineadh amach le linn na paindéime. Maidir leis na heispéiris dhiúltacha a bhí acu le linn na paindéime, dúirt siad go raibh súil acu go bhfoghlaimeofaí ó na heispéiris sin agus go gcuirfí sásraí i bhfeidhm chun nach ndéanfaí gníomhartha den sórt sin arís le linn aon ghéarchéimeanna amach anseo. I dtuarascáil achomair atá foilsithe ar líne, leagtar amach na tuairimí a chuir daoine faoi mhíchumas in iúl le linn an chomhairliúcháin agus déantar na téamaí ar tugadh aghaidh orthu a ghrúpáil ina roinnt catagóirí- ionadaíocht agus guth, dearadh uilíoch, teicneolaíocht agus oideachas agus fostaíocht. D'fhreastail seacht rannpháirtí is seasca ar an imeacht.

Idirchaidreamh le hArd-Chomhairle na hIordáine um Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Le linn na bliana 2021, lean ÚNM le tacaíocht a thabhairt d'Ard-Chomhairle na hIordáine um Chearta Daoine faoi Mhíchumas tríd an gcaidreamh atá ar bun eatarthu le trí bliana anuas. Forbraíodh an caidreamh sin ar dtús le tacaíocht ó Ambasáid na hÉireann san Iordáin chun tacú leis an Ard-Chomhairle cearta míchumais a chur ar aghaidh sa dlínse sin. Seoladh dhá phríomhghníomhaíocht sa bhliain 2021.

I mí an Mhárta, d'eagraigh ÚNM cruinniú idir an Ard-Chomhairle agus FSS. Rinne an Prionsa Mire, Uachtarán na hArd-Chomhairle, cathaoirleacht ar an gcruinniú. Rinne an tOllamh Mac MacLachlan, Treoraí Cliniciúil Náisiúnta um Sheirbhísí Míchumais, ionadaíocht do FSS ag an gcruinniú. Le linn an chruinnithe, pléadh na cúiseanna ginearálta le díriú a leagan ar uathachas san Iordáin agus tugadh an t-eolas is deireanaí ar fhorbairtí agus pleananna a bhaineann le huathachas in Éirinn.

I mí na Samhna, d'eagraigh ÚNM comhchruinniú idir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in Éirinn agus baill foirne agus coiste na hArd-Chomhairle. Bhí sé mar aidhm leis sin bonn eolais a chur faoi smaointeoireacht na hArd-Chomhairle maidir le comhlacht náisiúnta atá cosúil leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a chruthú. Bhí an cruinniú faoi chathaoirleacht ag an Dr Muhammad, stiúrthóir na hArd-Chomhairle, agus bhí Teresa Griffin Uas., Stiúrthóir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, i láthair. D'ullmhaigh an Ard-Chomhairle liosta ceisteanna, ar thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagra orthu ansin le linn díospóireacht leantach.

Leanfaidh ÚNM le díospóireachtaí a éascú leis an Ard-Chomhairle, de réir mar is iomchuí agus is cuí, de réir mar a fhéachann sí lena cuid beartas a fhorbairt.

An Grúpa Comhairleach um Cheartas i leith an Aosa Óig

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig uathí sa bhliain 2021, agus Grúpa Comhairleach á bhunú aici mar ghné amháin de na struchtúir faireacháin agus formhaoirseachta. Déanann Grúpa Rialachais agus Straitéise ardleibhéal formhaoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise. Faigheann a chuid oibre eolas ón nGrúpa Formhaoirseachta ar Cheartas i leith an Aosa Óig, a chuimsíonn ionadaithe do phríomhghníomhaireachtaí agus do Ranna Rialtais, agus ón nGrúpa Comhairleach um Cheartas i leith an Aosa Óig.

Tá an Grúpa Comhairleach um Cheartas i leith an Aosa Óig faoi chathaoirleacht ag an Aire Browne (Aire Stáit le freagracht as Athchóiriú an Dlí) agus fónann sé mar fhóram tábhachtach trínar féidir

idirchaidreamh a dhéanamh le raon leathan geallsealbhóirí pobail agus sain-gheallsealbhóirí maidir le cur chun feidhme na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig. Thug an tAire Browne cuireadh do Stiúrthóir ÚNM dul isteach sa ghrúpa sin, a tháinig le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana 2021. Bhí deis ann ag na cruinnithe sin aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas maidir le sonraí comhionannais a bhailiú agus a úsáid, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le heispéiris daoine óga faoi mhíchumas agus iad ag idirghníomhú leis an gcóras ceartais. Tarraingíodh aird freisin ar an tábhacht a bhaineann le feasacht ar mhíchumas i measc gairmithe ceartais, go háirithe feasacht ar mhíchumais cheilte. Leanfaidh obair an ghrúpa ar aghaidh ar fud thréimhse feidhme na Straitéise.

Faisnéis, sonraí agus staitisticí a bhaineann leis na réimsí sin a bhailiú agus a anailíú chun bonn fianaise a sholáthar le haghaidh comhairle beartais agus ionchur beartais amach anseo

Soláthraíonn ÚNM comhairle beartais maidir le saincheisteanna éagsúla. Sa chuid is mó de chásanna, déanann sé amhlaidh mar fhreagra ar chomhairliúcháin a seolann ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí iad. Is leagtha amach thíos atá roinnt de na cinn a bhí ar áireamh sa bhliain 2021 agus is féidir liosta iomlán a aimsiú in aguisín 4.

Aighneacht maidir leis an athbhreithniú ar an Reachtaíocht um Chomhionannas

I mí na Nollag 2021, chuir ÚNM páipéar cuimsitheach isteach chuig an gcomhairliúchán poiblí ar an Athbhreithniú ar an Reachtaíocht um Chomhionannas in Éirinn. Bhí sé mar aidhm leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta agus le roinnt píosaí iomchuí eile reachtaíochta scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na hAchtanna agus ar a éifeachtaí atá siad maidir le hidirdhealú a chomhrac agus le comhionannas a chur chun cinn, mar aon le mínithe agus forais a athbhreithniú.

Bainfidh an Rialtas leas as fionnachtana an chomhairliúcháin phoiblí chun eolas a dhéanamh do na réimsí breithniúcháin sa reachtaíocht agus chun eolas a dhéanamh do mholtaí a eascróidh as an athbhreithniú. D'fhéadfadh na moltaí sin a bheith ina moltaí le haghaidh athruithe reachtaíochta, ina moltaí le haghaidh forbairt beartas nó ina moltaí le haghaidh athruithe ar oibriú praiticiúil na sásraí sásaimh.

San aighneacht uaidh, thug ÚNM comhairle maidir le roinnt réimsí ba cheart a bhreithniú:

- Mholamar go bhfanfaí an míniú ar 'míchumas' faoi na hAchtanna chomh leathan agus chomh forleathan agus ab fhéidir ionas nach n-eisiafaí aon duine ó ghearán a dhéanamh faoi idirdhealú ar an bhforas sin. Mholamar go leasófaí roinnt de na focail atá as dáta agus a bhfuil brí leighis ag baint leo. Mholamar, áfach, gur cuí fós atá an míniú atá ann cheana sa dóigh is nach dtugtar ordlathas míchumais isteach leis, go ndéantar foráil leis do chineálacha míchumais a bhí ann san am atá thart, atá ann san am i láthair agus a bheidh ann san am atá le teacht, nach gceanglaítear leis go ndéanfar roinnt gnéithe 'a chruthú' agus gur fearr é fós, dá bhrí sin, ná mínithe dá leithéid i reachtaíocht i ndlínsí eile nó mínithe a soláthraíodh le píosaí eile reachtaíochta in Éirinn nó le UNCRPD;
- Leagamar béim ar an ngá atá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúintí reatha faoin reachtaíocht, mar shampla díolúintí trí 'idirdhealú reachtaithe' faoi alt 14, nó díolúintí leathana

- a deonaíodh don Gharda Síochána;
- Thugamar breac-chuntas ar roinnt réimsí a dteastaíonn soiléire agus treoir ina leith maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar;
- Rinneamar moltaí maidir le nithe a chur ar áireamh sa reachtaíocht lena sainaitheofaí a mhéid atá daoine faoi mhíchumas i mbaol méadaithe an idirdhealaithe shocheacnamaíoch;
- Mholamar go gcuirfí ar áireamh mínithe ar théarmaí nua agus éiritheacha, amhail il-idirdhealú agus idirdhealú trasnach, agus mholamar an fhoclaíocht ba cheart a úsáid ina leith;
- Mholamar go bhfeabhsófaí acmhainneacht Dhualgas na hEanála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas;
- Rinneamar roinnt moltaí maidir le leasuithe nós imeachta chun feabhas a chur ar oibríochtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin reachtaíocht;
- Leagamar béim ar a thábhachtaí atá bailiú sonraí atá láidir agus cruinn

Aighneacht maidir le hAcmhainn Míchumais

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte an tAthbhreithniú ar an Éileamh ar Chúram Sóisialta Míchumais agus ar Cheanglais Acmhainne go 2032 uaithe i mí Iúil 2021. Leagtar amach sa tuarascáil sin raon meastachán maidir le scála an chúraim shóisialta míchumais a theastaíonn, agus an acmhainn bhreise a theastaíonn, ón mbliain 2018, arb í an bhliain bhonnlíne í, go dtí an bhliain 2032. Tá na meastacháin sin bunaithe ar réamh-mheastacháin maidir leis an athrú a bheidh ann sa todhchaí i méid agus struchtúr aoise an daonra agus ar mhéid an riachtanais neamhchomhlíonta a taifeadadh i mbunachair sonraí míchumais an Bhoird Taighde Sláinte. Bunaithe ar an obair sin, tá an Rialtas tiomanta do Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Seirbhísí Míchumais atá á gcistiú ag FSS a fhorbairt agus a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2021, ar plean é lena gcumhdófar na blianta tosaigh den tréimhse sin, ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Tugadh cuireadh do ÚNM aighneacht a dhéanamh.

Ba mar a leanas a bhí na príomh-mholtaí san aighneacht ó ÚNM:

- Meastóireacht a dhéanamh ar an gclár um sheirbhísí míchumais a chur ar aghaidh d'fhonn conair a fhorbairt i dtreo liostaí feithimh le haghaidh luath-idirghabhála a laghdú go leibhéal inbhuanaithe;
- Spriocdháta a shocrú agus plean a fhorbairt chun go gcuirfear deireadh leis an obair dhídeanach ar fad;
- Plean a fhorbairt chun iontrálacha míchuí nua daoine faoi bhun 65 bliana d'aois isteach i dtithe altranais a chosc;
- Dlús a chur le dí-chomhchónaí, agus aird chuí á tabhairt ar an bhfáil ar thithíocht, agus iontrálacha nua i suíomhanna comhchónaithe a sheachaint;
- Breithniú a dhéanamh ar na riachtanais tithíochta atá ag daoine a chónaíonn in áiteanna cónaithe le líon daoine idir cúigear agus naonúr i gcomhthráth leis an dí-chomhchónaí;
- Creat náisiúnta um riachtanas a mheasúnú a fhorbairt, lena n-áirítear uirlis leithdháilte acmhainní a roghnú agus a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí míchumais;
- Cistiú agus tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí chun forbairt a dhéanamh ar an saineolas, na hacmhainní agus an spéis a theastaíonn chun a chinntiú go ndéanfar sonraí faoi thorthaí a thomhas, a léirmhíniú agus a úsáid ar dhóigh chuí chun beartais agus cleachtais a threorú;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ról na rialála le haghaidh gach réimse den Athbhreithniú ar Acmhainn Míchumais

Aighneacht maidir leis an mBille um Athchóiriú Toghcháin

I mí Aibreáin 2021, chuir ÚNM aighneacht chuig an nGrinnscrúdú Réamhrechtach ón gCoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht ar an mBille um Athchóiriú Toghcháin, 2020. Tá sé mar aidhm leis an mBille Coimisiún Toghcháin a chruthú chun gach gné de thoghcháin/reifrinn a fhorghaoin.

San aighneacht uainn, cuireadh comhairle ar fáil maidir le bearta a bhfuil mar aidhm leo iarrthóirí faoi mhíchumas a spreagadh chun a dtoghadh a iarraidh agus cuireadh in iúl go mbeadh sé níos fusa do dhaoine faoi mhíchumas vóta a chaitheamh dá ndéanfaí athruithe ar vótáil tríd an bpost.

Leagamar amach freisin saincheistanna reatha eile ba ghá don Choiste a chur san áireamh, lena n-áirítear an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, agus gur gá cur chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh i leith na gcumarsáidí uile ón gCoimisiún Toghcháin.

I mí Lúnasa 2021, d'fhoilsigh an Coiste Oireachtais an tuarascáil uaidh, ina bhfuil na moltaí seo a leanas:

- go ndéanfaidh an Roinn idirchaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun a fhiosrú conas a d'fhéadfaí an reachtaíocht bheartaithe a fheabhsú chun freastal níos fearr ar na riachtanais a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas
- go dtabharfaí sainordú don Choimisiún Toghcháin chun treoirínite a fhorbairt chun a chinntiú gurb inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas a bheidh an fhaisnéis toghcháin agus pholaitiúil ar fad a dtáirgfidh páirtithe iad
- go bhforálfaí leis an mbille beartaithe do chur chun cinn, cuimsiú, éascú agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa phróiseas toghcháin agus polaitíochta mar léirfheidhm de chuid an Choimisiúin Toghcháin
- go bhforálfaí leis an mbille beartaithe do chlárú vótálaithe agus rannpháirtíocht i dtoghcháin a chur chun cinn, go háirithe i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, mar léirfheidhm de chuid an Choimisiúin Toghcháin

Fáiltimid roimh na moltaí sin agus táimid ag súil lena bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun próiseas toghcháin atá cuimsitheach dáiríre a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Aighneacht maidir le Tithíocht do Chách

I mí na Bealtaine 2021, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar fhreagra ar an gcomhairliúchán uaithi maidir le doiciméad beartais nua 'Tithíocht do Chách'.

Chuireamar in iúl go láidir gur cheart príomhthosaíocht a thabhairt don fhíric gur gá níos mó béime ná mar a leagtar i gClár an Rialtais a leagan ar gach teach a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil agus cur chuige Deartha Uilíoch á leanúint. Leagamar amach na tairbhí a ghabhann le cur chuige Deartha Uilíoch a leanúint i leith tithe a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil. Leagamar

béim freisin gurb ann do spriocanna atá leagtha amach cheana féin sa pháipéar beartais maidir le daoine scothaosta a d'ullmhaigh an Roinn i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte.

Chuireamar in iúl cé chomh tábhachtach agus atá conair shoiléir chomhsheasmhach i leith na tithíochta do gach duine faoi mhíchumas chun teacht in ionad an chórais dhá shraith atá i bhfeidhm faoi láthair, ar córas é lena mbaineann FSS agus na húdaráis áitiúla faoi seach. Leagamar béim freisin ar na deacrachtaí a bhíonn ag tionóntaí féideartha faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh cóiríocht a aimsiú, agus luamar na tairbhí a bhaineann le feasacht ar mhíchumas a thógáil i measc tiarnaí talún agus le clár maoine inrochtana a fhorbairt. Chomh maith leis sin, luamar an athuair an chomhairle a tugadh roimhe sin don Roinn maidir leis na toisí atá leagtha amach sna treoirlínte uathí maidir le pleanáil árasán, ar toisí iad atá róbheag faoi láthair chun cur chuige Deartha Uilíoch a éascú.

De bhreis ar an méid thuas, luamar an athuair an moladh uainn go ndéanfaí Cuid M a athbhreithniú agus a leasú chun Dearadh Uilíoch a chur san áireamh mar is ceart. D'iarramar ar an Roinn bearta reachtúla a thabhairt isteach chun Dearadh Uilíoch a chur ar áireamh le linn tithe a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil. Tharraingíomar aird freisin ar an ngá le hathbhreithniú ar na scéimeanna cistiúcháin reatha de chuid na Roinne a úsáidtear chun tithíocht shóisialta a chistiú toisc nach raibh siad oiriúnach do chinnteoireacht mhear.

Aighneacht maidir leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páirt i ngach céim den chomhairliúchán ar an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus sholáthair sé aiseolas maidir leis na dréachtaí uile. Shuíomar freisin ar an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta don straitéis, rud a ndearna an Ghníomhaireacht Tithíochta cathaoirleacht air.

Fáiltíonn ÚNM roimh an tagairt níos mó do Dhearadh Uilíoch sa Straitéis, ach luann sé go bhféadfaí tuilleadh béime a chur air sin le linn í a chur chun feidhme. San ionchur uainn i leith na Straitéise, chuireamar in iúl go bhfuil forluí ann sna ceanglais deartha chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag daoine scothaosta agus ag daoine faoi mhíchumas, agus go bhféadfaí é sin a léiriú san ábhar agus sna pleananna cur chun feidhme don Straitéis.

Chuir ÚNM in iúl freisin go mbeifí in ann na gníomhartha a athnuachan, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí nua sa tírdhreach míchumais nó tithíochta, dá ndéanfaí athbhreithniú lár téarma ar an Straitéis, agus táimid ag súil le tacaíocht a thabhairt d'athbhreithniú den sórt sin de réir mar is iomchuí agus is cuí.

Is é atá sa Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas ná doiciméad ardleibhéal, agus tá craiceann le cur sa Phlean Cur Chun Feidhme atá le comhaontú sa dara ráithe den bhliain 2022 ar roinnt mhaith de na gníomhartha. Beidh sraith spriocanna bliantúla ag an bPlean Cur Chun Feidhme. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag leanúint leis an nGrúpa Comhairleach a d'oibrigh ar an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas a dhréachtú, agus tá ÚNM ag súil le tuilleadh ionchuir a sholáthar chun tacú le forbairt an phlean cur chun feidhme. Beidh roinnt faisnéise nua le tabhairt ag ÚNM sa bhliain 2022, bunaithe ar an obair a rinneadh le Cumann Suirbhéirí Cairte Éireann ar an measúnú costais ar thithe Deartha Uilíoch agus ar thithe caighdeánacha, agus bunaithe ar an obair atá á déanamh ar an Anailís Costais is Tairbhe ar Dhearadh Uilíoch.

Aighneacht maidir leis an Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Sheol an Roinn Dlí agus Cirt comhairliúchán poiblí i mí an Mheithimh 2021 chun eolas a dhéanamh do straitéis náisiúnta nua um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. Sa tríú straitéis náisiúnta, leagfar béim ar chosc agus ar laghdú, agus tá sí le comhaontú ag an Rialtas roimh dheireadh na bliana 2021.


San aighneacht uaidh, leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá Airteagail 6 agus 16 de UNCRPD maidir leis an Straitéis nua. Mholamar go ndéanfaí dul chun cinn ar dhréachtú na Straitéise i gcomhthéacs UNCRPD chun breithniú a dhéanamh ar na hoibleagáidí iomchuí atá ar na geallsealbhóirí/spricphobail éagsúla agus chun béim a leagan sa Straitéis deiridh ar a thábhachtaí atá na hoibleagáidí sin. Mar an gcéanna, ba cheart dul chun cinn a dhéanamh ar dhréachtú na Straitéise i gcomhthéacs Choinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac freisin. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Iostanbúl sa bhliain 2019, ar choinbhinsiún é lena dtugtar aird chuí ar UNCRPD.

Chuir ÚNM roinnt staitisticí ar áireamh lena léirítear an t-ardlíon daoine faoi mhíchumas a bhíonn ag teacht i láthair ag Ionaid Éigeandála um Éigniú agus lena léirítear gurb amhlaidh, i gcomparáid le haosaigh eile, atá seans 2.9 uair níos airde ann gur fhulaing daoine faoi mhíchumas foréigean baile nó mí-úsáid ag dlúthpháirtneir. Léiríodh i staidéir roimhe seo gurb ann do roinnt bacainní ar nochtadh agus ar thuairisciú, lena n-áirítear an eagla ar dhuine go gcuirfí an milleán air nó uirthi, an eagla ar dhuine nach gcreidfí é nó í agus an eagla faoin bpróiseas dlí. I staidéar amháin (ar chistigh ÚNM é), luaigh thart ar cheathrú amháin de fhreagraithe faoi mhíchumas gur chúis nár nocht siad mí-úsáid í eagla go gcaillfeadh siad tacaíocht.

Comhairle maidir le Bonneagar Soghluaisteachta COVID-19

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ina bhall d'fhochoiste Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Mar chuid de chruinniú fhochoiste Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair, tugadh an t-eolas is deireanaí ar bhonneagar soghluaisteachta COVID-19 agus ar phleananna sa toadhchaí don bhonneagar sin. Cuireadh in iúl don fhochoiste gurb amhlaidh, maidir leis an mbonneagar a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do phaindéim COVID-19 (amhail lánaí coisithe agus rothar a bhí níos leithne, síntí starracha agus suíochánra chun ithe lasmuigh a éascú), a d'fhanfadh sé mar atá go dtí an Nollaig 2021, agus cuireadh in iúl dó go ndéanfaí cinneadh sa Bhliain Nua maidir le buaine an bhonneagair. Cé gur le Baile Átha Cliath amháin a bhain an t-eolas is deireanaí sin, is dóigh go ndéanfar cinntí den chineál céanna ar fud na tíre. I mí na Samhna 2021, dá bhrí sin, scríobh an Lárionad Sármhaitheasa chuig údarás áitiúla roimh aon chinntí a bheith á ndéanamh maidir le buaine aon bhonneagair a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do phaindéim COVID-19 chun faisnéis a thabhairt d'údarás áitiúla faoi na bacainní a chruthaíonn an bonneagar sealadach sin do dhaoine faoi mhíchumas agus faoin dóigh a ndéanann siad sin difear do na hoibleagáidí atá ar údarás áitiúla faoin Acht um Míchumas agus faoi UNCRPD. I gcomhfhreagras a seoladh chuig údarás áitiúla, thug an Lárionad Sármhaitheasa faisnéis agus moltaí freisin maidir le conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin trí úsáid a bhaint as Dearadh Uilíoch agus as an gCaihteán um Dhearadh do Chách le linn forbairtí níos fadtéarmaí a phleanáil.

Tosaíocht Straitéiseach 3



Tosaíocht Straitéiseach 3

“Cur chun feidhme Cód Cleachtas, caighdeán agus treoirínite ag seirbhísí a chur chun cinn, agus faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin, agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtas”

Anailísí agus tuarascálacha sonraí a fhorbairt chun eolas a dhéanamh don mheasúnú ar an dóigh a mbíonn UNCRPD á chomhlíonadh ag Éirinn

Faisnéis a tugadh chun tacú leis an gCéad Tuarascáil Stáit maidir le UNCRPD a fhorbairt

Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tús leis an bpróiseas um an gcéad Tuarascáil Stáit ó Éirinn a dhréachtú i samhradh na bliana 2020, ar tuarascáil í a bhí le cur faoi bhráid an Choiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2021. Lean an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige leis an obair sin agus thug sí chun críche í. Gníomhaíonn an Roinn sin mar phointe fócasach anois faoi UNCRPD de bharr an aistriú feidhmeanna sa bhliain 2020. Thug ÚNM comhairle don Roinn le linn an phróisis dréachtaithe, lena áiríodh staitisticí a bhí cothrom le dáta a sholáthar agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt maidir leis an measúnú neamhspleách a bhí á dhéanamh aige ar an dóigh a raibh beartais éagsúla agus cláir éagsúla á gcur chun feidhme.

D’fhorbair ÚNM roinnt páipéar inmheánach ar airteagail éagsúla de UNCRPD agus sheol sé cleachtadh mapála chun an reachtaíocht, na beartais, na straitéisí agus na próisis atá ann cheana a mhapáil i gcomparáid leis na hairteagail de UNCRPD chun léargas a fhorbairt ar an tírdhreach reatha. Baineadh leas as an obair sin mar bhonn eolais lenár gcomhairle don Roinn. Chomh maith leis sin, tá ÚNM ag soláthar comhairle fhianaisebhunaithe don Roinn maidir le sásraí le haghaidh dul i gcomhairle ar an tuarascáil roimh í a chur isteach, á aithint cé chomh tábhachtach is atá idirchaidreamh fiúntach le daoine faoi mhíchumas mar chuid den phróiseas sin, lena n-áirítear trína gcomhlachtaí ionadaíocha.

Páipéar Oibre agus páipéar taighde ar an Idirchaidreamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas

D’fhoilsigh ÚNM athbhreithniú i mí na Samhna 2021 ar an litríocht idirnáisiúnta a bhaineann le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus leis an bpáirt a ghlacann siad i gcur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar UNCRPD. Áiríodh leis an athbhreithniú scrúdú a dhéanamh ar Bharúil Ghinearálta uimhir 7 agus ar dhoiciméid eile ó Choiste UNCRPD. Sa tuarascáil, iniúchtar cineál na nEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an pháirt a ghlacann siad i gcur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún, leagtar béim ar na dúshlán ar thángthas orthu le linn féachaint le páirt a thabhairt d’Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas sna próisis reachtacha agus bheartais a theastaíonn chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme, scrúdaítear tosca ar féidir leo rannpháirtíocht na nEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na ndaoine faoi mhíchumas a chothú, agus tugtar samplaí de dhóigheanna ar féidir rannpháirtíocht na nEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas breisluach agus athrú fiúntach a thabhairt maidir le cearta agus rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a ghnóthú do dhaoine faoi mhíchumas.

Meastóireacht a dhéanamh ar shásraí faireacháin agus comhairle a thabhairt ina leith

Oiliúint Athshlánúcháin agus Próifiliú an Lucht Fágála Scoile

Tá ÚNM ag tacú le FSS ina phróiseas um Oiliúint Athshlánúcháin/Próifiliú an Lucht Fágála Scoile ó bhí an bhliain 2015 ann, agus tacaíocht níos dlúithe á tabhairt aige le trí bliana anuas. Baintear úsáid as an bpróiseas chun a dhéanamh amach cé na riachtanais tacaíochta atá ag daoine aonair atá ag iarraidh Socrúchán i Seirbhís Lae d'Aosaigh laistigh de na seirbhísí míchumais atá á gcistiú ag FSS. Rinne ÚNM dearbhú cáilíochta neamhspleách ar an bpróiseas, mar aon le comhairle agus oiliúint a chur ar na baill foirne a bhí i mbun an phróifílithe. Ba í an tuarascáil ó ÚNM ar an bpróiseas bliantúil, rud a soláthraíodh i mí na Bealtaine 2021, ná deireadh na rannpháirtíochta díri a bhí ag ÚNM, ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag FSS anois an próiseas a riar lena acmhainní féin. Thairg ÚNM moltaí maidir le conas is féidir feabhas leanúnach a chur ar an bpróiseas. Chomh maith leis sin, thacaigh sé le haistriú chuig an bpróiseas próifílithe a sholáthar ar líne le linn phaindéim COVID-19.

Tionscadal ALONE de chuid Sláintecare

Bhí an Lárionad Sármhaitheasa ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha a bhí ag déanamh formhaoirseacht ar thionscadal trialach a bhí á dhéanamh ag ALONE agus ar chistigh an rialtas é faoin gCiste Comhtháthaithe Sláintecare.

Ba é 'ALONE BConnect; cúram sláinte, cúram sóisialta agus cúram pobail a nascadh le chéile trí theicneolaíocht agus seirbhísí a úsáid' teideal an tionscadail. Ba iad seo a leanas an dá phríomhchuspóir a bhí ag an tionscadal:

1. teicneolaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun tacú le daoine scothaosta a gcuid sláinte a bhainistiú ar dhóigh níos fearr agus fanacht ina gcónaí ina dteach ar feadh tréimhse níos faide, agus
2. feabhas a chur ar acmhainn an phobail chun freastal ar na riachtanais mhéadaitheacha a bhíonn ag daoine scothaosta trí ailíniú, trí chomhoibriú, trí shamhlacha comhchoiteanna um sholáthar seirbhísí agus trí oiliúint.

D'oibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i gcomhar le ALONE freisin chun cur chuige Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm i leith aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí i soláthar teicneolaíochta sa tionscadal seo. D'eascair dhá aschur as an gcomhpháirtíocht sin:

- doiciméad maidir le caighdeán Eorpach EN 17161:2019 'Dearadh do Chách – Inrochtaineacht ar aon dul le cur chuige 'Dearadh do Chách' i dtáirgí, earraí agus seirbhísí – An raon úsáideoirí a leathnú' a úsáid mar chreat le haghaidh cur chuige Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm i leith táirgí agus seirbhísí a sholáthar; ar doiciméad é atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.universaldesign.ie,
- treoirchoiciméad maidir le caighdeán comhchuibhithe Eorpach EN 301 549 'Ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí TFC' a úsáid le haghaidh teicneolaíochta a sholáthar.

Bhí moill shuntasach ar an tionscadal ALONE de chuid Sláintecare mar gheall ar an bpaindéim, ach cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2021.

Tá sé beartaithe ag an Lárionad Sármhaitheasa an treoirchoiciméad maidir le EN 301 549 a úsáid a chur chun cinn le comhlachtaí poiblí amhail FSS ionas go ndéanfar tagairt don chaighdeán le linn teicneolaíochta a sholáthar. Tá sé ag obair le tamall i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais

freisin chun cur chun cinn a dhéanamh ar thagairtí don chaighdeán comhchuibhithe in ábhar treorach ón Oifig a bhaineann le teicneolaíocht a sholáthar.

Cóid Chleachtais a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, de réir mar is cuí

Faireachán Chuid 3 a Dhéanamh ar an Iompar Poiblí i gcomparáid leis an gCód Cleachtais

Cuireadh an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Cuireadh san áireamh ann leasuithe maidir le seirbhísí inrochtana agus faisnéis do dhaoine a bhfuil uathachas orthu, mar aon le tagairt do Leithris is Áiteanna Feistis. Le linn na bliana 2021, lean ÚNM le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige faireacháin a ghlacann sé i leith an Chóid Cleachtais, agus díriú tosaigh á leagan ar an iompar poiblí. Baineadh úsáid as cleachtadh faireacháin réamhthrialach chun fothacar táscairí nuálacha a cuireadh i láthair os comhair Bhus Átha Cliath a thriail, agus is é an toradh atá ar an aiseolas fairsing a fuarthas ná gur beachtaíodh na táscairí agus an mhodheolaíocht faireacháin. Táimid ag fanacht le ceadú ón Aire don Chód Cleachtais leasaithe chun tuairisc a thabhairt do na comhlachtaí iompair aonair ar na fionnachtana ón gcleachtadh réamhthrialach agus leanúint ar aghaidh chuig cur i bhfeidhm leathan.

Mar chuid eile den tionscadal trialach faireacháin, d'fhostaigh ÚNM cuideachta darb ainm Compass Informatics chun an aip 'Rate My Service' a thriail. Leis an aip sin a forbraíodh faoi chistiú BE-GOOD de chuid chlár Interreg, ar clár de chuid an Aontais Eorpaigh é, cuirtear ar chumas úsáideoirí iompair stadanna bus agus/nó an turas bealaigh (a n-eispéireas agus iad san fheithicil) a rátáil trí úsáid a bhaint as tacar beart feidhmíochta mar chritéir réamhshainithe chun rátáil a dhéanamh amach trí chainéal láraithe amháin. Is é an cuspóir ná triail a sheoladh ar an aip 'Rate my Service' chun a mheasúnú cé chomh hinúsáidte agus atá sí agus chun a dhéanamh amach an modh éifeachtach í le haghaidh an t-eispéireas úsáideora a bhailiú agus a anailísiú mar chuid dár modheolaíocht faireacháin, agus leanfar le hobair ina leith sin sa bhliain 2022.

Faireachán Chuid 3 a dhéanamh ar gach comhlacht poiblí i gcomparáid leis an gCód Cleachtais

Le linn na bliana 2021, rinne ÚNM faireachán deascbhunaithe ar 292 shuíomh Gréasáin de chuid na gcomhlachtaí poiblí a bhfuil freagrachtaí orthu faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas maidir leis an dualgas reachtúil atá orthu faisnéis a chur chun cinn i ndáil le dhá alt den Acht, is iad sin:

- Alt 26(2): Oifigeach Rochtana
- Ailt 38 agus 39: Oifigeach Gearán agus Fiosrúchán.

Tugtar an méid seo a leanas le tuiscint sna réamhshonraí:

Rinne 44.5% de chomhlachtaí poiblí cur chun cinn ar Oifigeach Rochtana a cheapadh, lena áiríodh sonraí teagmhála a chur chun cinn.

Tá an chuma air go bhfuil próiseas i bhfeidhm ag 19.9% de chomhlachtaí poiblí maidir le gearáin de bhun an Achta um Míchumas 2005, go bhfuil an próiseas sin ar fáil ar a suíomh Gréasáin agus go soláthraíonn siad sonraí teagmhála.

Tá sé beartaithe tuilleadh idirchaidrimh a dhéanamh sa bhliain 2022 le Ranna maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht um Míchumas agus faoi reachtaíocht eile chun tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil mar aidhm leo cuimsiú agus inrochtaineacht a fheabhsú.

Cód Cleachtais maidir le limistéir phoiblí inrochtana d'fhoirgnimh earnála poiblí

Scríobh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go foirmiúil chuig ÚNM sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 chun iarraidh ar ÚNM Cód Cleachtais le haghaidh Foirgnimh Phoiblí Inrochtana a fhorbairt de réir alt 25 den Acht um Míchumas agus faoi mar a gealladh i nGníomh 105 den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Cuireadh Coiste Comhairleach ar bun agus rinne an coiste dréacht den Chód Cleachtais a fhorbairt agus a athbhreithniú sa bhliain 2021. Is é an chéad chéim eile ná comhairliúchán atá dírithe ar iompar, a chuirfear i gcrích sula seolfar comhairliúchán náisiúnta ionas go gcuirfí san áireamh sa Chód Cleachtais deiridh raon éagsúil tuairimí chun eolas a dhéanamh don doiciméad deiridh. Tá an Cód Cleachtais le cur i gcrích faoin gceathrú ráithe den bhliain 2022.

Idirchaidreamh a dhéanamh le ranna rialtais chun tacú le faireachán a dhéanamh ar eochairthionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh

Faireachán ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin

Chuir ÚNM [an chéad tuarascáil faireacháin ó Éirinn](#) faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin i gcrích ag deireadh na bliana 2021. Déantar cur síos sa tuarascáil ar an modheolaíocht faireacháin ar fhorbairt ÚNM í chun athbhreithnithe a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun faireachán a dhéanamh ar shonraí ar gach suíomh gréasáin agus gach aip mhóibíleach de chuid na hearnála poiblí sa bhliain 2021, agus chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í an 22 Nollaig 2021.

Sholáthair ÚNM na sonraí faireacháin uile do chomhlachtaí poiblí chun go mbeadh siad in ann inrochtaineacht a suíomhanna Gréasáin agus a n-aipeanna móibíleacha a fheabhsú.

Taispeánadh sa tuarascáil gurb í seal atá an fheasacht ar na caighdeáin faoin Treoir agus atá comhlíonadh na gcaighdeán sin. Taispeánadh inti freisin nach bhfuil próisis leordhóthanacha i bhfeidhm ag a lán comhlachtaí poiblí go fóill chun leibhéal leorga inrochtaineachta a chinntiú. Leanfaidh ÚNM lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus tuairiscithe a sholáthar sa bhliain 2022 agus gach bliain ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos leis an Treoir.

Tacaí agus treoir a sholáthair ÚNM i dtaca leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin

D'fhoilsigh ÚNM treoir do chomhlachtaí poiblí maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoi na [Rialacháin Éireannacha](#) lena dtrasuitear an Treoir, lena n-áirítear an ceanglas chun [Ráiteas Inrochtaineachta](#) a fhoilsiú agus a chothabháil.

Teicnící Inrochtaineachta Gréasáin

D'fhoilsigh ÚNM seasca treoidhoiciméad maidir le [Teicnící Inrochtaineachta Gréasáin](#), agus iad eagraithe ina rannáin le haghaidh “Forbróirí”, “Dearthóirí” agus “Soláthraithe Ábhair”.

Seimineáir faisnéise agus seimineáir Ghréasáin oiliúna maidir le hinrochtaineacht Gréasáin

Ag obair dó i gcomhpháirt le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann, sholáthair ÚNM sé cinn de sheimineáir faisnéise agus de sheimineáir Ghréasáin oiliúna inar pléadh an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, inrochtaineacht Gréasáin agus inrochtaineacht aipeanna móibíleacha. Ba é an spriocphobal do na seimineáir faisnéise agus na seimineáir Ghréasáin oiliúna ná comhlachtaí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí deartha Gréasáin agus seirbhísí forbartha Gréasáin don earnáil phoiblí. Le linn na seimineáir faisnéise, pléadh téamaí amhail “Tús Eolais ar an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin/ar Rialacháin 2020”. Le linn na seimineáir Gréasáin oiliúna, leagadh díriú ar thopaicí níos teicniúla amhail “Conas athbhreithniú

inrochtaineachta a dhéanamh ar do shuíomh Gréasáin”. Cuireadh na seimineáir faisnéise agus na seimineáir Ghréasáin oiliúna ar fáil ar líne agus d’fhreastail breis agus 700 rannpháirtí orthu.

Caighdeán Eorpach Nua: EN 17210:2021 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Ceanglais fheidhmiúla

Foilsíodh sa bhliain 2021 Caighdeán Eorpach nua lena ngabhann ceanglais fheidhmiúla le haghaidh inúsáidteacht na timpeallachta tógtha, i gcomhthráth le dhá thuarascáil theicniúla chomhlántacha. Ghlac ÚNM páirt i gcoiste scáthánach de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann a thug aiseolas maidir le dréachtaí den chaighdeán agus de na tuarascálacha teicniúla nuair a bhí siad á bhforbairt. Dar le suíomh Gréasáin CEN, déantar le caighdeán EN 17210:2021 ‘tuairisc a thabhairt ar cheanglais fheidhmiúla íosta bhunúsacha agus ar mholtaí le haghaidh timpeallacht thógtha inrochtana inúsáidte, ar aon dul le prionsabail ‘Dearadh do Chách’/‘Dearadh Uilíoch’ lena n-éascófar úsáid chothrom shábháilte do raon leathan úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas’.

Iarraidh ar Chaighdeánú don Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht

I mí an Mheithimh 2021, d’eisigh an Coimisiún Eorpach dréacht-iarraidh ar chaighdeánú chuig na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú maidir le ceanglais inrochtaineachta táirgí agus seirbhísí mar thaca le [Treoir \(AE\) 2019/882](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arb í an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht í. Mar achoimre, iarrtar sa dréacht-iarraidh bheartaithe ar chaighdeánú go leasófaí trí chaighdeán lena nglacadh mar chaighdeáin chomhchuibhithe, mar atá:

- EN 301 549 ‘Ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí TFC’;
- EN 17161:2019 ‘Dearadh do Chách – Inrochtaineacht ar aon dul le cur chuige ‘Dearadh do Chách’ i dtáirgí, earraí agus seirbhísí – An raon úsáideoirí a leathnú’;
- EN 17210:2021 ‘Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Ceanglais fheidhmiúla’.

Rannchuidigh ÚNM leis na caighdeáin thuas a fhorbairt.

De bhreis air sin, iarrann sé go bhforbrófaí caighdeáin nua lena nglacadh mar chaighdeáin chomhchuibhithe, lena n-áirítear:

- Caighdeán comhchuibhithe/caighdeáin chomhchuibhithe lena mbunófaí ceanglais ar inrochtaineacht faisnéise neamhdhigítí a bhaineann le táirgí
- Caighdeán comhchuibhithe le haghaidh inrochtaineacht seirbhísí tacaíochta a bhaineann le táirgí agus seirbhísí (deasca cabhrach, ionaid glaonna, tacaíocht theicniúil, seirbhísí athsheachadta agus seirbhísí oiliúna)
- Caighdeán comhchuibhithe le haghaidh inrochtaineacht agus idir-inoibritheacht cumarsáidí éigeandála agus le haghaidh cumarsáidí éigeandála a bheith á bhfreagairt ag na pointí freagartha sábháilteachta poiblí (PSAPanna) (lena n-áirítear glaonna ar 112 – an uimhir Eorpach Éigeandála aonair)

I dteannta leasuithe ar dhá bhunspríoc inghnóthaithe um chaighdeánú, d’fhéadfadh go mbeadh na caighdeáin chomhchuibhithe riachtanach le haghaidh an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a chomhlíonadh, mar atá amhlaidh sa sampla den dóigh a n-éilítear EN 301 549 le haghaidh chomhlíonadh na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Sa chuid is mó de chásanna, éiríonn caighdeán comhchuibhithe ina rialachán de facto a mbeidh ar gach stát den Aontas Eorpach é a thrasú.

Mar bhall den Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach um Inrochtaineacht de chuid CEN/BTWG 213, rannchuidigh ÚNM le tuairimí a ullmhaíodh sa bhliain 2021 don Choimisiún Eorpach maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú atá le teacht lena gcumhdófar na táirgí agus na seirbhísí a rialáiltear leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Mar Chathaoirleach ar Chomhchoiste Teicniúil 12 ‘Dearadh do Chách’ de chuid CEN-CENELEC a d’fhorbair EN 17161, chuaigh foireann ÚNM isteach sa Ghrúpa Sealadach um Iarraidh ar Chaighdeánú de chuid CEN-CENELEC. D’ullmhaigh an Grúpa Sealadach um Iarraidh ar Chaighdeánú de chuid CEN-CENELEC tuairimí chun eolas a dhéanamh d’aighneacht ó CEN-CENELEC chuig an gCoimisiún Eorpach, agus moltaí á ndéanamh le haghaidh leasuithe ar an iarraidh ar Chaighdeánú. Ar an iarraidh ar Chaighdeánú a fhoilsiú, comhoibreoidh ÚNM leis an Údarás um Chaighdeánú Náisiúnta na hÉireann chun rannpháirtíocht na hÉireann san obair um chaighdeánú a eagrú. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige á coinneáil ar an eolas faoin ngníomhaíocht um chaighdeánú maidir leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a chur chun cinn.

Faireachán a dhéanamh ar fhostú daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí de réir Chuid 5 den Acht um Míchumas agus tuairisc a thabhairt ina leith

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2020

De réir na feidhme reachtúla faireacháin a leagtar amach san Acht um Míchumas, rinne ÚNM tuarascáil ar chomhlíonadh Chuid 5 den Acht don bhliain 2020 a ullmhú agus a sholáthar i mí na Samhna 2021. Ag deireadh na bliana 2020, b’ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 245,190 fostaí. Is méadú 7,016 fhostaí (+3.0%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2019. Tá áthas ar ÚNM a thabhairt dá aire gurb amhlaidh sa bhliain 2020 a tháinig méadú 318 bhfostaí (+4.4%) ar an líon fostaithe a thuariscigh míchumas, ó 7,319 bhfostaí sa bhliain 2019 go 7,637 bhfostaí sa bhliain 2020. Sna blianta 2018 agus 2019, tháinig laghdú ar an líon fostaithe a thuariscigh míchumas, mar atá mionsonraithe sa tábla thíos

Bliain	Iomlán na bhfostaithe	An líon taifeadta fostaithe faoi mhíchumas	An % d’iomlán na bhfostaithe faoi mhíchumas
2017	225,809	7,796	3.5%
2018	231,784	7,584	3.3%
2019	238,174	7,319	3.1%
2020	245,190	7,637	3.1%

Mar gheall ar an méadú foriomlán sa líon fostaithe san earnáil phoiblí, áfach, tá an céatadán foriomlán d’fhostaithe a thuariscigh míchumas san earnáil phoiblí cothrom le 3.1% go fóill. Is é sin an céatadán céanna a bhí i réim sa bhliain 2019.

Sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an íos-spríoc 3% don deichiú bliain as a chéile.

Sa bhliain 2020, rinne 182 chomhlacht phoiblí (84.7%) an íos-spríoc 3% a bhaint amach nó a sháru, i gcomparáid le 186 chomhlacht (86.1%) sa bhliain 2019. Sa bhliain 2020, níor shroich 33 chomhlacht phoiblí (15.4%) an íos-spríoc 3%, i gcomparáid le 30 chomhlacht poiblí (13.9%) sa bhliain 2019.

Tugann ÚNM dá aire go ndearna FSS, atá ar an gcomhlacht is mó san earnáil phoiblí, méadú beag a thaifeadadh sa líon fostaithe a thuariscigh míchumas sa bhliain 2020 agus sa chéatadán de na fostaithe sin. Sa bhliain 2019, thuariscigh FSS gur thuariscigh 464 dhuine de 88,215 fhostaí

(0.5%) míchumas. Sa bhliain 2020, thuairiscigh 514 dhuine de 92,612 fhostaí (0.6%) míchumas. Is méadú beag de 50 fostaí (+0.1%) é sin.

Leanann ÚNM le treoir agus comhairle a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le fostú daoine faoi míchumas a mhéadú, á thabhairt dá aire gurb amhlaidh, faoin **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas 2015-2024** agus i g**Clár an Rialtais 2020**, a ghabh an Rialtas air féin an sprioc maidir le fostú daoine faoi míchumas a mhéadú go 6% faoin mbliain 2024. Is dóigh go n-achtófar sa bhliain 2022 reachtaíocht a bhfuil mar aidhm léi an méadú sin a chur ar bhonn foirmiúil.

D'óstáil ÚNM a lán seimineár ar líne do chomhlachtaí poiblí idir mí Feabhra agus mí an Mheithimh 2021 chun cabhrú leo tuairisceáin mhionsonraithe chruinne Chuid 5 a sholáthar agus chun tacú leo dul i dtreo a chinntiú gur daoine faoi míchumas a bheidh i 6% ar a laghad dá bhfostaithe.

Sa bhliain 2020, thuairiscigh 61 chomhlacht poiblí (28.4%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas. Is méadú beag é sin i gcomparáid leis an mbliain 2019, inar thuairiscigh 48 gcomhlacht poiblí (22.2%) gur thuairiscigh breis agus 6% dá bhfostaithe míchumas. Tugann ÚNM dá aire gurb amhlaidh, mura ndírionn an earnáil poiblí ina hiomláine ar a feidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú, nach dóigh go sroichfidh an earnáil an íos-sprioc reachtúil fostaíochta 6% faoin mbliain 2024. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndíreodh an earnáil poiblí ar thimpeallachtaí Cothroma Cuimsitheacha Éagsúla oibre a chruthú, ar timpeallachtaí iad a chabhróidh leo earcú agus coinneáil daoine faoi míchumas a mhéadú.

Ní dhearnadh aon dréachtchinntí sna blianta 2018 agus 2019 go raibh neamhchomhlíonadh ann

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, féadfaidh ÚNM iarraidh a dhéanamh chuig comhlacht poiblí lena gcuirfí ar chumas ÚNM a mheasúnú cé acu a baineadh comhlíonadh amach nó nár baineadh agus an raibh cúiseanna bailí ann lena cuireadh cosc ar chomhlacht poiblí an íos-sprioc 3% a bhaint amach dhá bhliain as a chéile nó nach raibh. Sa bhliain 2021, sheol ÚNM iarataí alt 49 chuig dhá chomhlacht poiblí nár bhain an íos-sprioc 3% amach sna blianta 2018 agus 2019:

- Coillte
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

D'athbhreithnigh ÚNM na freagraí ó na comhlachtaí poiblí sin trí úsáid a bhaint as an gcur chuige comhsheasmhach cothrom a úsáideann ÚNM i gcónaí chun a chinneadh cé acu atá comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 nó nach bhfuil. Ag teacht sna sála ar chruinniú an Údaráis i mí Mheán Fómhair 2021, cinneadh, bunaithe ar na freagraí mionsonraithe a fuarthas ó na comhlachtaí poiblí sin, go raibh bearta i bhfeidhm acu chun cruthú a dhéanamh ar thimpeallachtaí cothroma cuimsitheacha éagsúla oibre ina ndéantar earcú méadaithe agus coinneáil mhéadaithe daoine faoi míchumas a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus ina measann fostaithe go bhfaigheann siad tacaíocht le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl agus go bhfuil siad ar a gcompond le linn dóibh déanamh amhlaidh. Eisíodh comhfhreagras chuig na comhlachtaí poiblí sin chun cinneadh an Údaráis a chur in iúl dóibh agus chun treoir agus comhairle a sholáthar dóibh chun cabhrú leo feabhas leanúnach a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an íos-sprioc 6% a bhaint amach faoin mbliain 2024. Chomh maith leis sin, d'iarr an Feidhmeannas go soláthródh na comhlachtaí poiblí sin dréacht-Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú lena athbhreithniú againn faoin gcéad ráithe den bhliain 2022 agus tuarascáil ar dhul chun cinn a chur faoinár mbráid faoi dheireadh an dara ráithe den bhliain 2022 ina léireofar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu ar fheabhas a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5.

Iarrataí alt 49 do na blianta 2019 agus 2020

D'éisigh ÚNM iarrataí alt 49 chuig na trí chomhlacht poiblí seo a leanas nár bhain an íos-spríoc 3% amach do na blianta 2019 agus 2020:

- Coillte
- Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath
- Fáilte Éireann

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, tá trí mhí ag comhlachtaí poiblí chun freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin. Ba cheart freagraí ó na comhlachtaí poiblí sin a bheith faighte ag ÚNM faoi mhí an Mhárta 2022.

Chomh maith leis sin, beidh ÚNM ag seoladh iarraidh alt 49 chuig FSS do na blianta 2018 agus 2019 sa chéad ráithe den bhliain 2022 agus athbhreithneoidh sé an freagra a gheofar chun na chéad chéimeanna eile a chinneadh.

Comhlachtaí poiblí nár bhain an íos-spríoc 3% amach sa bhliain 2020

Chuaigh ÚNM i dteagmháil le 11 chomhlacht poiblí a bhain an íos-spríoc 3% amach sa bhliain 2019 ach ar theip orthu í a bhaint amach sa bhliain 2020. Bhuaile ÚNM le formhór na gcomhlachtaí poiblí sin agus thug sé comhairle agus treoir iomchuí dóibh chun cabhrú leo feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

I mí an Mheithimh 2020, thionscain ÚNM próiseas straitéiseach idirchaidrimh le foireann ainmnithe a ceapadh in FSS chun díriú ar fheabhas a chur ar an dóigh a mbíonn Cuid 5 á comhlíonadh ag an gcomhlacht poiblí sin, i bhfianaise na fíriche go bhfuil FSS ar an bhfostóir eanála poiblí is mó sa Stát, agus tá sé ag glacadh páirt sa phróiseas sin ón uair sin i leith.

Leanann ÚNM ar aghaidh ag bualadh leis an bhfoireann sin ar bhonn tráthrialta chun cabhrú le FSS leas a bhaint as an bhfoghlaim ón bpróiseas marthanach idirchaidrimh sin. Tugann ÚNM dá aire go ndearnadh roinnt dul chun cinn go dtí seo. Táthar dóchasach go gcuirfidh FSS feabhas ar a fheidhmíocht faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, agus leas á bhaint aige as tacaíocht leantach ón Údarás.

An próiseas a athbhreithniú chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí agus an tuairiscithe faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas agus treoir a thabhairt maidir leis na fionnachtana a chur chun feidhme

Cur chun feidhme a dhéanamh ar na Moltaí ón Athbhreithniú ar Chuid 5

Sa bhliain 2021, chuir ÚNM tús leis an bpróiseas um roinnt moltaí ón Athbhreithniú sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus é ag iarraidh dhá Chód Cleachtas chomhchosúla a chumasc, is iad sin: an Cód Cleachtas le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí; agus an Cód Cleachtas le haghaidh Ceapacháin Daoine faoi Mhíchumas i bPoist sa Státseirbhís agus i gComhlachtaí Poiblí Áirithe. Chomh maith leis sin, mhol ÚNM go ndéanfaí leasuithe chun beartais agus straitéisí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe reatha a léiriú, lena n-áirítear treoir maidir le comórtas theoranta, le bealaí malartacha earcaíochta agus le sonraíochtaí poist inrochtana.

Chuir ÚNM comhairle ar an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí freisin maidir leis an Dréacht-Treoir a tháirg sé chun gabháil leis an gCód Cleachtas, a foilsíodh sa bhliain 2021 ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag <https://www.cpsa.ie/codes-of-practice/what-are-the-codes/CPSA-Code-of-Practice-2021.pdf>

I mí Aibreáin 2021, thug ÚNM cóip den **Athbhreithniú ar Chuid 5** ó ÚNM don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Cuireadh béim san Athbhreithniú ar an ngá atá ann leis na spriocanna méadaithe a chur ar bhonn reachtúil. Fáiltíonn ÚNM roimh an obair atá á déanamh chun an sprioc mhéadaithe 6% a chur ar bhonn reachtúil tríd an mBille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), atá le tosú i lár na bliana 2022.

Lean ÚNM ar aghaidh ag obair le Grúpa Ghníomh 16: Ár Seirbhís Phoiblí 2020 chun cruthú timpeallachtaí cothroma cuimsitheacha éagsúla oibre a chur chun cinn ar fud na hearnála poiblí. Sheol an Grúpa sin an Paca Acmhainní um Thimpeallachtaí Cothroma Cuimsitheacha Éagsúla Oibre sa bhliain 2021. Chomh maith leis sin, thug ÚNM aiseolas don Ghrúpa sin ar an gCur Chuige atá Bunaithe ar Chearta an Duine i leith Sonraí Cothroma Cuimsitheacha, ar cur chuige é atá á thriail ag an nGrúpa.

Dearadh Uilíoch agus foghlaim ó fhorbairtí le déanaí a chur san áireamh i gcaighdeán, i dtreoirínte agus i bhfoirne uirlisí

BAUHAUS an Aontais Eorpaigh

Sheol an Coimisiún Eorpach [tionscnamh an Bauhaus Eorpaigh Nua](#). D'fhógair an tUachtarán **von der Leyen** an seoladh san [aitheasc](#) uathí ar Staid an Aontais sa bhliain 2020. Is é atá sa Bauhaus Eorpach Nua ná tionscadal comhshaoil, eacnamaíoch agus cultúrtha a bhfuil mar aidhm leis dearadh, inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, inacmhainneacht agus infheistíocht a chomhcheangal chun cabhrú leis an gComhaontú Glas don Eoraip a sholáthar. Is iad **inbhuanaitheacht, aeistéitic agus cuimsitheacht** bunluachanna an Bauhaus Eorpaigh Nua, dá bhrí sin. Tionscnamh ilbhlianta is ea tionscnamh BAUHAUS an Aontais Eorpaigh.

Chomhoibrigh an Lárionad Sármhaitheasa le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn le haghaidh cur chuige comhordaithe a bhaineann le dearadh in Éirinn le haghaidh thionscnamh BAUHAUS an Aontais Eorpaigh. Rannchuidigh an Lárionad Sármhaitheasa le ceardlann sa bhliain 2021 inar cuireadh chun cinn acmhainní treorach Deartha Uilíoch a bhí ag teacht le bunluachanna BAUHAUS an Aontais Eorpaigh.


Comhairliúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Lána Rothar Bhóthar na Trá

Chuir ÚNM aighneacht isteach chuig Comhairliúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Lána Rothar Bhóthar na Trá i mí Feabhra 2021. Leagadh béim san aighneacht uainn ar an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus le measúnacht tionchair míchumais a dhéanamh le haghaidh an tionscadail sin chun fadhbanna agus réitigh a shainiú. D'iarr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cruinniú linn chun an aighneacht uainn a phlé. Bhí cruinniú cuiditheach againn leis an bhfoireann pleanála, agus ghabh an dá pháirtí orthu féin leanúint le plé a dhéanamh ar bhóithre inrochtana sa todhcháí.

An Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU)

Chuir ÚNM freagra isteach ar chomhairliúchán poiblí a sheol an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) ar an Lámhleabhar do Sholáthraithe Leictreachais agus Gáis 2021. Leagtar amach sa lámhleabhar sin na ceanglais rialála ar an earnáil fónais in Éirinn. Rinneadh tagairt sa chomhairle uainn don reachtaíocht lena gceanglaítear ar sholáthraithe leictreachais agus gáis Prionsabail an Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm maidir lena gcumarsáidí le custaiméirí; agus tagairt á déanamh do chaighdeán IS 374:2019 a forbraíodh chun cabhrú le soláthraithe na ceanglais dhlíthiúla sin a chomhlíonadh agus do théarmaíocht.

Tosaíocht Straitéiseach 4



Tosaíocht Straitéiseach 4:

“Leanúint le feasacht ar Dhearadh Uilíoch agus glacadh Deartha Uilíoch a chothú ar fud na sochaí in Éirinn”.



Centre for Excellence
in Universal Design

Comhairle agus cabhair a thabhairt i ndáil le caighdeáin, treoirínte agus foirne uirlisí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le Dearadh Uilíoch, agus a gcur chun feidhme ag gaeilsealbhóirí náisiúnta a chur chun cinn

Treoirínte Taighde agus Deartha Uilíoch le haghaidh cáilíocht na beatha a fheabhsú agus rialú ionfhabhtuithe COVID-19 a bhreisiú i suíomhanna cúraim cónaithe atá ann cheana do dhaoine scothaosta.

Ag deireadh na bliana 2020, shínigh ÚNM conradh le TrinityHaus, ag obair dó i gcomhar le hOspidéal Ollscoile Thamhlachta, chun taighde a dhéanamh agus treoir deartha a fhorbairt maidir le conas is féidir feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus ar athléimneacht i leith na paidéime i suíomhanna cúraim cónaithe fhadtéarmaigh atá ann cheana do dhaoine scothaosta. Scrúdaíodh sa tionscadal conas is féidir an timpeallacht thógtha sna suíomhanna sin a oiriúnú agus a iarfheistiú trí chur chuige Deartha Uilíoch a úsáid chun:

- feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí; agus
- feabhas a chur ar an ullmhacht don phaindéim agus ar an athléimneacht ina leith, agus sláinte agus folláine shíceasóisialta na gcónaitheoirí agus na foirne á gcosaint ag an am céanna.

Cuireadh an taighde agus an treoir i gcrích go mall sa bhliain 2021 agus seolfar iad sa chéad ráithe den bhliain 2022.

Athbhreithniú ar Chuid M de na rialacháin foirgníochta chun foráil a dhéanamh do Leithris is Áiteanna Feistis

Ag deireadh na bliana 2020, thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht cuireadh do ÚNM chun ionadaí a ainmniú chuig Grúpa Oibre atá á bhunú chun a scrúdú conas is féidir le Cuid M de na rialacháin foirgníochta foráil a dhéanamh do Leithris is Áiteanna Feistis i bhfoirgnimh mhóra nua áirithe agus i bhfoirgnimh atá ann cheana agus a bhfuil oibreacha á ndéanamh orthu. Mar chuid dá rannchuidiú leis an nGrúpa Oibre, rinne ÚNM cathaoirleacht ar an ‘bhFoghrúpa um Cheanglais Theicniúla’ agus sholáthair sé anailís ar an daonáireamh reatha agus ar shonraí eile chun an líon daoine a d’fhéadfadh Leithris is Áiteanna Feistis in Éirinn a úsáid a mheas.

Tá obair déanta ag ÚNM cheana féin chun treoir a fhorbairt maidir le Leithris is Áiteanna Feistis. Cuireadh forbairt na treorach sin ar sos toisc go bhfuiltear ag fanacht leis an athbhreithniú ar Chuid M a chur i gcrích, ós rud é go mbeidh sé riachtanach go mbeidh sé ag teacht leis na híosrialacháin nua le haghaidh Leithris is Áiteanna Feistis agus le Dearadh Uilíoch dea-chleachtais. Tá sé beartaithe anois an treoir a fhoilsiú sa dara ráithe den bhliain 2022.

Cuireadh an Uirlis Iniúchta Deartha Uilíoch ar an Insiúltacht do Bhóithre agus Sráideanna i gcrích

Sna míonna tosaigh den bhliain 2021, d’fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leagan nua den [Uirlis Iniúchta Deartha Uilíoch ar an Insiúltacht do Bhóithre agus Sráideanna](#) in Éirinn. Is féidir an uirlis iniúchta a úsáid chun na dálaí reatha ar bhealach sonraithe siúil a mheas bunaithe ar a insiúlta atá sé. Tá sé beartaithe go ndéanfadh raon leathan daoine, beag beann ar aois agus ar chumas, an t-iniúchadh. Áirítear leo sin eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, eagraíochtaí do dhaoine scothaosta, eagraíochtaí tathanta, pleanálaithe taistil scoile, daoine den phobal agus

oifigigh Údarás Áitiúil. Thug an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, Aoisbhá Éireann agus Clár na Scoileanna Glasa comhairle don Údarás Náisiúnta Iompair maidir le forbairt na huirlise iniúchta. Áiríodh leis sin idirchaidreamh a dhéanamh le daoine a bhfuil raon riachtanas inrochtaineachta acu, lena n-áirítear daoine scothaosta, tuismitheoirí a bhfuil bugaí acu, daoine faoi mhíchumas fisiciúil agus daoine a bhfuil laguithe amhairc orthu, agus dréachtleagan den uirlis a thriail i gCill Rois, Co. an Chláir.

Cuireadh na Treoirínte maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim do Bhreisoideachas agus Oiliúint i gcrích

Chuir ÚNM comhairle ar Choiste Comhairleach Náisiúnta um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim do Bhreisoideachas agus Oiliúint de chuid SOLAS agus ar a Fhochoiste agus ghlac sé páirt iontu sin. Ag obair dó i gcomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, choimisiúnaigh Aonad Cuimsithe Ghníomhaigh SOLAS cuideachta darb ainm AHEAD chun taighde a dhéanamh ar thimpeallachtaí cuimsitheacha foghlama trí chreat Deartha Uilíoch don Fhoghlaim a úsáid. Ba é aschur foriomlán ná oibre ná Treoirínte maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim do Bhreisoideachas agus Oiliúint a fhoilsiú.

Cheadaigh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim dréacht deiridh de na Treoirínte an 16 Nollaig 2020 lena chur isteach chuig bord SOLAS. Maidir leis an bhfoilseachán treoirínte dar teideal “UDL for FET Practitioners – Guidance for Implementing Universal Design for Learning in Irish Further Education and Training”, tá struchtúr uathúil air atá bunaithe go príomha ar chás-staidéir a bhaineann le cleachtóirí Éireannacha Breisoideachais agus Oiliúna. Ullmháodh leagan Achoimre i dteannta an fhoilseacháin treoirínte. De bhreis air sin, forbraíodh mol faisnéise Gréasánbhunaithe chun acmhainní iomchuí a óstáil. Seoladh na foilseacháin sa chéad ráithe den bhliain 2021.

Rannpháirtíocht an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeán Uilíoch agus Faireachán mar shaineolaí i dtionscadal caighdeán le haghaidh clúdaigh aghaidhe

Tá an Lárionad Sármhaitheasa ina bhall saineolaíoch i dtionscadal nua Caighdeán Eorpach a bhfuil tús curtha aige le Sonraíocht Theicniúil a tháirgeadh maidir le feidhmíocht agus úsáid clúdach aghaidhe i leith phaindéim COVID-19. Bhí Grúpa Oibre 38 de chuid CEN/TC 248 i mbun an tionscadail ar fud na bliana 2021, ar lena linn a cuireadh cruinnithe fóirúla lae iomláin ar siúl gach mí. Tá an tSonraíocht Theicniúil bunaithe go páirteach ar an méid a chuireamar roimhe sin leis an obair ar chaighdeán Mhaisc Bhacainne SWIFT-19 de chuid an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sa bhliain 2020, mar aon le hobair ar chaighdeán náisiúnta ghaolmhara eile agus le caighdeán CWA 17553 maidir le Clúdaigh Aghaidhe Pobail. Mar chuid de Ghrúpa Oibre den Choiste Comhairleach um Chaighdeán Deartha Uilíoch de chuid an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, thug an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeán Uilíoch agus Faireachán saineolas ar cheanglais inrochtaineachta is gá a chur san áireamh maidir le socrú méide, caitheamh agus baint, pacáistiú, faisnéis/treoracha le haghaidh úsáide, agus fuinneoga trédhearcacha i gclúdaigh aghaidhe chun go mbeifí in ann amharc ar ghothaí aghaidhe na gcaiteoirí. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na caighdeán Sonraíochta Teicniúla sna míonna tosaigh den bhliain 2022.

Caighdeán Eorpach Nua: EN 17478:2021 ‘Seirbhísí Iompair – Cumarsáidí custaiméirí le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí – Cur chuige Deartha Uilíoch’

Lean ÚNM ar aghaidh ag glacadh páirt i gCoiste Teicniúil an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú, ar Coiste Teicniúil é a d’fhorbair caighdeán Eorpach nua chun Dearadh Uilíoch cumarsáidí san earnáil iompair paisinéirí a chur chun cinn. Leis an gcaighdeán, a foilsíodh i mí na Nollag 2021,

sonraítear ceanglais agus moltaí le haghaidh pleanáil, dearadh, forbairt agus soláthar a dhéanamh ar chumarsáidí úsáideoirí a bhaineann leis an iompar paisinéirí chun go mbeidh an raon is leithne úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta, in ann na cumarsáidí sin a rochtain, a thuiscint agus a úsáid.

Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha, agus tá sé ina bhall den Institiúid. Cheap an Institiúid Charlotte Barker mar chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin dá cuid i lár na bliana 2020. Le linn a Cruinnithe Ghinearálta Bhliantúil sna míonna deiridh den bhliain 2020, chuir Uachtarán agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na hInstitiúide fíís nua, cuspóir agus gníomhaíochtaí tosaíochta gaolmhara na hInstitiúide i láthair. Áirítear leo sin Dearadh Uilíoch a chur chun cinn mar chuid chaighdeánach dhílis de dhea-dhearadh. Sa bhliain 2021, thug an Institiúid an t-eolas is deireanaí don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ar na gníomhaíochtaí atá ar bun aici chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn.

Cumhacht an Deartha – Céim 2

Ag teacht sna sála ar thriail taispeána rathúil Chéim a hAon a bhí ar siúl idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2019, d'oibrigh Junior Achievement Ireland, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le chéile ar Chéim a Dó sna blianta 2020 agus 2021 chun 50 ceardlann de chlár Chumhacht an Deartha a sholáthar sa tír. Is é is Cumhacht an Deartha ann ná ceardlann lándéanta a soláthraíonn meantóirí deonacha í agus lena dtugtar tús eolais ar Dhearadh Uilíoch do dhaltáí 12 bhliain d'aois i seomraí ranga bunscoile agus do na múinteoirí éascaithe agus na meantóirí deonacha gairmiúla lena mbaineann. Léiríodh sna meastóireachtaí ar Chéim 2 de Chumhacht an Deartha gur baineadh torthaí sármhaithe amach le haghaidh cuspóirí an tionscadail agus na torthaí foghlama beartaithe a chomhlíonadh agus léiríodh iontu go raibh spéis láidir ag na geallsealbhóirí uile (daltáí, múinteoirí agus oibríthe deonacha) i gclár Chumhacht an Deartha. Tá pleanáil ar bun chun clár Chumhacht an Deartha a scálú sa toadhcháil chun an glacadh leis sa tír a mhéadú.



Tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt cúrsaí agus ar an nglacadh le hábhar curaclaim lena gcuirtear Dearadh Uilíoch san áireamh agus é sin a sholáthar trí chur chuige i leith Foghlaim Deartha Uilíoch lena dtógfar an cumas in oiliúint ghairmiúil tosaigh, in oideachas gairmiúil tosaigh agus i bhforbairt ghairmiúil leantach

Dearadh Uilíoch i gcúrsa forbartha gairmiúla leantaí ‘Tosca Daonna’ de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Sheol an Lárionad Sármhaitheasa aoi-léacht trí huaire an chloig le haghaidh an mhodúil de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar chuid de chúrsa TFMS9020: Eirgeanamaíocht agus Tosca Daonna. D’fhreastail thart ar 20 gairmí sláinte agus sábháilteachta sa mhodúl forbartha gairmiúla leantaí ar an léacht ar Dhearadh Uilíoch. Ba é “Inrochtaineacht agus meastóireacht ar inrochtaineacht agus dearadh do dhaoine a bhfuil riachtanais dhifriúla acu” teideal na léachta. Bhí sí bunaithe ar churaclam tríú leibhéal an Lárionaid Sármhaitheasa agus ar ghníomhaíochtaí idirghníomhacha lena díríodh ar dhaoine a bhfuil cumais níos éagsúla agus saintréithe níos éagsúla acu, lena n-áirítear tús eolais a thabhairt ar threoir deartha, uirlisí deartha agus caighdeáin deartha a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht. Éilíodh ar na mic léinn úsáid na faisnéise ón léacht a thaispeáint ina n-obair thionscadail don chúrsa.

Cur chun feidhme a dhéanamh ar na Treoirínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Foghlaim agus Chúram na Luath-Óige (UDG4ELCS)

Cuireadh tús sa bhliain 2021 le tionscadal le haghaidh na Treoirínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Foghlaim agus Chúram na Luath-Óige 2019 a chur chun feidhme. Is é atá sa tionscadal seo ná an toradh ar chaidreamh comhoibríoch leanúnach idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch san Údarás Náisiúnta Míchumais le haghaidh na Treoirínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Foghlaim agus Chúram na Luath-Óige a chur chun feidhme. Is iad aidhmeanna an tionscadail ná aschuir a tháirgeadh chun feasacht a mhúscailt ar Shuíomhanna Foghlaim agus Chúram na Luath-Óige a dhearadh, a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar agus acmhainn a fhorbairt sa réimse sin. Féachfar sa tionscadal dhá bhliain le feasacht a mhúscailt ar UDG4ELCS trí na Treoirínte agus acmhainní faisnéise gaolmhara a scaipeadh ar ghairmithe ar fud earnálacha éagsúla agus na Treoirínte a chur chun cinn ina measc. Áirítear le príomh-aschuir an tionscadail suíomh Gréasáin tiomnaithe, modúil ríomhfhoghlama féinluais ar líne, comórtas náisiúnta deartha agus comhdháil chun an dea-chleachtas a thaispeáint. Cisteoidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an tionscadal agus beidh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ar an bpríomhbhainisteoir tionscadail, agus leanfar leis an obair sa bhliain 2022.

Léacht ar Dhearadh Uilíoch san Ardoideachas

Chomhoibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun Léacht ar Dhearadh Uilíoch san Ardoideachas a óstáil i gcomhpháirt go luath i mí an Mheithimh. Ba í an tOll. Sheryl Burgstahler ó Ollscoil Washington sna Stáit Aontaithe an cainteoir. Ba é príomhfhócas na cainte ná béim a leagan ar na gnéithe éagsúla de Dhearadh Uirbeach, lena n-áirítear an macraileibhéal lena mbaineann beartas rialtais agus rialáil, an méiseileibhéal lena mbaineann rialachas eagraíochta agus straitéis eagraíochta, agus an micrileibhéal lena mbaineann an timpeallacht thógtha, teicneolaíocht, seirbhísí agus treoir (Dearadh Uilíoch don Foghlaim).

Chláraigh breis agus 130 freastalaí ó ollscoileanna éagsúla amhail Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na Tríonóide agus ón Údarás um Ard-Oideachas, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Churaidh Dheartha Uilíoch an Lárionaid Sármhaitheasa.

Is é an chéad chéim eile ná obair le grúpa beag d'fhoireann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun páipéar beartais Deartha Uilíoch a tháirgeadh, ar páipéar beartais é a chuirfí i bhfeidhm laistigh den Ollscoil Teicneolaíochta agus is féidir a mhacasamhlú in institiúidí breisoideachais agus ardoideachais eile.

Tuilleadh Forbartha ar Dhearadh Uilíoch in THE BIG IDEA de chuid Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i mbun comhpháirtíochta leanúnaí le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn ó bhí an bhliain 2012 ann chun Dearthadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Tá Institiúid na nDearthóirí in Éirinn cleamnaithe le clár oideachais THE BIG IDEA, ar clár é lena dtugtar éiteas deartha chruthaithigh isteach atá bunaithe ar théamaí sóisialta do scoláirí Idirbhliana. Tá sé mar chuspóir le THE BIG IDEA scoláirí a chumhachtú trí fhoghlaim atá bunaithe ar fhiosrú, agus smaointeoireacht chriticiúil á forbairt trí thionscadail atá comhfhiosach ón taobh sóisialta de, atá dírithe ar an duine agus lena gcomhcheanglófar iad lena bpiaraí, lena dtionscal, lena bpobal agus lena ndomhan.

Triaileadh THE BIG IDEA sna míonna tosaigh den bhliain 2021 le 500 mac léinn agus seoladh ócáid taispeána ag an deireadh. Bhí sé beartaithe páirt a thabhairt do 2000 mac léinn i mBliain a Dó. De bharr an éilimh ar an gclár, áfach, teorannaíodh an líon iarratas ó scoileanna ar an liosta feithimh le haghaidh rannpháirtíochta go 10,000 iarratas. Bunaithe ar thorthaí meastóireachta agus aiseolais, rinneadh tuilleadh oibre chun tuilleadh Deartha Uilíoch a chomhtháthú isteach in THE BIG IDEA sa bhliain 2021.

Ba iad aschuir an tionscadail ná cur leis an méid de Dhearadh Uilíoch i gclár THE BIG IDEA atá le cur ar siúl in earrach na bliana 2022 ar fud na gcontaetha uile in Éirinn, a meastar go nglacfaidh 2000 scoláire agus 400 meantóir páirt ann. Áiríodh na nithe seo leis na cuspóirí le haghaidh Thionscadal Forbartha Breise THE BIG IDEA sa bhliain 2021:

- Cuspóir 1: Athbhreithniú Clár
 - Athbhreithniú clár ar ábhair foghlama ó THE BIG IDEA agus ó ábhair churaclaim an ghearrchúrsa Teastais Shóisearaigh i nDearthadh Uilíoch de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearthadh Uilíoch
- Cuspóir 2: Modhnú Clár
 - Modhnú clár chun Dearthadh Uilíoch, ábhair Dheartha Uilíoch don Fhoghlaim agus feabhsú leanúnach inrochtaineachta a fhorbairt agus a chur san áireamh.
- Cuspóir 3: Acmhainn Cás-Staidéar
 - Dearthadh agus forbairt Acmhainn Foghlama Cás-Staidéar Deartha Uilíoch THE BIG IDEA

Leanúint ar aghaidh ag cur feacht agus tuiscint ar Dhearadh Uilíoch chun cinn sa timpeallacht thógtha, i dtáirgí, i seirbhísí agus i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide trí ghradaim, ceardlanna agus comhdhálacha a chur chun cinn agus trí pháirt a ghlacadh iontu

Gradaim ‘Tógáil do Chách/Dearadh Uilíoch’ de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, 2020 agus 2021

Déanann ÚNM urraíocht ar an ngradam sin laistigh de chlár bliantúil Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Is é Gradam ‘Tógáil do Chách/Dearadh Uilíoch’ de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann an t-aon chatagóir amháin i nGradaim Ailtireachta na hInstitiúide a bhfuil cuairt láithreáin ar fhoirgnimh ghearrliostaithe ar áireamh ina próiseas measúnachta. Níor dámhadh Gradam ‘Tógáil do Chách/Dearadh Uilíoch’ de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann sa bhliain 2020 toisc gur fhág srianta COVID-19 nach rabhthas in ann cuairteanna a thabhairt ar láithreáin. Ba sa bhliain 2021 a tugadh cuairteanna ar láithreáin le haghaidh ghradaim na mblianta 2020 agus 2021.

Fógraíodh na Gradaim ‘Tógáil do Chách/Dearadh Uilíoch’ do na blianta 2020 agus 2021 ag comhdháil bhliantúil na hInstitiúide i mí na Samhna 2021. Ba í Céim III de Theach Bhaile an Róistigh buaiteoir ghradam na bliana 2020. Is forbairt tithíochta í ar dhear Roinn Ailtirí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin í. Ba é an tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin buaiteoir ghradam na bliana 2021. Ba é O’Connell Mahon Architects a dhear é.



Gradaim Institiúid na nDearthóirí in Éirinn 2021

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Dámhann an Lárionad Sármhaitheasa ‘Gradam Deartha Uilíoch’ do dhearthóir agus do dhearthóir is mac léinn i nGradaim na hInstitiúide agus i nGradaim Dheartha na hInstitiúide do Chéimithe faoi seach gach bliain. I mbliana, cuireadh an dá ócáid gradam sin ar siúl ar líne an 9 Samhain agus an 11 Samhain faoi seach. Rinne an Lárionad Sármhaitheasa athbhreithniú ar iontrálacha deartha sa chatagóir Deartha Uilíoch le haghaidh gach ceann de na gradaim sin agus d’ainmnigh sé na hiontrálacha buaiteacha, a fógraíodh ag na hócáidí gradam ar líne. Ba í ‘Merlyn Revo’ ag Dolmen Design and Innovation an iontráil bhuaiteach sa chatagóir Deartha Uilíoch de Ghradaim na hInstitiúide. Is é atá ansin ná córas ilfheidhmeach stórála seomra leapa agus ráille cithfholctha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na n-úsáideoirí a bhfuil saintréithe éagsúla acu agus lena dtaispeántar cur i bhfeidhm roinnt mhaith de Sheacht bPrionsabal an Deartha Uilíoch. Ba í ‘Lighten – Caring for Carers’ ag Shane McCabe an iontráil bhuaiteach sa chatagóir Deartha Uilíoch de Ghradaim Dheartha na hInstitiúide do Chéimithe. Is é atá in ‘Lighten’ ná córas Idirlíon na nEarraí chun tacú le daoine a bhfuil néaltrú déanach orthu agus leis na daoine sin a thugann cúram nó tacaíocht dóibh, agus is léiriú ar chur chuige Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm é forbairt an chórais sin.

Seimineár Gréasáin ar Dhearadh Uilíoch

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Éascaíonn an Institiúid a hoiliúint forbartha gairmiúla leantáí tríd an mbaint atá aici le Design Skillnet. An 29 Samhain 2021, d'óstáil Design Skillnet seimineár Gréasáin uair an chloig ar eagraigh an Lárionad Sármhaitheasa é leis an Institiúid. Ba é “Cur Chuige Deartha Uilíoch do Chách – Modhanna le haghaidh Cultúr Comhdheartha” teideal an tseimineáir Gréasáin. Chláraigh breis agus 250 duine ón earnáil deartha, ón earnáil phoiblí agus ón lucht léinn chun freastal air. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an seimineár Gréasáin:

- Forbhreathnú ó Phríomhoifigeach an Lárionaid Sármhaitheasa ar Dhearadh Uilíoch agus ar an mbaint atá aige leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;
- Intreoir ó Stiúrthóir ÚNM ar óráid ag ALONE, atá ina Luath-Ghlacadóir aitheanta de chaighdeán EN 17161;
- Intreoir ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta ar óráid ag Dolmen Design, atá ina Luath-Ghlacadóir aitheanta de chaighdeán EN 17161; agus
- Eochairléacht ón Ollamh Liz Sanders ó Ollscoil Ohio State ar Mhodhanna le haghaidh Cultúr Comhdheartha.

Comhroinneadh leis an lucht freastail an tacar 29 gCárta Modhanna Comhdheartha ón Ollamh Sanders. D'aithin an Institiúid an seimineár Gréasáin a bheith ar an gcéad cheann de shraith seisiún comhoibríoch faisnéise chun buntacú lena straitéis i dtreo Dearadh Uilíoch mar chaighdeán. Thug Design Skillnet dá aire go raibh an seimineár Gréasáin ina eiseamláir de conas ba cheart teidealú fíor-ama agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar áireamh ina sheisiúin oiliúna sa todhchaí. Ullmháodh físeán ón seimineár Gréasáin agus is féidir amharc air ar ár suíomh Gréasáin ag www.universaldesign.ie. Tá pleanáil ar bun le gach ceann de na páirtithe lena mbaineann le haghaidh ócáidí leantacha sa bhliain 2022. Tá gníomhaíocht an Lárionaid Sármhaitheasa le haghaidh caighdeán EN 17161 a chur chun feidhme ar bun le heagraíochtaí in Éirinn, agus tá sé beartaithe go dtaispeánfar eagraíochtaí is Luath-Ghlacadóirí in Éirinn ag ócáid atá ceangailte leis an gCoimisiún Eorpach sa bhliain atá le teacht.

Láithreoireacht sa Bhruiséil ag an 25ú Comhdháil Bhliantúil de chuid EASPD

Iarradh ar an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch láithreoireacht a thabhairt ag comhdháil Eorpach dar teideal “The Future is Now: Technology to empower people and disability services” ag Cumann Eorpach na Soláthraithe Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Bhruiséil ón 13 Deireadh Fómhair go dtí an 15 Deireadh Fómhair. Ba é “Cur Chuige Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm chun teicneolaíochtaí atá níos dírithe ar an duine a chruthú” teideal na láithreoireachta. Glacadh go maith leis an láithreoireacht, a tharla i gcomhthráth le foilseachán beartais nua a seoladh ag an gcomhdháil maidir le “Teicneolaíocht atá Dírithe ar an Duine le haghaidh na hearnála Cúraim Shóisialta”. Leagadh béim i roinnt de na moltaí san foilseachán do sholáthraithe seirbhísí agus don lucht déanta beartas araon gurb é cur chuige Deartha Uilíoch an modh chun a chinntiú gurb inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas a bheidh teicneolaíochtaí nua. Beidh an foilseachán sin ina thagairt thábhachtach don obair atá á déanamh ag ÚNM faoi láthair maidir le Teicneolaíocht Chúnta i gcomhar le FSS agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.



Aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais

Tugadh cuireadh do ÚNM aighneacht i scríbhinn a chur chuig an gComhchoiste um Ghnóthaí Míchumais roimh a chruinniú an 14 Deireadh Fómhair ar an téama seo: ‘Ó Inrochtaineacht go Dearadh Uilíoch’. Tugadh breac-chuntas san aighneacht ó ÚNM ar phríomh-shaincheisteanna sa timpeallacht thógtha, agus díriú á leagan ar an ngá atá ann le Cuid M a leasú le haghaidh Teaghaisí chun aistriú amach ó chaighdeán in-iniúchta chun Tithe Deartha Uirbigh a sholáthar. Leagadh béim inti freisin ar obair an Lárionaid Sármhaitheasa sna réimsí seo: an tOideachas; TFC (lena n-áirítear an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin); agus Táirgí agus Seirbhísí.

Imscrúdú a dhéanamh ar conas is féidir Dearadh Uilíoch a chur san áireamh ar an dóigh is fearr sna forbairtí uirbeacha, baile agus pobail, agus forbairt á déanamh ar obair roimhe a bhaineann leis an “Straitéis um Aosú Cliste”

Anailís Costais is Tairbhe ar Dhearadh Uilíoch

Tá an Lárionad Sármhaitheasa in ÚNM ag déanamh Anailís Costais is Tairbhe ar thithe Deartha Uilíoch. Is é is Anailís Costais is Tairbhe ann ná modheolaíocht breithmheasa eacnamaíoch a úsáidtear chun a mheasúnú an mó na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le tionscadal ná na costais shóisialta nó eacnamaíocha a bhaineann leis nó nach mó. Is é an toradh a bheidh ar bhonn fianaise láidir a sholáthar chun an tsamhail tithíochta Deartha Uilíoch a bhreithmheas ná go spreagfar tosca, caighdeán agus roghanna a bhaineann le tithíocht Deartha Uilíoch a chur ar áireamh i soláthar tithíochta sa todhchaí in Éirinn. Chomh maith leis sin, bainfear an-leas as na fionnachtana taighde le linn dul chun cinn a threorú i dtreo comhlíonadh a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach sa doiciméad beartais “Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe” le haghaidh tithíocht Deartha Uilíoch a sholáthar.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Teicniúil chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal sa bhliain 2021 agus thionóil sé dhá chruinniú sa bhliain. Tá próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí le haghaidh an tionscadail ar siúl fós. Ar na comhairlithe go dtí seo tá daoine aonair a bhfuil taithí phearsanta acu ar mhíchumas, ionadaithe d’Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, cúramóirí, saineolaithe teicniúla sa réimse beartais tithíochta agus sa réimse beartais míchumais, agus baill de Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an tionscadail. Tá athbhreithniú ar an litríocht agus obair bailiú sonraí ar siúl fós chun tacú leis an tionscadal. Ullmhaíodh dréachtsuirbhé freisin chun tithe Deartha Uilíoch a mheas, agus tá teagmhálacha ar bun chun faighteoirí an tsuirbhé a shainathint, rud lena mbaineann comhoibriú le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le hÚdaráis Áitiúla.

Measúnú Costais ar Thithíocht Deartha Uilíoch

Sna “Treoirínte Deartha Uilíoch do Thithe in Éirinn” ón Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, léirítear an fhíric go dtagann athruithe ar chineálacha cumais gach duine de réir mar a théann siad ar aghaidh trí chéimeanna na beatha. Téann an cur chuige Deartha Uilíoch chun tairbhe do raon leathan grúpaí úsáideoirí, beag beann ar aois, ar mhéid, ar chumas agus ar mhíchumas, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí óga acu, daoine a bhfuil díobháil shealadach nó bhuan acu, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta a chónaíonn ina n-aonar. D’oibrigh ÚNM i gcomhar le Cumann Suirbhéirí Cairte Éireann, agus sholáthair Hardy Partnership Quantity Surveyors saineolas teicniúil chun an dréacht-Athbhreithniú Costais seo ar na Treoirínte Deartha Uilíoch do Thithe in Éirinn a fhorbairt. Chomh maith leis sin, leagadh béim san idirchaidreamh

leis an Roinn Tithíochta ar fud an tionscadail gurb ann do roinnt réimsí ina mbeadh tuilleadh faisnéise ina chabhair chun tacú leis an argóint i bhfabhar Tithe Deartha Uilíoch. Is féidir a fheiceáil san obair a rinneadh go dtí seo gur cuid ríthábhachtach de Dhearadh Uilíoch a bhaint amach i dtithíocht nua é achar urláir inmheánaigh leorga i dteaghais a sholáthar i dteannta gnéithe Deartha Uilíoch atá deartha go cúramach. Agus muid i mbun comhairliúchán leo, tharraing Údarás Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe anuas arís agus arís eile gur príomhbhacainn ar Thithe Deartha Uilíoch a sholáthar iad na teorainneacha achair urláir inmheánaigh atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le hárasáin agus le tithe. Leag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann freisin béim ar an tsaincheist um theaghaisí atá inchónaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an obair sin le cur i gcrích faoin dara ráithe den bhliain 2022 agus bainfear leas aisti chun an Anailís Costais is Tairbhe atá tuairiscithe thuas a chomhlánú agus chun eolas a dhéanamh di.

Aighneacht maidir leis an Dréacht-Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeán

D'éisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht dréacht de 'Lámhleabhar Deartha do Thithíocht Ardchaighdeán' le haghaidh comhairliúcháin sa bhliain 2021. Tá sé mar chuspóir leis an lámhleabhar 'comhairle agus treoir a sholáthar ar leibhéal an leagain amach léaráidigh d'Údarás Áitiúla, do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe roghnaithe agus do gheallsealbhóirí agus a bhfoirne deartha maidir le dearadh barainneach ardchaighdeán do thithíocht, idir leagan amach an láithreáin agus dhearadh teaghaise aonair'.

Rinne ÚNM aighneacht mhionsonraithe maidir leis an dréachtdoiciméad. Ba iad seo na heochairphointí den chomhairle uainn:

- Ar aon dul le Gníomh 4.4 den ráiteas beartais 'Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe', is gá foclaíocht an doiciméid a threisiú chun a chinntiú go ndéanfar Dearadh Uilíoch a chur chun cinn go gníomhach, in ionad é a chur i láthair mar rogha lena breithniú.
- Ar aon dul le Gníomh 4.6 den ráiteas beartais 'Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe', ba cheart an treoir maidir le Dearadh Uilíoch i **dtithe**, mar aon le hárasáin, a léiriú sa doiciméad.
- Mar gheall ar an easpa inrochtaineachta a ghabhann le haonaid dhá urlár leibhéil uachtaraigh, ba cheart tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh ar an gcéatadán d'aonaid dhá urlár inár stoc tithíochta nua.
- Ba cheart leagan amach comharsanachtaí a bhreithniú go cúramach agus aird á tabhairt ar dhearadh uilíoch, lena n-áirítear cosáin agus áiteanna páirceála a sholáthar.
- Ba cheart measúnacht tionchair míchumais a dhéanamh ar na treoirlínte. D'áireofaí leis an measúnacht sin dul i gcomhairle fhiúntach le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.


Áiríodh leis an aighneacht ón Lárionad Sármhaitheasa in ÚNM athbhreithniú ar leagan amach na n-árasán ar tugadh árasáin Deartha Uilíoch orthu i gcomparáid le liosta príomh-threoirlínte maidir le Tithe Deartha Uilíoch ar sainaitníodh go bhfuil tionchar acu ar an leagan amach spáis/bonnchló de chuid tí. Leagadh béim inti ar cé na nithe a mbeadh tuilleadh oibre ag teastáil ina leith chun treoirlínte iomchuí maidir le Tithe Deartha Uilíoch a chur chun feidhme le haghaidh gach cineáil árasáin.

Spríodhíriú ar earnálacha áirithe le linn cleachtas Deartha Uilíoch a chur chun cinn i gcomhpháirt leis na geallsealbhóirí iomchuí, amhail an earnáil fóntais, an earnáil baincéireachta agus an earnáil iompair

Cruinniú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le suíochánra ag stadanna bus

Thug Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath cuireadh don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch freastal ar chruinniú an 28 Deireadh Fómhair le Comhairleoirí, le hoifigigh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le hAoisbhá Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun plé a dhéanamh ar shuíochánra a sholáthar ag stadanna bus i mBaile Átha Cliath. Thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht ag an gcruinniú chun forbheathnú a thabhairt ar thosca Deartha Uilíoch, lena n-áirítear an treoir maidir le stadanna bus inrochtana a thugtar i gCaighdeán Eorpach nua EN 17120: Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Ceanglais fheidhmiúla. Le linn an chruinnithe sin, luaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go bhfuil sé ag forbairt dearáí nua do stadanna bus agus dheimhnigh sé go n-oibreodh sé i gcomhar leis an Lárionad Sármhaitheasa maidir leis an dearadh chun a chinntiú go gcuirfí tosca deartha uilíoch san áireamh. D'iarr an tArd-Mhéara go n-eagrófaí cruinniú leantach i gceann sé mhí chun an t-eolas is deireanaí a fháil ar an dul chun cinn.

Tosaíocht straitéiseach 5



Tosaíocht straitéiseach 5:

“Leanúint lena bheith inár n-eagraíocht éifeachtach réamhghníomhach atá tiomanta dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus d’fhaisnéis faoinár gcuid oibre a chur in iúl”.

Sa bhliain 2021, lean ÚNM lenár ngealltanas dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus le déanamh amhlaidh i gcomhréir lenár n-oibleagáidí reachtúla, rialála agus rialachais. Rinneamar idirchaidreamh lenár ngeallsealbhoirí ar fud na bliana trí roinnt meán, lenar áiríodh comhairliúcháin, aighneachtaí, ardáin meán sóisialta agus ár nuachtlitir.

Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Is le comhlíonadh an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a threoraítear an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh den Údarás Náisiúnta Míchumais.

Mar gheall ar an gceanglas ar bhaill foirne obair go cianda de réir na treorach sláinte poiblí, leanadh sa bhliain 2021 le béim ar leith a leagan ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá i mbun oibre in ÚNM, agus díriú á chur ar bhainistíocht airgeadais agus sonraí.

Bunaíodh Creat-Chomhaontú Formhaoirseachta agus Feidhmíochta idir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugadh mionsonraí sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta 2021 faoi na spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil agus faoin bpríomhchlár gníomhaíochta ar ghabh ÚNM air féin é a chur i gcrích sa bhliain 2021.

Ag teacht sna sála ar an aistriú, ghabh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige uirthi féin Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí a sholáthar do ÚNM go dtí mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba ag an am sin a aistríodh na seirbhísí sin chuig samhail inmheánach íostarraingthe dírí. Rinne an Coiste Airgeadais agus an tÚdarás athbhreithniú gach dhá mhí sa bhliain (tríd an eolas is deireanaí ar chuntais bhainistíochta agus ar an mbuiséad) ar thuarascálacha airgeadais a táirgeadh go himmheánach agus ina léirítear mionsonraí faoin gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad comhaontaithe. Comhroinneadh na cuntais bhainistíochta leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar fud na bliana freisin.

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rinne ÚNM dréachtchuntais airgeadais don bhliain 2021 a ullmhú agus a chur faoi bhráid ár máthair-roinne agus faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi FRS 102, atá ar an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna fhógairt ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Cuirimid ÚNM na cuntais airgeadais cheadaithe don bhliain 2021 faoi bhráid an Aire.

Iniúcháireacht Inmheánach

Bhain ÚNM leas as seirbhísí neamhspleácha Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn eisceachtúil chun a athbhreithniú ar rialú inmheánach

don bhliain 2020 a dhéanamh. Níor sainaithníodh aon ábhair imní ábhartha agus sainaithníodh cúig mholadh. I mí Mheán Fómhair 2021, fuair ÚNM Seirbhísí neamhspleácha Iniúchóireachta Inmheánaí trí Chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais chun go mbeifí in ann athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bheadh socruithe ÚNM le haghaidh rialachais, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach ar feadh uastréimhse ceithre bliana.

An tÚdarás sa bhliain 2021

Tá Údarás ÚNM comhdhéanta de Chathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Ceapadh comhalta amháin den Údarás i mí Eanáir 2021 agus d'éirigh comhalta as i mí Iúil 2021. Tháinig an tÚdarás le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2021. De réir na dtreoirlínte sláinte poiblí, cuireadh gach cruinniú ar siúl go cianda sa bhliain 2021. Is leagtha amach sa Ráiteas Rialachais atá sceideal de fhreastal, táillí agus caiteachais na bliana 2021. Choimisiúnaigh an tÚdarás meastóireacht neamhspleách ar a fheidhmíocht sa bhliain 2021 ar aon dul leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rud lenar áiríodh tagairt don larscríbhinn Inscne agus Éagsúlachta laistigh den Chód. Eisíodh dornán moltaí, a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu de réir mar is cuí sa bhliain 2022.

Bainistíocht Riosca

Chun riosca eagraíochta a bhainistiú ar dhóigh éifeachtach, teastaíonn próisis láidre rialaithe chun tacú leis an Údarás agus leis an bhFeidhmeannas cuspóirí ÚNM a bhaint amach. Is bunaithe i ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ceaptha ag an Údarás atá feidhmeanna riosca agus rialaithe. Déanann an Coiste sin athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar nithe riosca, lena n-áirítear beartais agus cleachtas.

Tá ag ÚNM Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca atá comhdhéanta den ghrúpa ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Is é atá sa ghrúpa ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin ó thaobh chreat bainistíochta riosca ÚNM de.

Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta faireachán agus breithniú ar an timpeallacht riosca do ÚNM go tráthrialta agus is buanmhír í sin ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Údaráis. Tá ag ÚNM Clár Rioscaí bunaithe a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás é a athbhreithniú agus a cheadú go tráthrialta de réir mar is cuí. Tá ag an Údarás Príomhoifigeach Riosca ainmnithe agus rinne sé Ráiteas Inghlacthachta Riosca na heagraíochta a fhorbairt agus a cheapadh.

Ar aon dul leis an gceanglas faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú chun na príomhrioscaí a fhoilsiú agus chun machnamh a dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, sainaithníodh na nithe seo a bheith ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do ÚNM le linn na bliana 2021:

1. Dúshlán maidir le feidhmeanna nua a chomhlíonadh laistigh de thréimhsí ama sainithe, amhail an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus maidir leis an ról faireacháin a mhéadú in éagmais acmhainní breise agus saeolas teicniúil a bheith ann.
2. Dúshlán maidir le hacmhainn leordhóthanach a chinntiú chun aschuir atá comhsheasmhach, ar ardchaighdeán agus iomchuí ó thaobh ama de a sholáthar chun na feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh maidir le taighde agus comhairle agus an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a sholáthar mar fhreagairt don éileamh méadaithe sa réimse sin.

3. Dúshlán maidir le clár oibre ÚNM a sholáthar go héifeachtach sa bhliain 2021 i bhfianaise mhórhthimpeallacht COVID-19 agus na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil léi.

Chuir ÚNM pleananna agus gníomhartha i bhfeidhm sa bhliain 2021 chun na rioscaí sin a mhaolú.

Cód Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtaí Breise ag Comhaltaí an Údaráis agus Nochtaí Cosanta

I gcás na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021, is féidir le ÚNM a dheimhniú go raibh Cód Iompair don Údarás agus do bhaill foirne i bhfeidhm agus gur cloíodh leis. Ina theannta sin, chomhlíon gach comhalta den Údarás agus baill foirne iomchuí na freagrachtaí reachtúla atá orthu faoin reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar ÚNM faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe agus maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le ÚNM sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise

Le linn na bliana 2021, lean ÚNM le clár oibre chun a chinntiú go mbíonn sé ag comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018, agus ag maolú a rioscaí gaolmhara. Áiríodh leis sin príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta a athrú chun dáta agus a fhorbairt de réir mar is cuí. Tá Iniúchadh Comhairleach le déanamh sa bhliain 2022 ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Fuair ÚNM naoi n-iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2021. Géilleadh do thrí iarraidh, géilleadh go páirteach do cheann amháin, tar éis roinnt nithe a chur in eagar, agus diúltaíodh géilleadh do cheann amháin. Déileáladh le gach ceann de na hiarrataí sin laistigh den tréimhse ama reachtúil. Rinneadh roinnt iarrataí a fhreagairt lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise nó a tharraingt siar.

Oiliúint agus Forbairt

Lean ÚNM ar aghaidh ag cur plean oiliúna agus forbartha i bhfeidhm do bhaill foirne, ar plean é atá bunaithe ar an gCóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta agus ar riachtanais an duine aonair, lena áiríodh freastal ar sheimineáir, ar sheisiúin oiliúna agus ar cheardlanna. Cuireadh an chuid is mó díobh ar siúl ar líne le linn na bliana 2021 de dheasca phaindéim COVID-19. Soláthraíodh Clár Ceannaireachta do gach Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus gach Príomhoifigeach Cúnta le linn na bliana, agus tá clár comhchosúil á fhorbairt le haghaidh na ngrád uile eile in ÚNM lena sholáthar sa bhliain 2022. Tá na nithe seo a leanas ina sampla de roinnt de na deiseanna oiliúna agus forbartha a bhí ann sa bhliain 2021:

- Léargas éiritheach ar Athshlánú Gairme
- Rannpháirtíocht geallsealbhóirí i ndéanamh beartas a dhoimhniú
- Croíscileanna d'Oifigigh Feidhmiúcháin
- Ceardlann ar Cháin Shiarchoinneálach
- Teastas i Rialachas Corparáideach

Ghlac an fhoireann páirt freisin i gcomhdhálacha ar théamaí iomchuí oibre. Áirítear na nithe seo leo, mar shampla:

- Comhdháil Tithíochta na hÉireann

- An Dlí Fostaíochta
- Acmhainní Daonna
- Comhdháil Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann
- Léargas éiritheach ar athshlánú gairme
- Rannpháirtíocht geallsealbhóirí a dhoimhniú
- Straitéis Meán Sóisialta
- Teicneolaíocht atá dírithe ar an duine chun daoine agus seirbhísí míchumais a chumhachtú

Folláine san Áit Oibre

Lean ÚNM leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur ar fáil don fhoireann sa bhliain 2021. Tugann an tseirbhís ghairmiúil rúnda in aisce seo tacaíocht agus comhairle do bhaill foirne maidir le hábhair imní phearsanta agus ábhair imní a bhaineann leis an obair is ábhair imní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fholláine daoine agus dá bhfeidhmíocht san áit oibre.

Soláthraíodh Measúnuithe ar Threalamh Scáileáin Taispeána/Measúnuithe Eirgeanamaíocha do bhaill foirne iomchuí, ag teacht sna sála ar an aistriú chuig an obair ón mbaile. Cuireadh na moltaí a tháinig aníos chun feidhme.

Sholáthair ÚNM ríomhfhoghlaim Folláine Fostaithe, ar éascaigh Gnóthaí Poiblí Éireann í, do gach ball foirne sna réimsí seo a leanas sa bhliain 2021:

- Dea-Mheabhairshláinte
- An tSíceolaíocht um Chónaí agus Obair go Maith
- Straitéisí le haghaidh Folláine agus Athléimneachta

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ÚNM tiomanta d'fholláine a fhostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trína chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, arna leasú. Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ÚNM ar aghaidh ag tacú le faireachán agus treoir ar nithe Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2021 agus lean sé ar aghaidh ag cur bhearta rialaithe COVID-19 chun feidhme ar fud na bliana.

Mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2020, bhain ÚNM leas as na seirbhísí de chuid Sainchomhairleora Sláinte agus Sábháilteachta mar fhreagairt d'imthosca leanúnacha phaindéim COVID-19 chun tuilleadh athbhreithniúcháin a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta agus chun comhairle shaineolaíoch a sholáthar. Maidir leis an bhFoireann bhunaithe um an bhFreagairt do phaindéim COVID-19 a Bhainistiú agus leis an bpríomhionadaí oibrithe ceaptha, tháinig siad le chéile sa bhliain 2021 chun cabhrú le cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta ar shainaithin an Rialtas agus gníomhaireachtaí iomchuí iad chun filleadh sábháilte ar an obair a chinntiú do gach fostaí trí Phlean Freagartha comhaontaithe COVID-19.

An tAcht um Míchumas 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisc a thabhairt ar a mhéid a fhostaíonn siad daoine faoi mhíchumas. B'ionann an céatadán d'fhostaithe ÚNM atá faoi mhíchumas, de réir an mhíneithe san Acht um Míchumas 2005, agus 20.51% don bhliain 2021.

Tá na figiúirí sin bunaithe ar Áireamh Foirne a rinneadh sa bhliain 2021. Déantar na sonraí a athrú chun dáta gach bliain de réir mar is cuí chun baill foirne nua agus baill foirne reatha ar athraíodh a stádas a chur san áireamh.

Rinne ÚNM gach beart réasúnach chun fostú daoine faoi mhíchumas aige a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin. Mar shampla; timpeallacht inrochtana oibre a sholáthar, lena n-áirítear Measúnuithe ar Stáisiúin Oibre, áit a ndearnadh tuilleadh measúnuithe ar stáisiúin chianoibre agus tuilleadh measúnuithe eirgeanamaíocha sa bhliain 2021.

Acmhainn Leabharlaine agus Faisnéise

Lean Leabharlann ÚNM ar aghaidh ag soláthar seirbhís ar líne don fhoireann trí chuardaigh litríochta a dhéanamh don fhoireann chun tacú le comhairle fhianaisebhunaithe ÚNM a fhorbairt agus lena húsáid in athbhreithnithe ar an litríocht agus in ailt.

Áiríodh leis na seirbhísí eile ar sholáthair conraitheoir na Leabharlaine iad don fhoireann:

- Idirchaidreamh leis an bhfoireann chun freagraí feabhsaithe a threorú ar mhaithe le freastal ar riachtanais;
- Comhoibriú leis an bhfoireann chun tionscadail a bhreisiú;
- Freagraí ar cheisteanna ón bhfoireann.

Cóiríocht agus Saoráidí

Tá freagracht ar Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM as áitreabh sábháilte éifeachtúil a chothabháil. Le linn na bliana 2021, cheap ÚNM cuideachta darb ainm Accent Solutions chun seirbhís chomhtháite bainistíochta saoráidí a sholáthar. Le linn na bliana, leanadh le clár cothabhála coiscthí agus coimisiúnaíodh oibreacha chun a chinntiú go ndéanfaí a chóiríocht a chothabháil agus a úsáid ar dhóigh éifeachtach. Áiríodh leis na hoibreacha sin:

- Suirbhé a dhéanamh ar Chosaint ar Dhóiteán
- Maighnéid a shuiteáil ar dhoirse dóiteáin
- Monatóirí CO2 agus scáthlín pheirspéacs a shuiteáil

Chuir ÚNM tús le clár oibreacha tógála arb é atá ann ná oibreacha leictreacha, inrochtaineachta agus athchóirithe atá le déanamh thar roinnt blianta, agus cheap sé sain-Bhainisteoir Tionscadail chun comhairle a thabhairt ar feadh thréimhse an tionscadail. Cuireadh tús le hoibreacha leictreacha i mí na Samhna 2021 agus tá siad le cur i gcrích i mí Aibreáin 2022.

Ón 1 Iúil 2015 i leith, tá comhaontú léasa i bhfeidhm ag ÚNM le tionóntaí le haghaidh roinnt oifigí, óna bhfabhraítear an t-ioncam mar Leithreasáí-i-gCabhair ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh ioncam chuig an Roinn de réir mar ba chúil sa bhliain 2021.

Fuinneamh

Déanann Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM taifid don Údarás Náisiúnta Míchumais a chlárú agus a chothabháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

Tá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais achar urláir iomlán atá cothrom le 2,633 m², arb é atá ann Foirgneamh Vichteoiriach dhá stór os cionn leibhéal an ghairdín (x2), nascfoirgneamh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2006 agus foirgneamh tadhlaigh trí stór móide áiléar a cuireadh i gcrích sna blianta tosaigh de na 1980í.

Is iad seo na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsíú, TFC agus Oifigí

- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheora uisce the ísealteochta agus téamh faoin urlár) agus Uisce Te.

Chun críocha tuairisceán reachtúil a dhéanamh don bhliain 2021, b'inchurtha i leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais a bhí xx% den úsáid fuinnimh leictrigh sna foirgnimh. I dtaca le fuinneamh teirmeach, bhí xx% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith ÚNM.

Ón 1 Iúil 2015 i leith, tá cuideachta phríobháideach ag léasú agus ag áitiú an chéad urláir den Fhoirgneamh Cúil. Tá méadar leictreachais leithleach ag an gcuideachta sin, cé nach bhfuil méadar gáis leithleach aici.

Sa bhliain 2021, d'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 217,069 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 105,370 kWh de leictreachas;
- 111,699 kWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 kWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Is féidir le ÚNM na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- coigiltí costais xx% ón mbonnlíne i leith;
- úsáid a bhí 70.8% níos ísle ón mbonnlíne i leith.

Gníomhartha a rinneadh sa bhliain 2021

Sa bhliain 2021, thug ÚNM faoi thionscnaimh éagsúla a phleanáil agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Áiríodh leo sin:

- Leanúint le Feasacht ar Fhuinneamh – Comhdháil Bhliantúil ÚFIÉ ar Fhuinneamh Earnála Poiblí 2021
- Athbhreithniú Iniúchta Fuinnimh a choimisiúnú

Gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2022

Sa bhliain 2022, tá sé beartaithe ag ÚNM tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- Faireachán agus Tuairisciú – Ceardlann Úsáideoirí Nua
- Athshreangú
- Moltaí ón Athbhreithniú Iniúchta Fuinnimh a chur chun feidhme

Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana ÚNM, a ceapadh ar aon dul leis an Acht um Míchumas 2005, de bheith ar fáil chun treoir a thabhairt maidir le haon chabhair a bhí ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas a fuair rochtain ar shaoráidí, imeachtaí agus suíomh Gréasáin ÚNM sa bhliain 2021. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh le fáil ar leathanach baile shuíomh Gréasáin ÚNM.

Fiosruithe ó chomhaltaí den Oireachtas

De réir Chiorclán 24/2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seoladh ríomhphoist tiomnaithe fiosruithe ag OireachtasReps@nda.ie do chomhaltaí den Oireachtas atá ag iarraidh faisnéis ar nithe a bhaineann le hobair ÚNM.

Acmhainní Foirne

De réir alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, is é ÚNM fostóir a fhoirne. Cuireann an Feidhmeannas, ag gníomhú dó faoi stiúir ag an Stiúrthóir, straitéis, plan oibre bliantúil agus beartais an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun feidhme ar bhonn laethúil.

Bhí 39 mball foirne ag an Údarás Náisiúnta Míchumais amhail an 31 Nollaig 2021. Is é Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sholáthraíonn próiseáil párolla, pinsean agus taistil agus cothaithe ÚNM. Éascaíonn ÚNM cumarsáid ar phríomh-shaincheistanna idir an lucht bainistíochta agus ceardchumann aitheanta a dhéanann ionadaíocht do leasanna fhoireann ÚNM.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta de thrí rannóg:

- Beartas, Taighde agus Gnóthaí Poiblí;
- An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán;
- Seirbhísí Corparáideacha

Ag tuairisciú dóibh don Stiúrthóir, is é atá sna Cinn ar na trí rannóg sin ná an grúpa ardbhainistíochta.

An Lucht Ardbhainistíochta ag an 31 Nollaig 2021

Stiúrthóir	An Dr Aideen Hartney
Ceann Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí	An Dr Rosalyn Tammig
Príomhoifigeach, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán	An Dr Ger Craddock
Ceann Seirbhísí Corparáideacha	Suzanne Lambe

Dualgas na hEarnála Poiblí

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ceanglaítear ar ÚNM measúnú a dhéanamh ar na saincheistanna um chearta an duine agus um chomhionannas a mheasann sé a bheith iomchuí d'fheidhmeanna agus cuspóir ÚNM; na beartais, na plananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin a leagan amach; agus tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí sa tuarascáil bhliantúil uaidh. D'fhorbair ÚNM plan oibre ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2021 ar na Treoirínte 'Ask Me' ó ÚNM a athrú chun dáta agus ar ár nósanna imeachta soláthair a athbhreithniú, lena n-áirítear inrochtaineacht a chur leis na critéir roghnúcháin. Tá athbhreithniú agus tuilleadh dul chun cinn le déanamh ar an bplan sa bhliain 2022.

Straitéis Cumarsáide

Is í an bhliain 2021 an chéad bhliain féilire iomlán ina raibh Straitéis Cumarsáide an Údaráis Náisiúnta Míchumais i bhfeidhm. Thacaigh Grúpa Comhairleach Cumarsáide inmheánach le cur chun feidhme na Straitéise. Tháinig an grúpa sin le chéile ar bhonn tráthrialta fud fad na bliana. Tá an Grúpa comhdhéanta de bhaill foirne ó gach cuid de ÚNM.

Tacaí leis an Straitéis is ea roinnt doiciméad a bhíonn á n-athrú chun dáta ar bhonn

comhsheasmhach de réir mar a éirímid níos eolaí ar conas oibriú i dtimpeallacht ina mbaineann ríthábhacht i láthair na huaire le cumarsáid ar líne agus a athróidh ina timpeallacht a bheidh comhdhéanta d'imeachtaí agus cumarsáidí i bpearsa agus ar líne araon de réir mar a mhaolaítear na srianta.

Dearadh plean cur chun feidhme chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise Cumarsáide. Is doiciméad oibríochtúil é a athbhreithneofar agus a athrófar chun dáta ar bhonn tráthrialta. Crostagraítear é leis an Straitéis Cumarsáide agus is ar aon dul leis na cuspóirí sa straitéis cumarsáide atá aon athruithe ar an bplean cur chun feidhme.

Déanann an próiseas bliantúil pleanála oibre eolas do phlean cumarsáide bliantúil, ina gcuirtear san áireamh na tosaíochtaí straitéiseacha don bhliain. Tugtar tús áite ann do ghníomhaíochtaí agus spriocphobail áirithe de réir mar is iomchuí le haghaidh infheistíocht shuntasach cumarsáide.

Tá ár láithreacht sna meáin shóisialta ag fás freisin trínár gcuntais ar Twitter: @NDAIreland agus @CEUD_NDA. Tháinig méadú seasta ar ár líon leantóirí sa bhliain. Bhí méadú ó 292 leantóir ag deireadh na bliana 2020 go 1,240 leantóir ag deireadh na bliana 2021 ann sa líon leantóirí a bhí ag @NDAIreland. B'ionann é sin agus méadú 325%. Ba shoiléire an méadú san idirchaidreamh sa tréimhse roimh ócáidí ÚNM agus sa tréimhse díreach ina ndiaidh. Áiríodh leo sin na hócáidí seolta dóibh seo: an tuarascáil 'Lockdown Innovations', na tuarascálacha ó ESRI agus ó ECFE, an tuarascáil 'Moving In, Moving On', an Plean Straitéiseach agus an Chomhdháil Bhliantúil.


Mar shampla den ghníomhaíocht a rinneadh, b'amhlaidh i mí Mheán Fómhair 2021 a postáladh 61 tvuít ón bpróifíl @NDAIreland, a luaigh úsáideoirí eile an phróifíl i 140 tvuít, a tugadh cuairt ar leathanach na próifíle 7,794 huaire agus a bhí 40,300 imprisean tvuíte ag an bpróifíl (a léiríonn an líon uaireanta a tháinig tvuít i láthair ar amlíne duine). Ba lú an fás a bhí ag an gcuntas @CEUD_NDA. Bhí méadú 33% ann sa líon leantóirí, ó 322 leantóir ag deireadh na bliana 2020 go 429 leantóir ag deireadh na bliana 2021. Baineadh an-leas as an dá chuntas le linn dúinn ár gcuid taighde, foilseachán, comhairle beartais, ócáidí agus folúntas a phoibliú.

Maidir leis an suíomh Gréasáin, léiríodh in anailísíocht a rinneadh sa bhliain 2021 gur bhain 219,768 nduine úsáid as ár suíomh Gréasáin. Díobh sin, bhí 88% ina n-úsáideoirí nua agus bhí 12% ina n-úsáideoirí fillte. Is é is dóichí go mbrabhsálfaidh úsáideoirí fillte níos mó leathanach agus go bhfanfaidh siad ar an suíomh Gréasáin ar feadh tréimhse níos faide, ar tréimhse í arb ionann í agus 2 nóiméad agus 38 soicind ar an meán, i gcomparáid le 1 nóiméad agus 2 shoicind ar an meán d'úsáideoirí nua. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfágann na hathruithe a rinneadh ar fhianáin ár suíomhanna Gréasáin chun an reachtaíocht nua a chomhlíonadh go bhfuil teorainn ann leis an líon úsáideoirí a gcláraíonn Google Analytics iad, agus is féidir nach léireofar úsáid iomlán an tsuímh Gréasáin dá bharr.

Athfhorbairt na suíomhanna Gréasáin

D'oibrigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i gcomhar lena chonraitheoir ar fud na bliana 2021 chun dhá shuíomh Gréasáin nua a fhorbairt le haghaidh nda.ie agus universaldesign.ie. Cuireadh an conraitheoir ar an eolas faoin ardchaighdeán inrochtaineachta ar líne a mbítear ag súil leis ar ár suíomhanna Gréasáin agus go háirithe go mbeadh air cloí le caighdeáin na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Leag ÚNM béim freisin ar na spriocphobail dhifriúla atá ag an dá shuíomh Gréasáin atá againn. Táthar ag leanúint leis an obair agus táthar ag súil leis go seolfar na suíomhanna Gréasáin faoi lár na bliana 2022.

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021





Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na Nótaí Gaolmhara, Achoimre ina measc ar Bheartais Shuntasacha Chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2021 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta.

Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd

san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón Údarás agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eiticíúil i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais.

Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

John Crean

**Le haghaidh agus thar ceann Comptroller and Auditor General
An 6 Deireadh Fómhair 2022**

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Ginearálta

Ceanglaítear orm faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaouis nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus

leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainithním agus déanaim meas ar rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis; ceapaim agus comhlíonaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na priacail sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Údaráis a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach.
- Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú.
- Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint marghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus

imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus an nochta ghaolmhair.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go

ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Financial Statements Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Seoladh: 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Stiúrthóir: Aideen Hartney

Aturnaetha: Messrs. Beauchamps, Duga na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2

Baincéirí: Banc na hÉireann, 104 Raghmallach, Baile Átha Cliath 6

Banc na hÉireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Iniúchóirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3a Sráid an Mhéara, Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltáí an Údaráis

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Tá dualgais ar ÚNM na feidhmeanna atá leagtha amach in alt 8 den Acht a chomhlíonadh, agus féadfaidh sé cóid chleachtas a tháirgeadh de réir alt 10 den Acht. Tá ag ÚNM feidhmeanna breise a tugadh dó leis an Acht um Míchumas 2005 agus ainmníodh é mar chomhlacht faireacháin faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí) (I.R. Uimh. 358 de 2020) – rud dá ngairtear an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin freisin. Sna míonna deiridh den bhliain 2020, cuireadh de chúram ar ÚNM tuarascáil a ullmhú faoi alt 10 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus cuireadh in iúl dó go mbeadh an cúram sin ina cheann eile de bhuanfheidhmeanna ÚNM sna blianta atá le teacht. Is féidir go sannfar tuilleadh feidhmeanna do ÚNM a luaithe a bheidh an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Leasú), 2021, achtaithe ag an Dáil agus an Seanad atá i bhfeidhm faoi láthair.

De réir alt 7 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, tá ÚNM neamhspleách agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Tá Bord neamhspleách ÚNM (an tÚdarás) cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó.

Is ar an Stiúrthóir agus ar an ngrúpa ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás Náisiúnta Míchumais a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don ghrúpa cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an tÚdarás síos agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Údarás ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

Freagrachtaí chomhaltáí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus san Acht um Míchumas 2005. Tá ag an Údarás sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeáda go sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú go gcoimeádtar treo agus rialú ÚNM. Áirítear na nithe seo a leanas leis an sceideal sin:

- ceannacháin shuntasacha agus diúscairtí suntasacha a dhéanamh agus scor de shócmhainní ÚNM;
- infheistíochtaí móra (is fiú níos mó ná €50,000) agus tionscadail chaipitil, conarthaí agus infheistíochtaí;
- leibhéil údaráis tharmligthe agus beartais bhainistíochta riosca (buanmhír);
- struchtúir choiste agus téarmaí tagartha an Údaráis;
- dearbhuithe go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne a cheadú agus le ceapachán, grádú agus coinníollacha na mball foirne go léir (lena n-áireofar luach saothair agus aoisliúntas) a cheadú;

- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a cheadú;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú;
- an Stiúrthóir a cheapadh, luach saothair an Stiúrthóra a shocrú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stiúrthóra

Ceanglaítear le halt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, ar an Údarás gach leabhar cuntas is cuí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás agus a chaithfidh an tÚdarás. Ina theannta sin, sonraítear in alt 16 den Acht go bhféadfar deontas ina mbeidh cibé méid a cheadóidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas faoi chomhair chaiteachais an Údaráis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus;
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtá sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM.

Tá an tÚdarás freagrach as plean oibre bliantúil agus buiséad bliantúil ÚNM a cheadú. Bhí meastóireacht ar fheidhmíocht an phlean oibre bhliantúil agus ar an mbuiséad bliantúil á cur i gcrích ar bhonn leanúnach ag an Údarás ar fud na bliana 2021. Áirítear leis an meastóireacht sin athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla, tuarascálacha ón gCoiste Airgeadais agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Chomh maith leis sin, ceadáíonn an tÚdarás pleananna oibre bliantúla agus athbhreithníonn sé an dul chun cinn ar iad a chur chun feidhme le linn na bliana. Bíonn an buiséad agus an fheidhmíocht atá leagtha amach sna cuntais bhainistíochta mhíosúla á n-athbhreithniú ag an ngrúpa ardbhainistíochta agus ar leithligh ag an gCoiste Airgeadais freisin. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na cuntais bhainistíochta mhíosúla mar eolas freisin.

Tá an tÚdarás freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Tá an tÚdarás (i.e., Bord ÚNM) comhdhéanta de Cathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Ceapann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige gach duine díobh. Den 12 chomhalta, togtar duine amháin trí bhallóid a dhéantar i measc na foirne agus ceapann an tAire é/í. Is oifigeach de chuid an Aire atá i gcomhalta eile, agus ceapann an tAire tríú comhalta den Údarás mar ainmní de chuid na Roinne Sláinte.

Ceaptar comhaltaí an Údaráis le haghaidh téarma ceithre bliana agus tagann siad le chéile gach dhá mhí. De réir na comhairle sláinte poiblí maidir le paindéim COVID-19, táthar ag cur gach cruinniú den Údarás ar siúl go cianda ó bhí mí an Mhárta 2020 ann. Faoi fhorálacha an Achta, féadfar comhaltaí an Údaráis a cheapadh le haghaidh dara téarma. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Údarás:

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:	Dáta Athcheapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Ruthann LaMalfa**	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Deaglán Ó Briain	Comhalta	Nollaig 2014*	Nollaig 2018
Aisling Glynn	Comhalta	Meitheamh 2017*	Lúnasa 2018
Jack Kavanagh	Comhalta	Lúnasa 2018	
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018	
Martha Griffin	Comhalta	Lúnasa 2018	
Deirdre O'Connor	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018	
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Niamh Fawl	Comhalta	Eanáir 2021	

* Comhaltaí den Údarás atá ag cur dara téarma isteach.

**D'éirigh an comhalta den Údarás as i mí Iúil 2021. Líonfar an folúntas sin sa bhliain 2022 mar chuid de mhórphearsa nua ceapacháin agus athcheapacháin de chuid an Údaráis.

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, d'earcaigh ÚNM Mazars sa bhliain 2021 chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Údaráis, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais. Cuireadh na moltaí iarmhartacha faoi bhráid an Údaráis agus na bhfochoistí sna míonna deiridh den bhliain 2021, agus tá dea-dhul chun cinn déanta orthu sin a chur chun feidhme. Bhí ceithre choiste ag an Údarás sa bhliain 2021, atá mar a leanas:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha, a bhfuil Cathaoirleach an Choiste ar dhuine amháin díobh agus a bhfuil Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh Bainistíochta Riosca ar dhuine amháin eile díobh. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca mar chuid de thimpeallacht rialaithe ÚNM, agus freagracht air as comhairle neamhspleách a chur ar an Stiúrthóir agus ar an Údarás agus tacú leo a bhfeidhmeanna as nithe rialaithe inmheánaigh, riosca agus rialachais a chomhlíonadh. Go háirithe, déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí moltaí don Údarás agus don Stiúrthóir maidir le nithe a bhaineann leo seo:

- a) Na próisis chuntasaíochta airgeadais agus tuairiscithe bhliantúil;
- b) Éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na timpeallachta bainistíochta riosca;
- c) Oibríochtaí agus forbairt na feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí;
- d) Éifeachtacht an aonaid Iniúcháireachta Seachtraí agus an caidreamh leis; agus
- e) Luach ar airgead agus saincheisteanna eile rialachais chorparáidigh.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go foirmiúil don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus cuireann sé tuarascáil chuimsitheach ó Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i láthair i scríbhinn gach bliain. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca:

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:	Dáta Athcheapacháin:
John Fitzgerald	Cathaoirleach	Márta 2017*	Lúnasa 2021
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Tony Fitzpatrick	Comhalta	Meitheamh 2017*	Lúnasa 2021
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018	
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018	
Tim Maverley	Comhalta	Lúnasa 2018	
John Maher	Comhalta	Lúnasa 2018	

*Comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

Bhí ceithre chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ann sa bhliain 2021. Lean an Coiste le faireachán a dhéanamh ar na socruithe leanúnachais gnó a ndearna an Feidhmeannas iad a mholadh agus a chur chun feidhme i bhfianaise phaindéim COVID-19.

2. An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Údarás agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha. Tá dualgais an Choiste mar a leanas:

- an phróifíl caiteachais bhliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Údarás ina leith;
- nuair a bheidh an buiséad oibriúcháin bliantúil ceadaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme le linn na bliana;
- cuntais bhainistíochta an Údaráis a scrúdú ar bhonn leanúnach tráthrialta;
- na cuntais reachtúla bhliantúla a chur faoi bhráid an Údaráis lena gceadú tar éis moltaí a fháil ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca;
- tograí ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhreithniú nuair is cuí; agus
- leagan amach chuntais an Údaráis a athbhreithniú.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Choiste Airgeadais:

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:	Dáta Athcheapacháin:
Kathryn O'Donoghue	Cathaoirleach	Lúnasa 2018	
Ruthann LaMalfa**	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Pat Fitzsimons	Comhalta	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Harry McGeary	Comhalta	Lúnasa 2018	
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018	
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018	

* Comhaltaí den Choiste Airgeadais atá ag cur dara téarma isteach.

** D'éirigh an comhalta den Choiste Airgeadais as i mí Iúil 2021. Líonfar an folúntas sin sa bhliain 2022 mar chuid de mhórfhróiseas nua ceapacháin agus athcheapacháin de chuid an Údaráis.

Ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais ceithre chruinniú ar a laghad a sheoladh gach bliain, nach mór ceann amháin díobh a sheoladh i gcomhráth leis an moladh go gceadófaí an tÚdarás na cuntais reachtúla bhliantúla. Bhí sé chruinniú den Choiste Airgeadais ann sa bhliain 2021.

3. An Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra

Bunaíodh an Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra (ar fochoiste den Údarás é) chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a chomhaontú ar aon dul le clár oibre ÚNM, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus sa Phlean Oibre bliantúil. Ina theannta sin, gníomhaíonn an Coiste thar ceann an Údaráis chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stiúrthóra i ndáil leis na freagrachtaí agus gníomhartha comhaontaithe. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus tugann sé eolas don Stiúrthóir ar thuairimí agus moltaí an Údaráis. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair sa bhliain 2021.

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:	Dáta Athcheapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Deirdre O'Connor	Comhalta den Údarás	Iúil 2014*	Lúnasa 2018
Jack Kavanagh	Comhalta den Údarás	Lúnasa 2018	

*Comhaltaí den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra atá ag cur dara téarma isteach.

4. An Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca

Ar leithligh ó na Coistí atá ceaptha ag an Údarás, is é atá i nGrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca bunaithe ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin i dtaca le creat bainistíochta riosca comhaontaithe ÚNM a chur chun feidhme ó lá go lá. Tá Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca ÚNM comhdhéanta den ghrúpa ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Maidir le Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Riosca ÚNM, ar comhaltaí iad den Ghrúpa Ardbhainistíochta, tuairiscíonn siad ar nithe riosca don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Údarás faoi seach.

Tá na dualgais ar an nGrúpa mar a leanas:

- Comhairle a thabhairt maidir le sainiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas um rioscaí a bhainistiú ar fud ÚNM;
- Comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme an bheartais bainistíochta riosca;
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le feasacht a mhéadú ar bhainistíocht riosca, agus comhairle a thabhairt maidir leis an dea-chleachtas chun a chinntiú go bhfuil próiseas cuimsitheach ann chun sainaithint, measúnú, bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí laistigh de ÚNM;
- Comhairle a thabhairt maidir le faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar riosca ar fud ÚNM;
- Comhairle a thabhairt maidir leis an athbhreithniú foirmiúil ar riosca ÚNM ar bhonn leathbhliantúil;
- Comhairle a thabhairt maidir le tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Údaráis.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca:

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:	Dáta Athcheapacháin:
Tim Maverley	Cathaoirleach	Lúnasa 2018	
Pat Fitzsimons*	Comhalta	Iúil 2014*	Nollaig 2018
An Grúpa Ardbhainistíochta			

*Comhalta den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

Tháinig an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca le chéile dhá uair sa bhliain 2021. Déanann an Grúpa an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn leanúnach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Sceideal Freastail, Táillí agus Caiteachais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí don bhliain 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na caiteachais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann cúigear Comhaltaí den Údarás táillí mar thoradh ar an bprionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin”.

Comhalta den Údarás	Dáta Ceapacháin	Táillí an Údaráis	Caiteachais a Tabhaíodh	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Helen Guinan (Cathaoirleach)	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	8,978	33	8/8
Aisling Glynn	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	7/8
Ruthann LaMalfa	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	2,993	-	4/4
Teresa McDonnell	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	8/8
Deaglán Ó Briain	Athcheapadh an comhalta i mí na Nollag 2018	-	-	7/8
Deirdre O'Connor	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	6/8
Jack Kavanagh	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	5/8
Cathal Morgan	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	8/8
Kathryn O'Donoghue	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	7/8
Martha Griffin	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	6/8
Damian Gordon	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	6/8
Brian Callanan	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	5,985	-	4/8
Niamh Fawl	Ceapadh an comhalta i mí Eanáir 2021	-	-	8/8

D'éirigh Ruthann LaMalfa as an Údarás i mí Iúil 2021 agus léirítear a cuid freastail agus táillí ar aon dul lena téarma.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Dáta Ceapacháin	Táillí an Choiste	Caiteachais a Tabhaíodh	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
John Fitzgerald (Cathaoirleach)	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	2,565	-	3/4
Teresa McDonnell	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	3/4
Tony Fitzpatrick	Ceapadh an comhalta i mí an Mheithimh 2017	-	-	3/4
Cathal Morgan	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	4/4
Kathryn O'Donoghue	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	4/4
Tim Maverley	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	4/4
John Maher	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	4/4

An Coiste Airgeadais	Dáta Ceapacháin	Táillí an Choiste	Caiteachais a Tabhaíodh	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Kathryn O'Donoghue (Cathaoirleach)	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	6/6
Pat Fitzsimons	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	6/6
Ruthann LaMalfa*	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	3/3
Harry McGeary	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	5/6
Damian Gordon	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	4/6
Brian Callanan	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	5/6

*D'éirigh Ruthann LaMalfa as an Údarás agus, dá réir sin, as an gCoiste Airgeadais i mí Iúil 2021 agus léirítear a cuid freastail agus táillí ar aon dul lena téarma.

An Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Stiúrthóra	Dáta Ceapacháin	Táillí an Choiste	Caiteachais a Tabhaíodh	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Helen Guinan (Cathaoirleach)	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	2/2
Deirdre O'Connor	Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	2/2
Jack Kavanagh	Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018	-	-	2/2

An Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca	Dáta Ceapacháin	Táillí an Choiste	Caiteachais a Tabhaíodh	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Tim Maverley	Ceapadh an comhalta i mí na Nollag 2018	-	-	
Pat Fitzsimons	Athcheapadh an comhalta i mí na Nollag 2018	-	-	
An Grúpa Ardbhainistíochta				
		50,446	33	

Ceapacháin Chomhaltaí an Údaráis

D'éirigh an t-ainmní foirne roimhe chuig an Údarás as i mí Mheán Fómhair 2020 agus cuireadh ceapadh comhalta nua ar bhonn foirmiúil i mí Eanáir 2021, ag teacht sna sála ar phróiseas toghcháin foirne.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

(a) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Is ar áireamh i Nóta 6(a) – Luach Saothair agus Costais Eile Phá leis na ráitis airgeadais atá tábla ina léirítear an miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe.

(b) Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe “gnáthghnó”.

	2021 €	2020 €
Comhairle dlí	20,164	42,526
Tionscadail straitéiseacha agus rialachais	75,384	41,007
Costais Chomhairleachta Iomlána a muirearaíodh ar an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim	95,548	83,533

(c) Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe (2020- €0).

(d) Costais Taistil agus Chothaithe

Catagóirítear taisteal agus cothú mar a leanas:

	2021 €	2020 €
Intíre		
- Caiteachais dhíreacha an Údaráis (an Bord)	33	1,876
- Caiteachais indíreacha an Údaráis	-	191
- Fostaithe	146	2,510
Idirnáisiúnta		
- An tÚdarás (an Bord)	-	-
- Fostaithe	589	831
Costais Taistil agus Chothaithe Iomlána	768	5,408

(e) Costais Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas ar fháilteachas cliant sa tréimhse tuairiscithe (2020- €0).

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine don bhliain 2021.



Kathryn O' Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 5 October 2022



Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 5 October 2022

Scope of Responsibility

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, 2021 – ó Údarás ÚNM

Raon Freagrachta

Thar ceann Údarás ÚNM, deimhním go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú agus as éifeachtacht an chórais sin a athbhreithniú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tríd an Stiúrthóir agus trí struchtúr an Ghrúpa Ardbhainistíochta, tá an Feidhmeannas freagrach don Údarás as rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme agus a chothabháil ar na feidhmeanna uile.

Cuspóir agus comhthéacs an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil. Leanadh sa bhliain 2021 leis na hathruithe ar thimpeallachtaí oibre agus rialaithe ÚNM a tosaíodh i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus cianobair agus obair fhíorúil i bhfeidhm do na fostaithe uile ar feadh an chuid is mó den bhliain.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An Cumas chun Riosca a Bhainistiú

Cuid dhílis den dóigh a n-oibríonn ÚNM is ea bainistíocht riosca, agus déantar cur chun feidhme agus faireachán uirthi trí struchtúir atá mar a leanas.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ÚNM, a gceapann an tÚdarás é, tá sé comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil an saineolas riachtanach airgeadais agus iniúchóireachta. Mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta gnó agus rialachais chorparáidigh an Údaráis, is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná formhaoirseacht a dhéanamh ar nithe a bhaineann le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na timpeallachta bainistíochta riosca, agus comhairle a chur ar an Údarás agus ar an Stiúrthóir ina leith.

Le linn na bliana 2021, rinne an Coiste faireachán ag eatraimh thráthrialta ar na socruithe leanúnachais gnó a ndearna an Feidhmeannas iad a mholadh agus a chur chun feidhme mar fhreagairt do phaindéim COVID-19. Áiríodh leis sin breithniú a dhéanamh ar Chlár Rioscaí ÚNM, rud ar athbhreithnigh an Feidhmeannas é ar bhonn tráthrialta i bhfianaise phaindéim COVID-19, agus athbhreithniú ar na socruithe rialaithe a bhí i bhfeidhm mar fhreagairt do shocruithe cianoibre. Buanmhír ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea riosca, agus tuairiscítear tuairimí an Choiste ar nithe riosca don Údarás i dtuarascálacha scríofa foirmiúla tráthrialta. Tá freagracht ar an gCoiste freisin as an gClár Rioscaí a mholadh go foirmiúil don Údarás lena cheadú ag amanna socraithe le linn na bliana. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2021, agus chuir an Cathaoirleach tuarascáil bhliantúil scríofa an Choiste faoi bhráid an Údaráis an 18 Samhain 2021.

Grúpa Ardbhainistíochta ÚNM, atá comhdhéanta de Stiúrthóir agus de thriúr Ceann Aonaid,

breithníonn sé riosca agus an Clár Rioscaí ar bhonn tráthrialta ag a chruinnithe foirne seachtainiúla. Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca de chuid ÚNM, a tháinig le chéile dhá uair sa bhliain 2021, tá sé comhdhéanta den Ghrúpa Ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Is é atá sa Ghrúpa ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin i dtaca le creat bainistíochta riosca comhaontaithe ÚNM a chur chun feidhme ó lá go lá. Maidir le Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Riosca ÚNM, ar comhaltaí iad den Ghrúpa Ardbhainistíochta, tuairiscíonn siad ar nithe riosca don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Údarás faoi seach.

Choimisiúnaigh ÚNM Athbhreithniú Riosca go mall sa bhliain 2019, mar a foráladh dó i Rannán 7.2 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Lean ÚNM ar fud na bliana 2021 le cur chun feidhme a dhéanamh ar roinnt moltaí a rinneadh chun Bainistíocht Riosca ÚNM a fheabhsú. Cuireadh oiliúint i riosca ar chomhaltaí an Ghrúpa Ardbhainistíochta i samhradh na bliana 2021 agus cuireadh an oiliúint sin ar an bhfoireann ar fad ansin i mí na Nollag 2021.

Tá ag an Údarás Coiste Airgeadais chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas agus ar phleanáil buiséid. Tá an Coiste comhdhéanta de chomhaltaí den Údarás agus de chomhaltaí neamhspleácha, agus tháinig sé le chéile sé huaire sa bhliain 2021. Áiríodh le hobair an Choiste athbhreithniú lár téarma ar chaiteachas agus an caiteachas go dtí deireadh na bliana a thuar, rud inar léiríodh na tionchair a bhí ag paindéim COVID-19 ar roinnt tionscadal i bPlean Oibre comhaontaithe ÚNM a sholáthar.

Go dtí an bhliain 2020, bhain an tÚdarás leas as seirbhísí iniúcháireachta ón Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí a fheidhmíonn faoin Roinn Dlí agus Cirt, a sheol clár oibre a comhaontaíodh go díreach leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ar cheadaigh an tÚdarás é. Ag teacht sna sála ar an aistriú feidhmeanna sna míonna deiridh den bhliain 2020, bhíodhas ag súil leis go ndéanfadh Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige iniúchadh inmheánach ÚNM. Iarradh na seirbhísí riachtanacha sa deireadh trí chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, áfach. Ag teacht sna sála ar phróiseas rathúil tairisceana, ceapadh Crowleys DFK sa cheathrú ráithe den bhliain 2021 ar chonradh tosaigh aon bhliana, agus an rogha ann chun an conradh a shíneadh go ceann 12 mhí sa bhreis trí huaire ar a mhéad.

Chomh maith leis sin, tá ÚNM ina bhall d'fhóram rialachais an Fhorais Riaracháin agus bhain sé leas as oiliúint i roinnt réimsí rialachais tríd an bhfóram sin ar fud na bliana 2021.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Riosca

Chuir ÚNM córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Ráiteas Inghlacthachta Riosca ceadaithe ag an Údarás, rud ina dtugtar mionsonraí faoin leibhéal riosca a bhfuil ÚNM toilteanach le glacadh leis chun a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Is é atá sa ráiteas sin ná treoir don lucht bainistíochta agus é ag socrú spriocanna agus ag déanamh cinntí chun go mbeidh sé níos dóichí go mbainfidh ÚNM a spriocanna amach agus go gcothóidh sé a oibríochtaí.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm, rud ar cuireadh tuilleadh feabhais air sa bhliain 2021 de réir moladh ón athbhreithniú coimisiúnaithe. Leagtar amach sa Chlár na príomhrioscaí atá roimh ÚNM, ar rioscaí iad a measadh agus a grádaíodh bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta, a bhfuil freagracht air as an gclár a chur chun feidhme, an clár a athbhreithniú

agus a athrú chun dáta.

Úsáidtear na torthaí ar mheasúnuithe tráthrialta riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú lena soláthar laistigh de thréimhsí ama sonraithe. De bhreis air sin, oibríonn ÚNM córas bainistíochta tionscadal trína sainiúitear ag an gcéim is luaithe de thogra na rioscaí a bhaineann le tionscadail aonair, mar aon leis na gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Maidir le beartas bainistíochta tionscadal ÚNM, a bhfuil mar aidhm leis na gnéithe bunriachtanacha de thionscadail a bhainistiú a shonrú, lena n-áirítear rioscaí tionscadail a mheasúnú, athraíodh chun dáta é den uair dheireanach sa bhliain 2021.

Rialuithe Buiséid

Próifíllítear buiséad ÚNM i dtús na bliana agus dáiltear é ar na míreanna iomchuí uile arna gceadú ag an Údarás, lena n-áirítear párolla, seirbhísí lánacha agus oibreacha coimisiúnaithe. Is ar gach ceann Aonaid atá an fhreagracht as buiséid rannóige. Athbhreithnítear an phróifíl mhionsonraithe caiteachais agus feidhmíochta ar bhonn tráthrialta trí na cuntais bhainistíochta mhíosúla, ag cruinnithe an Ghrúpa Ardbhainistíochta, ag cruinnithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus trí thuarascálacha don Údarás, áit a léirítear airgeadas agus caiteachas mar bhuanmhír ar an gclár oibre.

Réitítear na cuntais bhainistíochta mhíosúla leis na tuarascálacha caiteachais a fhaightear ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le tuarascálacha ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla a fheidhmíonn faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ag teacht sna sála ar an aistriú feidhme ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, aistríodh nithe airgeadais le héifeacht ón 1 Samhain 2020. Ón dáta sin i leith, tá an Roinn ag próiseáil na n-íocaíochtaí uile le soláthraithe thar ceann ÚNM.

Cuireadh i láthair ag cruinnithe an Choiste Airgeadais agus an Údaráis i mí Iúil 2021 cás gnó chun ÚNM a aistriú ó chóras seachfhoinisithe próiseála íocaíochtaí chuig córas rialaithe caiteachais a bhainistítear go himheánach. Is é an toradh a bheadh ar an gcóras íostarraingthe beartaithe ná go mbeifí in ann sreabhadh airgid a bhainistiú ar bhealach níos doichte agus go mbeifí in ann tuairisciú airgeadais mionsonraithe a dhéanamh trí Sage Line 50, ar pacáiste bogearraí cuntasaíochta é, a cheannach. Cheadaigh an dá Choiste, an tÚdarás agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an cás gnó, agus chomhaontaigh an Roinn leis an aistriú chuig an gcóras íostarraingthe, rud a cuireadh i gcrích an 1 Samhain 2021.

Córais agus Sócmhainní TFC

Baineann ÚNM leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus as an tseirbhís chomhroinnte bainistíochta prionta trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. I mí na Samhna 2019, cuireadh Comhaontú Seirbhíse ar bun leis an Roinn go ceann tréimhse bhreise trí bliana i dtaca leis an tseirbhís TFC, agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais ÚNM a chúltaic. Tháinig ÚNM agus an tseirbhís tacaíochta TFC le chéile uair amháin sa bhliain 2021, agus tá sé beartaithe an chéad chruinniú eile a chur ar siúl an 8 Aibreán 2022.

Glacann ÚNM dearbhú ón gCeann TFC sa litir agus ráiteas dearbhuithe ón Roinn Dlí agus Cirt á rá go bhfuil rialuithe leordhóthanacha TFC i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach.

Ceanglaítear ráiteas dearbhuithe leis an litir, lena gcumhdaítear faisnéis airgeadais ar a nós seo: slándáil agus príobháideacht; athshlánú ó théarnamh TFC; socruithe comhaontú seirbhíse; slándáil bonneagair TFC; bainistíocht sócmhainní TFC; Cosaint Sonraí; Slándáil Sócmhainní Móibíleacha; Líonraí cumarsáide; Rialachas TFCanna agus cleachtais Bhainistíochta Tionscadal.

Cloíonn ÚNM le beartas úsáide TFC na Roinne, agus cuirtear é sin in iúl don fhoireann ar fad. Cúltaítear córais lasmuigh den láithreán agus formhaoirsíonn an Roinn iad. Tá sé beartaithe athbhreithniú coimisiúnaithe a dhéanamh ar an tseirbhís TFC sa bhliain 2022.

Soláthraítear sócmhainní TFC do ÚNM tríd an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC, agus taifeadtar na sócmhainní sin ar Chlár Sócmhainní na Roinne Dí agus Cirt. Sa bhliain 2020, cheadaigh an tÚdarás go bhfaighfí tuilleadh cruu-earraí chun tacú le socruithe cianoibre mar thoradh ar bhearta sláinte poiblí COVID-19. Is é atá sna cruu-earraí breise sin a ceannaíodh i mí Eanáir 2021 ná maoin ÚNM, agus taifeadtar iad ar Chlár Sócmhainní ÚNM. Caitear le Sócmhainní TFC sna ráitis airgeadais ar aon dul leis na rátaí dímheasa cuí.

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Faigheann ÚNM tuarascálacha míosúla ar chaiteachas ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus réitítear iad ar bhonn míosúil in aghaidh shonraí ÚNM faoi phróifíilí caiteachais agus buiséid. Glacann ÚNM dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh den Roinn mar atá tuairiscithe ag na hoifigigh faoi seach de chuid na Roinne.

Baineann ÚNM leas freisin as seirbhísí comhroinnte ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla a fheidhmíonn faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bunaíodh Meabhrán Tuisceana le haghaidh sholáthar na seirbhíse sin i mí Aibreáin 2020, rud a rinneadh go díreach idir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Glacann ÚNM dearbhuithe freisin ó na bearta rialaithe atá leagtha amach mar chuid d'imeacht bliantúil Dearbhú Iniúcháireachta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Faigheann ÚNM tuarascálacha coicísíúla párolla ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Maidir leis na rialuithe a n-oibríonn ÚNM iad i ndáil le párolla, cumhdófar iad san Iniúchadh Inmheánach ar Rialuithe Inmheánacha, rud atá le seoladh sa chéad ráithe den bhliain 2022.

Calaois agus Mírialtachtaí

Ní raibh aon nithe calaoise ná mírialtachtaí le tuairisciú don bhliain 2021.

Tá Beartas um Chalaois a Chosc i bhfeidhm ag ÚNM. Rinne an tÚdarás é a athrú chun dáta agus a cheadú i mí na Samhna 2020. Ina dhiaidh sin, rinneadh an beartas, a bhfuil mar chuspóir leis cultúr a chothú lena ndíspreagtar gníomhaíocht calaoise san eagraíocht, a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad lena ghlacadh.

Tá ag ÚNM Beartas maidir le Nochtadh Cosanta agus nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt i dtaobh nochtaí cosanta agus aon teagmhas calaoiseach líomhnaithe nó mírialtachtaí. Rinne an tÚdarás an beartas sin a cheadú agus a athrú chun dáta den uair dheireanach i mí na Samhna 2019. Bunaítear leis an mbeartas na struchtúir agus na próisis le haghaidh nochtaí a fháil agus déileáil leo, agus foráiltear leis go bhféadfar tuarascálacha a dhéanamh gach bliain ar aon nochtaí. Athrófar an beartas chun dáta sa bhliain 2022 ar aon dul leis an mBille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2021.

Is iad seo na páirtithe a dtabharfar fógra dóibh i dtaobh teagmhais den sórt sin.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhaltaí an Údaráis

Ceann na Seirbhíse Iniúcháireachta Inmheánaí

Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An tAire (de réir mar is cuí)

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Garda Síochána (nuair is cuí)

Níor tuairiscíodh aon Nochtaí Cosanta sa bhliain 2021. Coimeádann ÚNM clár le haghaidh Nochtaí Cosanta agus gach teagmhas calaoiseach líomhnaithe. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun a chinntiú go n-imscrúdaítear iad sin. De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, d'fhoilsigh ÚNM an Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta uaidh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoin 30 Meitheamh 2021.

Comhlíonadh Cánach

Próiseáiltear an chuid is mó d'íocaíochtaí ÚNM trí sheirbhísí comhroinnte airgeadais, lena n-áirítear:

- Sonraisc a íoc tríd an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais a fheidhmíonn faoin Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Amhail an 1 Samhain 2021, d'aistrigh ÚNM chuig samhail Íostarraingthe Dírí, rud a chinntigh go mbeadh smacht iomlán aige ar a bhuiséad neamhphá agus ar liostú ceadaithe méadaithe le haghaidh sonrasc.
- Tuarastail, pinsin, cnapshuimeanna pinsin agus taisteal agus cothú a íoc tríd an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla a fheidhmíonn faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rinneadh caiteachas i ndáil le cáin don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Dheireadh Fómhair 2021 faoi uimhir CBL agus uimhir chánach Fostóra na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Ón 1 Samhain 2021 i leith, tá an caiteachas i ndáil le cáin á dhéanamh faoi uimhir chánach an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Comhlíonann ÚNM na ceanglais maidir le Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla a chur i bhfeidhm.

Cuntasacht

Ullmhaíonn an tÚdarás Plean Straitéiseach gach trí bliana faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, agus cuirtear an Plean sin faoi bhráid an Aire iomchuí lena cheadú. Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt an plean reatha, a bhaineann leis an tréimhse ó 2019 go 2021, le linn na bliana 2018, nuair a bhí ÚNM faoi shainchúram an Aire. Lean an tÚdarás lena chinntiú go gcuirfí an straitéis don tréimhse 2019-2021 chun feidhme, rud ina leagtar amach spriocanna straitéiseacha ardleibhéil na heagraíochta ar i gcomparáid leo a thuiriscigh ÚNM ar dhul chun cinn don Roinn. Chuir an tÚdarás tús leis an bpróiseas um an gcéad Phlean Straitéiseach eile (2022-2024) a fhorbairt sa cheathrú ráithe den bhliain 2020, agus tugadh chun críche é lena cheadú ag an Aire i mí an Mheithimh 2021, de bharr aistriú na freagrachta as ÚNM ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn nuachruthaithe sin.

Tá na pleanna oibre bliantúla ailínithe leis na tosaíochtaí straitéiseacha tríd an bPlean Straitéiseach, agus tuairiscíonn an lucht ardbhainistíochta ag eatrainmh thráthrialta don Údarás ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar iad a chur chun feidhme. Cuireadh dréacht-Phlean Oibre 2022 faoi bhráid an Údaráis i mí na Samhna 2021 agus ceadaíodh é ag cruinniú an Údaráis i mí Eanáir 2022.

Mar is dual dó, is dinimiciúil atá an córas rialaithe inmheánaigh agus déantar forbairt, cothabháil agus faireachán leanúnach air mar fhreagairt do riachtanais éiritheacha na heagraíochta. Áirítear leis na príomhghnéithe, na príomhphróisis agus na príomhnósanna imeachta:

- Scaradh soiléir idir ról an Chathaoirligh agus ról an Stiúrthóra, mar atá leagtha amach i lámhleabhar rialachais ÚNM;
- Taifeadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó agus sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Is ann do phróiseas um thuairisciú tráthrialta bainistíochta agus do chreat um nósanna imeachta riaracháin, rud lena n-áirítear leithscaradh dualgas, córas tarmligin agus cuntasachta agus córas le haghaidh caiteachas a údarú (a athraíodh chun dáta i bhfianaise phaindéim COVID-19);
- Athraíodh Nósanna Imeachta Airgeadais chun dáta, ag teacht sna sála ar an aistriú chuig samhail íostarraingthe díri de rialú airgeadais.
- Athbheithníodh Nósanna Imeachta Soláthair agus tugadh lámhleabhar soláthair isteach le linn na bliana 2021.
- Tá ag an eagraíocht beartais agus nósanna imeachta a bhfuil mar aidhm leo comhlíonadh na gceanglas uile pá agus taistil a neartú de réir na gcioclán ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Tá comhaontú soláthair feidhmíochta i bhfeidhm ag an eagraíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don tréimhse 2021, agus sheol sí dhá chruinniú rialachais leis an Roinn i ndáil leis an gcomhaontú a chomhlíonadh;
- Tháinig an Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra le chéile sa bhliain 2021 chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a chomhaontú ar aon dul le clár oibre ÚNM, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus tugann sé eolas don Stiúrthóir ar thuairimí agus moltaí an Údaráis;
- De réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, d'earcaigh ÚNM Mazars sa bhliain 2021 chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Údaráis, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais. Cuireadh na moltaí iarmhartacha faoi bhráid an Údaráis agus na bhfochoistí sna míonna deiridh den bhliain 2021.
- Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag ÚNM maidir leis an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC a mbaineann sé leas as faoin Roinn Díl agus Cirt;
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint agus cuntas a thabhairt iontu;
- Oibríonn Feidhmeannas ÚNM ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar chórais rialaithe agus chun tuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Choiste Airgeadais. Don tréimhse 2021, áiríodh leis an obair sin Plean Leanúnachais Gnó atá athraithe chun dáta a forbairt, beartais chianoibre ÚNM a mhionchoigeartú, Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais atá athraithe chun dáta a ullmhú agus Lámhleabhar Soláthair leithleach a thabhairt isteach.
- Táirgtear Tuarascáil Bhliantúil ina gcuimsítear na ráitis airgeadais agus foilsíonn ÚNM í a luaithe atá sí leagtha faoi bhráid an Oireachtas.

Tá lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh ÚNM ag teacht leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Leagtar amach sa lámhleabhar an ról atá ag comhaltáí an Údaráis agus an

Fheidhmeannais, mar aon le nósanna imeachta le haghaidh údarás tarmhligthe, cinntí, leasanna comhaltaí agus nithe eile.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach Saorála Faisnéise agus Oifigeach Riosca ag ÚNM.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh sna réimsí iomchuí, agus forálacha ann chun eolas a thabhairt agus don lucht bainistíochta, don Údarás agus dá choistí, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú, áit a dtagann an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca le chéile dhá uair sa bhliain agus a dtagann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile gach ráithe ar a laghad;
- Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Údarás gach dhá mhí ar eagrúchán, ar rialachas, ar phleananna gnó agus ar nithe tionscadail, agus aon mhíreanna a n-éilítear ceadú ina leith á dtabhairt chuig an Údarás;
- Faigheann an tÚdarás tuarascálacha foirmiúla tráthrialta ón gCoiste Airgeadais, ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ón bPríomhoifigeach Riosca mar bhuanmhíreanna ar Chlár Oibre an Údaráis ar fud na bliana;
- Buanmhír ar chlár oibre an Údaráis is ea bainistíocht riosca;
- Déanann an Stiúrthóir faireachán ar fheidhmíocht caiteachais agus cinntíonn sé/sí go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil maidir le buiséid agus tionscadail a chur chun feidhme. Áirítear leis sin cuntais bhainistíochta mhíosúla a athbhreithniú agus riar a dhéanamh ar chóras bainistíochta tionscadal, rud a thacaíonn le feidhmíocht a mheas i gcomparáid le gealltanais sa phlean oibre agus le buiséid/réamhaisnéisí;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais. Tuairiscíonn an tOifigeach Airgeadais agus Soláthair don Cheann Seirbhís Corparáideacha agus táirgeann sé/sí cuntais mhíosúla lena n-athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta, ag an gCoiste Airgeadais agus ag an Údarás. Breithníonn an Coiste Airgeadais an anailís airgeadais a dtáirgeann an grúpa ardbhainistíochta í agus tuairiscíonn sí don Údarás ar fheidhmíocht. Tagann an Coiste Airgeadais le chéile idir ceithre huair agus sé huair sa bhliain chun feidhmíocht caiteachais agus bainistíocht buiséid a athbhreithniú;
- Tá éifeachtacht na rialuithe faoi réir iniúchtaí neamhspleácha a stiúrtar le clár iniúcháireachta a gcinneann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca é. Breithníonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na tuarascálacha ar iniúchtaí agus cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínite reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon ÚNM na nósanna imeachta sin sa bhliain 2021.

Tá beartas soláthair taifeadta i bhfeidhm ag ÚNM, mar aon le córais le haghaidh conarthaí a mheas agus a dhámhachtain agus le haghaidh tuairisciú don Údarás ar thorthaí soláthair. Sa bhliain 2021, bhain ÚNM an Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair ón Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais chun Lámhleabhar Soláthair leithleach a chruthú atá ar aon dul le treoirlínte soláthair phoiblí.

Riosca

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an grúpa ardbhainistíochta laistigh de ÚNM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú ÚNM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Athbhreithniú Bliantúil

Rinneadh an t-athbhreithniú neamhspleách bliantúil ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2021 sna míonna tosaigh den bhliain 2022. Meastar gurb é an toradh atá ar Iniúchadh Inmheánach ná go dtugtar meastóireacht oibiachtúil agus tuairim oibiachtúil ar éifeachtacht chreat ÚNM maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Údaráis lena breithniú agus lena tabhairt ar aird ag cruinniú an Údaráis i mí na Bealtaine 2022.

Bhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca cur chun feidhme na moltaí ó fhionnachtana iniúchta (inmheánaigh agus sheachtraigh) roimhe agus thug sé dearbhuithe ina leith sin sa tuarascáil bhliantúil uaidh don Údarás orthu sin i mí na Samhna 2021.

Ag teacht sna sála ar na dearbhuithe uile a tugadh a phlé agus a bhreithniú, ghlac an tÚdarás an ráiteas seo faoi rialú inmheánach.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2021.



Kathryn O' Donoghue

Cathaoirleach

Dáta: 05/10/2022

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	2	4,696,122	4,029,788
Glanchistiú larchurtha Pinsin	3(c)	375,200	307,400
Ioncam Eile	4	69,841	190,579
Ioncam Iomlán		5,141,163	4,527,767
Caiteachas			
Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe is Iníoctha	5	704,003	519,331
Costais Riaracháin agus Oibríochtaí	6	3,142,106	3,124,645
Costais Sochair Scoir	3(a)	936,400	991,300
Laghdú i luach sócmhainní seasta	8	84,630	76,020
Caiteachas Iomlán		4,867,139	4,711,296
Barrachas/ (Easnamh) roimh leithreasáí		274,024	(183,529)
Aistriú (chuig an)/ ón gCuntas Caipitil	7	(109,764)	56,965
Barrachas/ (easnamh) tar éis leithreasáí	9	164,260	(126,564)
Iarmhéid i dtús na bliana		227,529	354,093
Iarmhéid ag deireadh na bliana		391,789	227,529

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Kathryn O' Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 5 October 2022



Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 5 October 2022

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Barrachas/(Easnamh)		391,789	227,529
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair scoir	3(b)	(1,226,100)	(1,934,400)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin		1,226,100	1,934,400
Ioncam/(Caillteanas) Cuimsitheach Iomlán don bhliain		391,789	227,529

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Kathryn O' Donoghue
Cathaoirleach

Dáta: 5 October 2022



Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir

Dáta: 5 October 2022

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	8	2,974,578	2,864,814
Sócmhainní Seasta Iomlána		2,974,578	2,864,814
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	10	568,044	480,703
Airgead agus coibhéisí airgid		25,653	122,757
		593,697	603,460
Dliteanais Reatha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha	11	(191,908)	(365,931)
Glansócmhainní Reatha		401,789	237,529
Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)			
Éarlais cíosa atá á sealbhú	12	(10,000)	(10,000)
Sochair Scoir			
Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir	3(b)	(30,585,500)	(28,984,200)
Oibleagáidí sochair scoir	3(b)	30,585,500	28,984,200
		3,366,367	3,092,343
Glansócmhainní Iomlána			
Ionadaithe ag			
Cuntas caipitil	7	2,974,578	2,864,814
Cúlchistí coinnithe ioncaim		391,789	227,529
		3,366,367	3,092,343

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Kathryn O' Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 5 October 2022



Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 5 October 2022

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		164,260	(126,564)
Gluaiseacht chuig an gCuntas Caipitil		109,764	(56,965)
Dímheas Sócmhainní Seasta	8	84,630	76,020
(Méadú)/Laghdú i Suimeanna Infhaighte		(87,341)	19,370
(Laghdú)/Méadú i Suimeanna Iníoctha		(174,023)	184,727
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		97,290	96,588
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	8	(194,394)	(19,055)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(194,394)	(19,055)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
Ús Bainc a fuarthas		-	-
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
(Glanlaghdú)/Glanmhéadú in Airgead agus i gCoibhéisí Airgid		(97,104)	77,533
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir 2020		122,757	45,224
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig 2021		25,653	122,757

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM/an tÚdarás) iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

a) Faisnéis Ghinearálta

Agus a áitreabh lonnaithe ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, an 12 Meitheamh 2000 tráth dhíscaoileadh an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin a tháinig roimhe.

Is é an phríomhfheidhm atá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) ná comhairle a thabhairt don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi shaincheisteanna beartais agus cleachtais atá iomchuí maidir le saol daoine faoi mhíchumas.

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna ar leith atá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, mar atá leagtha amach in alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999:

- Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta lárnach a chuideoidh leis an Aire i dtaca le comhordú agus forbairt beartais maidir le daoine faoi mhíchumas.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde ar shaincheisteanna maidir le míchumas a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu.
- Cuidiú a thabhairt i dtaca le forbairt faisnéise staidrimh is cuí chun pleanáil, soláthar agus faireachán a dhéanamh maidir le cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin chúil le haghaidh clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach i leith caighdeáin ghinearálta agus caighdeáin shonracha a fhorbairt i ndáil leis na cláir agus na seirbhísí sin.
- Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir chomhlachtaí corpraithe agus chomhlachtaí neamhchorpraithe, a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus éascú agus tacú a dhéanamh maidir le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán cuí le haghaidh clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Ullmhú a dhéanamh ar chóid chleachtais arb é is cuspóir dóibh aidhm i leith dea-caighdeán agus dea-cháilíocht a bhaint amach i dtaca le soláthar clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Aitheantas a thabhairt do ghnóthú dea-caighdeán agus dea-cháilíochta le linn cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar, lena n-áirítear trí chóras dámhachtainí

comhionannais míchumais a sholáthar.

- Pleananna straitéiseacha a ullmhú.

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna breise atá ag an Údarás faoin Acht um Míchumas 2005:

- Ullmhú a dhéanamh ar chóid chleachtais a bhaineann le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí, acmhainní faisnéise agus láithreán oidhreacht ar iarraidh ón Aire (Cuid 3).
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla le haghaidh earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí agus forfheidhmiú na spriocanna sin a chinntiú, gníomhartha a mholadh atá le déanamh i gcás nach mbeidh na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú i gcás go n-iarrfar iad (Cuid 5).
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a bhunú agus a oibriú i ndáil leis an timpeallacht thógtha, na táirgí, na seirbhísí agus an teicneolaíocht faisnéise lena gcuirfear prionsabail an deartha uilíoch chun cinn ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas iad a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is mó is féidir:
- Ar an mbealach is neamhspleáiche agus is nádúrtha, agus
- Sa raon is leithne cásanna, gan aon ghá le hoiriúnú, le modhnú, le gléasanna cúnta ná le sainréiteach (Cuid 6).
- Sannadh tuilleadh feidhmeanna do ÚNM sa bhliain 2020 faoi I.R. Uimh. 358 de 2020, rud lenar trasúidh an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hinrochtaineacht Gréasáin. Is é ÚNM an comhlacht faireacháin chun críocha na Treorach agus chun críocha na Rialachán gaolmhar in Éirinn. Déanfaidh an comhlacht faireacháin faireachán tréimhsiúil ar an dóigh a mbíonn na ceanglais inrochtaineachta atá leagtha amach i Rialachán 4 á gcomhlíonadh ar na suíomhanna Gréasáin agus na feidhmchláir mhóibíleacha de chuid comhlachtaí earnála poiblí, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le toradh an fhaireacháin a rinneadh.
- Ghlac ÚNM ról breise chuige féin i ndáil le halt 10 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, sa bhliain 2021, arna iarraidh sin ag an Aire. D'ullmhaigh ÚNM tuarascáil maidir le hoibriú an Achta de réir alt 10 den chéanna, agus samhlaítear go n-ullmhóidh sé an tuarascáil sin ag eatraimh atá sonraithe san Acht as seo amach.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhrúithe na cuntasáíochta, ach amháin mar atá sonraithe thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir FRS 102. Is de réir mar a thagann siad i ngníomh a ghlactar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag comhlachtaí aitheanta cuntasáíochta. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige iad. Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le

míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Faigheann ÚNM deontas gach bliain ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, mar a fhoráiltear san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear Deontais ón Oireachtas.

Ioncam Eile

Cuimsíonn Ioncam Eile cistiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus sochair leasa shóisialaigh, ar nithe iad a aithnítear ar bhonn fabhrúithe. Cuimsíonn sé freisin cistiú deontais a fhaightear ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun na ceanglais tuairiscithe i ndáil le halt 10 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, a chomhlíonadh.

Tar éis don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir a eisiúint chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, cuireadh in iúl do ÚNM nach ndéanfaí Ioncam Cíosa a aicmiú mar ioncam eile a thuilleadh agus nach mór é a aistriú chuig an Roinn Airgeadais mar Fháltas Breise Stáitchiste.

e) Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoín, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach réadmhaoín, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom nó ar bhonn comhardaithe laghdaithe thar a saolré fhóna mheasta, mar a leanas:

- | | | |
|-------|--------------------------------------|--|
| (i) | Áitreabh Ruílse | 2.5% sa bhliain (Comhardú laghdaitheach) |
| (ii) | Daingneáin agus Feistis, Trealamh | 10% sa bhliain (Méid cothrom) |
| (iii) | Crua-earraí agus bogearraí ríomhaire | 20% sa bhliain (Méid cothrom) |

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

f) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitil (i.e., éadálacha).

g) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh ÚNM in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam

agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

h) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain. Cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn ÚNM scéim aoisliúntais sochair shainithe do bhaill foirne, rud a chistítear gach bliain ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ó ranníocaíochtaí foirne, ar ranníocaíochtaí iad a choinníonn an Roinn agus a chuirtear do shochar cuntais fionraí ar mhórleabhar Vóta na Roinne. Is ón gcuntas fionraí a íoctar teidlíochtaí cnapshuime le baill foirne atá ag dul ar scor agus is ó ioncam reatha a dhéantar íocaíochtaí míosúla pinsin le baill foirne atá ar scor.

Suas go deireadh na bliana 2021, tháinig 17 mball foirne faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íocann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Is ionann costais phinsin agus sochair phinsin a thuill fostaithe ÚNM agus iarfhostaithe an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, lena n-áirítear ranníocaíochtaí scéime aonair, nuair is cuí. Léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ar ranníocaíochtaí iad a choinníonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus a íoctar ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i gcás baill den scéim aonair). Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam, a mhéid is féidir í a aisghabháil. Fritháirítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is féidir a aisghabháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, de réir luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin ÚNM agus aon chistiú gaolmhar. Aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

i) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Feidhmeannas athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe saolré eacnamaíoch fhóna agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha. Tráth dhíscaoileadh an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, aistríodh saothar ealaíne dar luach iarmharach €1 chuig ÚNM.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) treorátaí costas cúram sláinte, an ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin iomchuí

2. Deontais ón Oireachtas

Is iad seo na Deontais ón Oireachtas a vótáiltear chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

	Nóta	2021 €	2020 €
Deontais le haghaidh caiteachas reatha	Vóta 40 – Fo-mhírcheann D03	4,696,122	4,029,788
		4,696,122	4,029,788

3. Costais Sochair Scoir

(a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

	2021 €	2020 €
Costais seirbhíse reatha	854,300	769,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	189,000	320,800
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(106,900)	(98,500)
	936,400	991,300

(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir sa bhliain airgeadais

	2021 €	2020 €
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 1 Eanáir	28,984,200	26,742,400
Costais seirbhíse reatha	747,400	670,500
Costais úis	189,000	320,800
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	1,226,100	1,934,400
Pinsin a íocadh sa bhliain	(561,200)	(683,900)
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 31 Nollaig	30,585,500	28,984,200

(c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn ÚNM na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir, bunaithe ar an tacar toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt eachtraí san am atá thart.

Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil do na scéimeanna sochair scoir a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚNM á léiriú nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le suimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

Ina theannta sin, i gcás baill den scéim aonair, foráiltear le halt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, d'íocaíochtaí pinsin a chistiú de réir mar a thagann siad chun bheith dlite trí íocaíochtaí a dhéanamh ón bPríomh-Chiste nó ó chistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Is mar a leanas a bhí an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

	2021 €	2020 €
Cistiú is in-aisghafa i leith chostais sochair scoir na bliana reatha	936,400	991,300
Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	(561,200)	(683,900)
	375,200	307,400

B'ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir ag an 31 Nollaig 2021 agus €30.5m (2020: €28.9m).

(d) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

Is socrú pinsean tuarastail deiridh lena ngabhann sochair shainithe í an scéim sochair scoir, ar ina leith a dhéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin reatha scéim “eiseamláireach” na hearnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb ionann í agus 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan aon laghdú achtúireach tráth a bhainfidh siad 60 bliain d’aois amach. Is gnách go n-athraíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le gluaiseachtaí ginearálta i dtuarastail eanála poiblí.

Glacann ÚNM páirt sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an scéim aonair) freisin. Is ionann an scéim sin agus scéim pinsean sochair shainithe d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Foráiltear leis an scéim do chnapshuim pinsin agus scoir a íoc bunaithe ar luach saothair inphinsin mar mheán gairme agus do phinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta pinsin (a mhéadaíonn de réir athruithe san aois pinsin Stáit). Áirítear leis an scéim saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d’aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í i mí na Bealtaine 2022, rud inar cuireadh ceanglais an chaighdeáin tuairiscithe airgeadais sin san áireamh chun na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2021 a mheas.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2021	2020
Ráta méadaithe i dtuarastail	4.0%	3.3%
Méaduithe Pinsin – Scéim aoisliúntais	3.0%	2.3%
Ráta lascaine	1.15%	0.65%
Ráta boilscithe	2.0%	1.3%
Méaduithe sa phinsean Stáit	2.0%	1.3%
Méaduithe pinsin – An Scéim Aonair	2.0%	1.3%

Mortlaíocht

58% den fhigiúr d’fhir i dTáblaí Saoil na hÉireann Uimh. 15, agus feabhsuithe ann (féach thíos).

62% den fhigiúr do mhná i dTáblaí Saoil na hÉireann Uimh. 15, agus feabhsuithe ann (féach thíos).

Déantar feabhsuithe iolraithe bliantúla ar rátaí blianachta – agus iad cothrom le 0.36% sa bhliain (Fir nach bhfuil pinsean céile acu), le 0.30% sa bhliain (Fir a bhfuil pinsean céile acu), le 0.30% sa bhliain (Mná nach bhfuil pinsean céile acu) agus le 0.25% sa bhliain (Mná a bhfuil pinsean céile acu) – do gach bliain idir an bhliain 2014 agus an bhliain ina dtiteann an gnáthdháta scoir.

Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil toimhdithe do bhail a bhainfidh an ghnáthaois scoir amach sna blianta 2022 agus 2042.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	2021	2041
Ionchas saoil – fear	21.5 yrs	23.1 yrs
Ionchas saoil – bean	24.1 yrs	25.5 yrs

4. Ioncam Eile

	2021	2020
	€	€
Leas Sóisialach	4,633	18,360
Cistiú Eile Deontais*	50,000	-
Ioncam Cíosa	-	52,016
Cistiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	15,208	120,203
	69,841	190,579

* Cistiú deontais Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

5. Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe

	2021	2020
	€	€
Taighde	224,786	220,394
Acmhainní Faisnéise	75,262	46,916
Dearadh Uilíoch a Chur Chun Cinn	33,122	63,849
Caighdeáin agus Treoirlínte	154,696	77,128
Comhdhálacha agus Seimineáir	8,677	29,440
Clár feasachta ar mhíchumas	101,372	81,604
An Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin	99,664	-
Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin*	6,424	-
	704,002	519,331

* Áirítear leis na costais seo Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin dar luach €4,964 agus Costais €1,460 a bhain le hábhar a dhéanamh Soléite agus a chur i mBéarla Simplí

6. Costais Riaracháin agus Oibríochtaí

		2021 €	2020 €
Luach saothair agus costais eile phá	6(a)	2,473,828	2,429,335
Forchostais agus feabhsuithe foirgnimh		120,947	127,655
Rátaí		13,385	54,431
Seirbhísí glantacháin agus tí		42,641	17,852
Táillí agus caiteachais an Údaráis	6(b)	52,463	57,244
Postas agus teileachumarsáid		15,651	15,531
Costais oifige		13,037	33,406
Leabharlann		38,891	32,812
Costais TF		142,925	134,668
Táillí gairmiúla		55,154	73,115
Táillí iniúcháireachta		21,100	17,600
Oiliúint foirne		55,513	37,250
Táillí earcaíochta		16,909	61,582
Comhairleacht		64,202	32,164
Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin		15,461	-
Fáilteachas		-	-
		3,142,106	3,124,645

(a) Luach Saothair agus Costais Eile Phá

	2021 €	2020 €
Tuarastail foirne (lena n-áirítear fabhrú pá saoire)	2,428,891	2,346,934
Pá ball foirne gníomhaireachta	44,202	76,621
Costais taistil agus chothaithe foirne	735	5,780
	2,473,828	2,429,335

Tá tuarastail foirne luaite glan ar an tsuim €98,467 a forchúitíodh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith beirt bhall foirne a bhí ar iasacht (2020- €39,563).

B'ionann agus 39 mball foirne (2020: 38 mball foirne) an líon iomlán ball foirne (CBL) a bhí fostaithe ag deireadh na bliana.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2021	2020
Less than	€59,999	24	25
€60,000	- €69,999	1	4
€70,000	- €79,999	6	3
€80,000	- €89,999	6	4
€90,000	- €99,999	0	0
Níos mó ná €100,000		2	2
An líon iomlán fostaithe		39	38

Maidir leis na sochair ghearrthéarmacha a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear tuarastail leo, ach ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo. Níor cuireadh aon sochair eile, amhail pá saoire, ar áireamh iontu.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le haon bhaill foirne i leith sochair ragoibre ná sochair foirceanta (2020: €0).

Luach Saothair an Stiúrthóra

Leagtar amach sa tábla thíos an tuarastal a íocadh sa bhliain 2021 agus an figiúr comparáideach don bhliain 2020 (an scála pá do Phríomhoifigigh Státseirbhíse (Ard)). Ní dhearnadh leis an Stiúrthóir aon íocaíocht eile de chineál pá le linn na bliana. Bhí athrú Stiúrthóra ann le linn na bliana 2020 tar éis dhul in éag an téarma conartha.

	2021 €	2020 €
Aideen Hartney (a ceapadh an 13 Iúil 2020)	111,367	51,140
Siobhán Barron (a d'éirigh as an 24 Iúil 2020)		70,506
	111,367	121,646

Tá pá an Stiúrthóra reatha bunaithe ar an scála pá do Phríomhoifigigh Státseirbhíse (Ard). Tá an Stiúrthóir ina ball den Scéim Pinsean Aonair agus ní théann a teidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Asbhaineadh €70,195 (2020: €71,477) ó bhaill foirne tríd an ranníocaíocht bhreise aoisliúntais, rud ar choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt (2020) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é. Ghlac an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais áit na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Is ranníocaíocht bhuan í, atá bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin.

6(b) Costais an Údaráis

Táillí agus Caiteachais Chomhaltaí an Údaráis

	2021 €	2020 €
Táillí an Údaráis	52,430	55,422
Caiteachais dhíreacha taistil an Údaráis	33	1,631
Caiteachais indíreacha taistil an Údaráis	-	-
Costais chomhdhála	-	191
	<hr/> 52,463	<hr/> 57,244

Áirítear le táillí an Údaráis suim €1,994 a bhaineann le ÁSPC ón bhfostóir (2020: €1,984).

7. Cuntas Caipitil

	2021 €	2020 €
Iarmhéid tosaigh	2,864,814	2,921,779
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	194,394	19,055
Suim a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainní	(84,630)	(76,020)
Aistrithe (chuig an)/ón Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim Iarmhéid deiridh	109,764	(56,965)
	2,974,578	2,864,814

8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Crua-earraí agus bogearraí ríomhaire €	Daingneáin agus Feistis, Trealamh €	Áitreabh Ruíse €	Iomlán €
Costas ag an 1 Eanáir 2021	26,556	135,611	4,474,208	4,636,375
Breiseanna	35,695	1,549	157,150	194,394
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2021	62,251	137,160	4,631,358	4,830,769
Dímheas ag an 1 Eanáir 2021	26,556	110,953	1,634,052	1,771,561
Muirear don bhliain	7,139	2,558	74,933	84,630
Ag an 31 Nollaig 2021	33,695	113,511	1,708,985	1,856,191
Glanluach Leabhar				
Ag an 1 Eanáir 2021	-	24,658	2,840,156	2,864,814
Glanghluaiseacht don bhliain	28,556	(1,009)	82,217	109,764
Ag an 31 Nollaig 2021	28,556	23,649	2,922,373	2,974,578

Cuireann an tÚdarás a chuid gnó i gcrích ó áitreabh atá lonnaithe ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is leis an Údarás an t-áitreabh sin. Níl aon réadmhaoin eile faoi úinéireacht ag an Údarás ná á léasú aige.

9. Easnamh/barrachas don bhliain

Mar atá tugtha faoi deara sna beartais chuntasaíochta, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear an deontas ón Oireachtas. Is ionann an deontas sin agus na hollíocaíochtaí a dhéanann an Roinn thar ceann ÚNM, agus é á fhritháireamh i gcásanna áirithe le fáltas a íoctar leis an Roinn. Is ar bhonn fabhrúithe a aithnítear ioncam agus caiteachas eile sna ráitis airgeadais. Mar sin, ní gnáthbharrachas/gnátneasnamh oibriúcháin é an barrachas/an t-easnamh ar an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach. Is féidir é sin a chur síos go príomha don difríocht idir cistiú airgeadbhunaithe agus caiteachas a dtugtar cuntas air ar bhonn fabhrúithe.

10. Suimeanna Infhaighte

	2021 €	2020 €
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige *	437,181	366,987
Réamhíocaíochtaí	88,958	19,008
Féichiúnaithe Eile	41,905	94,708
	568,044	480,703

* Íoctar costais cnapshuimeanna pinsin ó chuntas sonrath/cuntas fionraí atá á shealbhú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ón 1 Samhain 2020 i leith tar éis aistriú feidhmeanna ón Roinn Dlí agus Cirt. Coinníonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na ranníocaíochtaí aoisliúntais ó gach ball foirne agus cuireann sí iad do shochar an chuntais sin ar bhonn coicísiúil. Is ar an gcuntas sin a mhuirearaítear na híocaíochtaí cnapshuime a dhéantar le linn na bliana. Is ionann an t-iarmhéid anseo agus an tsuim a sealbhaíodh sa chuntas ag an 31 Nollaig 2021.

11. Suimeanna iníochta – suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2021 €	2020 €
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Creidiúnaithe eile	4,031	116,614
Fabhrú pá saoire	139,679	117,820
Táille iniúcháireachta	19,350	17,600
Fabhrúithe eile	28,848	113,897
	191,908	365,931

12. Suimeanna iníochta – suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin

Is é atá san fhigiúr ‘Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin’ ná suim €10,000 (2020: €10,000) atá á sealbhú mar earlais cíosa i leith an chomhaontaithe léasa do chuid den réadmhaoin a shealbhaítear ag 25 Bóthar Chluaidh.

13. Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta) an Stiúrthóir agus triúr Ardbhainisteoirí. B'ionann agus €395,024 (2020: €410,486) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta), gan ÁSPC ón bhfostóir a áireamh.

B'ionann táillí chomhaltaí an Údaráis agus €52,430 (2020: €55,422). Féach Nóta 6 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis na baill foirne uile, lena n-áirítear an Stiúrthóir. Tá na híocaíochtaí a rinneadh le comhaltaí an Údaráis nochta sa Ráiteas Rialachais.

14. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Údaráis. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh ÚNM deontais a cheadú nó socruithe conartha eile a dhéanamh le heintitis a bhfuil comhaltaí den Údarás fostaithe iontu nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. I gcásanna coinbhleachta féideartha leasa, ní fhaigheann comhaltaí den Údarás aon doiciméid Bhoird agus ní fhreastalaíonn siad ar aon díospóireachtaí maidir leis na hidirbhearta sin. Coinnítear clár lena gcumhdaítear gach cás den sórt sin, rud atá ar fáil ach é a iarraidh.

Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí den Údarás iontu.

15. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

Tráth cheadú na ráiteas airgeadais, tá ionchas réasúnach ag ÚNM go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun leanúint lena chuid oibríochtaí. Ar an gcúis sin, leanann ÚNM le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Rinne paindéim Covid-19 difear don dóigh a n-oibríonn ÚNM. D'oibrigh gach ball foirne as an láithreán agus atreoraíodh acmhainní chun impleachtaí na paindéime a bhainistiú le linn na bliana 2021. Rinneadh amhlaidh ach amháin le linn tréimhse sé seachtaine inar triailleadh samhail oibre cumaisc, sular eisíodh treoir sláinte poiblí i mí na Samhna 2021 á moladh go bhfillfí ar an gcianobair nuair ab fhéidir. Is ó chistiú deontais a thagann ioncam ÚNM, agus leanadh leis an gcistiú sin a fháil le linn na paindéime. Mar sin, ba lú tionchar airgeadais a imríodh orainn ná an ceann sin a imríodh ar thionscail a bhí dúnta nó a raibh aschur teoranta acu.

16. Ceadú na ráiteas airgeadais

Rinne Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais na ráitis airgeadais a cheadú an XXXX 2022.

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2021

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*
Ruthann LaMalfa**	Comhalta	Iúil 2014*
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*
Deaglán Ó Briain	Comhalta	Nollaig 2014*
Aisling Glynn	Comhalta	Meitheamh 2017*
Jack Kavanagh	Comhalta	Lúnasa 2018
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018
Martha Griffin	Comhalta	Lúnasa 2018
Deirdre O'Connor	Comhalta	Iúil 2014*
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018
Niamh Fawl	Comhalta	Eanáir 2021

*Comhaltaí den Údarás atá ag cur dara téarma isteach.

**D'éirigh an comhalta den Údarás as i mí Iúil 2021. Líonfar an folúntas sin sa bhliain 2022 mar chuid de mhórphróiseas nua ceapacháin agus athcheapacháin de chuid an Údaráis.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Name:	Role:	Appointment Date:
John Fitzgerald	Cathaoirleach	Márta 2017*
Teresa McDonnell	Comhalta	Iúil 2014*
Tony Fitzpatrick	Comhalta	Meitheamh 2017*
Cathal Morgan	Comhalta	Lúnasa 2018
Kathryn O'Donoghue	Comhalta	Lúnasa 2018
Tim Maverley	Comhalta	Lúnasa 2018
John Maher	Comhalta	Lúnasa 2018

*Comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

An Coiste Airgeadais

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:
Kathryn O'Donoghue	Cathaoirleach	Lúnasa 2018
Ruthann LaMalfa**	Comhalta	Iúil 2014*
Pat Fitzsimons	Comhalta	Iúil 2014*
Harry McGeary	Comhalta	Lúnasa 2018
Damian Gordon	Comhalta	Lúnasa 2018
Brian Callanan	Comhalta	Lúnasa 2018

* Comhaltaí den Choiste Airgeadais atá ag cur dara téarma isteach.

** D'éirigh an comhalta den Choiste Airgeadais as i mí Iúil 2021. Líonfar an folúntas sin sa bhliain 2022 mar chuid de mhórphróiseas nua ceapacháin agus athcheapacháin de chuid an Údaráis.

An Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:
Helen Guinan	Cathaoirleach	Iúil 2014*
Deirdre O'Connor	Comhalta den Údarás	Iúil 2014*
Jack Kavanagh	Comhalta den Údarás	Lúnasa 2018

* Comhaltaí den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra atá ag cur dara téarma isteach.

An Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca

Ainm:	Ról:	Dáta Ceapacháin:
Tim Maverley	Cathaoirleach	Lúnasa 2018
Pat Fitzsimons*	Comhalta	Iúil 2014*
An Grúpa Ardbhainistíochta		

* Comhalta den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2021

Coistí Comhairleacha Rannacha

Is ann do dheich gCoiste Chomhairleacha Rannacha, a gcuirtear de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, go háirithe na gníomhartha ar leith den Straitéis atá leithdháilte ar an Roinn ar leith sin. Tá siad comhdhéanta d'oifigigh roinne/ghníomhaireachta, d'ionadaithe do ÚNM, de bhaill de Ghrúpaí Geallsealbhóirí Míchumais agus, ina lán cásanna, d'ionadaithe d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, agus is gnách go dtagann siad le chéile ceithre huair sa bhliain. Tá siad mar a leanas:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Iompair
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais
- Ball de Ghrúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta
- Ball den Ghrúpa um Fhostóirí ar son an Athraithe
- Ball d'Fhoireann Tionscadail na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Ball de Ghrúpa Cur Chun Feidhme Trasearnála na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Ball d'Fhóram Chigireacht Luathbhlianta TUSLA

An Roinn Oideachais agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball d'Fhóram Comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Ball d'Fhochoiste Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball de shainghrúpa athbhreithnithe oiliúna SOLAS
- Ball de Choiste Comhairleach Teicniúil Náisiúnta SOLAS don Straitéis 10 mbliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach d'Aosaigh

An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball de Ghrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme FSS um Threonna Nua
- Ball den Ghrúpa Formhaoirseachta um Buiséid Phearsantaithe a Chur Chun Feidhme
- Ball de Ghrúpa Oibre 2 de chuid an Chláir um Shaolta a Bhunathrú
- Ball de Ghrúpa Oiliúna FSS um Sheirbhísí Míchumais a Chur ar Aghaidh
- Ball de Chreat-Ghrúpa FSS um Thorthaí Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Teaghlaigh a Chur ar Aghaidh
- Ball de Ghrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme FSS um Threonna Nua
- Ball de Ghrúpa Stiúrtha FSS um an mBeartas i leith Toiliú le Taighde
- Ball de Choiste an Bhoird Taighde Sláinte um an gCóras Tacaí Cumais Náisiúnta
- Ball de Choiste Teicneolaíochta Digití agus Cúnta FSS
- Ball de Ghrúpa Comhairleach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá ag forbairt Caighdeáin Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- Ball de Ghrúpa Comhairleach Caighdeán Náisiúnta an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá ag forbairt caighdeán náisiúnta le haghaidh seirbhísí sóisialta do leanaí
- Ball d'Fhoghrúpa FSS um an gCreat le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine a Chur Chun Feidhme
- Ball de Choiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta ar an Athbhreithniú ar Chuid B: Sábháilteacht Dóiteáin
- Ball de Phainéal Sainghrúpa an Choiste Stiúrtha Náisiúnta Cur Chun Feidhme agus Faireacháin um an bhFís a Chomhroinnt

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- An Grúpa Faireacháin ar an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas a Chur Chun Feidhme
- An Foghrúpa um an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Grúpa Comhairleach um an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Grúpa Oibre um Vótáil Míchumais
- Fóram Geallsealbhoirí Uisce Éireann
- An Grúpa Oibre ar Shaoráid Áiteanna Feistis a sholáthar

Eile

- Ball d'Fhóram Scileanna Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath
- Ball de Choiste Stiúrtha IDS-TILDA (An Forlíontán Míchumais Intleachta a ghabhann le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú);
- Ball de Choiste Comhairleach an Gharda Síochána um Chearta Straitéiseacha an Duine
- Coiste Comhairleach an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maidir le Caighdeáin Deartha Uilíoch (NSAI TC023) agus a fhochoiste agus a ghrúpaí oibre
- Coistí Teicniúla an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN): CEN TC452 (agus a ghrúpaí oibre (WGanna)), CEN TC320, CEN TC228 WG14, CEN TC 293 WG12
- Comhairle Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2021

- Plean Straitéiseach 2022-2024
- Tuarascáil Bhliantúil 2020
- Airteagal 25 de UNCRPD: An Ceart chun Sláinte
- Airteagal 6 de UNCRPD: Mná faoi Mhíchumas
- Moving In, Moving On: Meastóireacht ar thorthaí agus costais na samhlacha comhchónaithe agus pobail seirbhíse san earnáil míchumais
- Comhairle beartais ÚNM maidir leis an soláthar athshlánúcháin gairme in Éirinn
- Eispéiris leis an tacaíocht don fhilleadh ar an obair i measc daoine a bhfuil míchumas faighte nó riochtaí faighte orthu
- Disability, Work and Inclusion in Ireland: Engaging and supporting employers⁴
- Identification of skills gaps among persons with disabilities and their employment prospects⁵
- Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2019
- Eispéiris na mBan faoi Mhíchumas ina nAistear trí Sheirbhísí Máithreachais in Éirinn
- Measúnú Neamhspleách ÚNM ar Chur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2020
- An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta: Measúnú Deireadh Bliana ÚNM 2020
- Bainistíocht Foirne agus Athruithe: Dea-Chleachtas san Aistriú chuig Seirbhísí Míchumais Cónaithe Pobail
- Lockdowns Unlock Innovation: Athbhreithniú ar na nuálaíochtaí agus na hoiriúnuithe a dhéanann difear do dhaoine faoi mhíchumas agus a d'éascair as srianta COVID-19
- Achoimre ar an gComhairliúchán dar teideal 'Atógáil chun Feabhais tar éis Phaindéim COVID-19'
- Ár dToghcháin a Chruthú 2021: Smaointe ó Imeacht Ransaithe Smaointe "The Big Think" de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais
- Alt don foilseachán 'Legal Ease' de chuid an Bhoird um Chúnaimh Dílíthiúil
- Iniúchadh Insiúltachta ar Chill Rois, Co. an Chláir
- An líon measta daoine a d'fhéadfadh Leithris is Áiteanna Feistis in Éirinn a úsáid

⁴ Arna choimisiúnú ag ÚNM agus arna fhoilsiú ag ECFE

⁵ Arna fhoilsiú i gcomhpháirt leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Aguisín 4: Páipéir chomhairle beartais sa bhliain 2021

Áiríodh na nithe seo leis na páipéir chomhairle beartais agus na haighneachtaí a chuireadh chuig comhairliúcháin iomchuí ar sheol an rialtas agus comhlachtaí poiblí iad:

- Páipéar comhairle beartais maidir leis an soláthar athshlánúcháin gairme in Éirinn
- Páipéar comhairle beartais maidir le cur chun feidhme UNCRPD
- Páipéar comhairle beartais maidir le Tacú le Leanaí faoi Mhíchumas a Chur ar Áireamh i gCúram Príomhshrutha Leanaí ar Aois Scoile
- Aighneacht maidir leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna
- Aighneacht chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Míchumais 2022-25- ar aschur é ón Athbhreithniú ar an Éileamh ar Chúram Sóisialta Míchumais agus ar Cheanglais Acmhainne go 2032
- Aighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar an Reachtaíocht um Chomhionannas
- Aighneacht maidir le Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ
- Aighneacht chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart maidir le Cúirteanna agus Tithe Cúirte
- Aighneacht maidir leis an mBille um Bás Dínitiúil
- Aighneacht maidir leis an gCéad Tuarascáil Stáit is Páirtí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas
- Aighneacht maidir leis an Obair Sholúbtha
- Aighneacht maidir leis an gCianoibriú
- Aighneacht maidir leis an mBille um Athchóiriú Toghcháin
- Aighneacht maidir le Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Aighneacht maidir leis an Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe
- Aighneacht maidir le Ráiteas Beartais agus Plean Gníomhaíochta “Tithíocht do Chách”
- Aighneacht maidir leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Aighneacht maidir leis an Treoir ar Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe
- Aighneacht maidir le Todhchaí an Cheartais Teaghlaigh
- Aighneacht maidir leis an gCiste Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta
- Aighneacht maidir le hOibriú an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015
- Aighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar Rialacha Príosúin 2007
- Aighneacht maidir le Ráiteas Straitéise Oifig an Ombudsman 2022-2024
- Aighneacht maidir leis an Dara Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

- Aighneacht maidir leis an reachtaíocht chun an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001, a leasú
- Aighneacht maidir leis an dréacht-Tuarascáil Stáit ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
- Aighneacht maidir leis an bPlean Rochtana Náisiúnta 2022-2026 ón Údarás um Ard-Oideachas
- Aighneacht chuig an Údarás Póilíneachta maidir le Tosaíochtaí Póilíneachta
- Aighneacht maidir leis an dréachtscéim ghinearálta chun na hAchtanna Meabhair-Shláinte, 2001-2018, a leasú
- Aighneacht maidir le Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána
- Aighneacht chuig an Údarás Rialála Seirbhísí Díl maidir le bacainní ar iontráil i ngairmeacha



nda

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4
Teileafón: (01) 608 0400
Facs: (01) 660 9935
www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách stáit a sholáthraíonn comhairle shaineolaíoch don Aire maidir leis an mbeartas míchumais agus le cleachtais mhíchumais agus a chuireann Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.